



Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo

Tá sé fíor éasca dul i
dteagmháil linn anois ag an
gComhar Creidmheasa.

Bí i dteagmháil linn ar

- Viber
- WhatsApp.

ag an uimhir seo: 086-8484751

nó

cuir glaoch ar 091-593421

nó

buail isteach go dtí
Oifig an Chnoic nó Oifig na
Ceathrún Rua.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag ár
suíomh gréasáin
www.cccholmcille.ie
agus ar ár leathanach facebook.

Uaireanta Oscailte

An Cnoc

Dé Luain, Dé Máirt 10:30 - 4:00
Déardaoin, Dé hAoine 10:30 - 5:00
Dé Sathairn 9:30 - 2:30
Dúnta don lón ón
1:45 - 2:30 Luan go hAoine


An Cheathrú Rua

Déardaoin 10:30 - 5:00
Aoine 10:30 - 5:00
Dé Sathairn 10:30 - 2:30
Dúnta don lón ón
2:00 - 2:45 Luan go hAoine

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo., An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: (091)593421. Faics: (091) 593089. R-phost: ccccte@eircom.net Idirlíon: cccholmcille.ie

Teil: (091)869915 - oifig na Ceathrún Rua | nó tuilleadh eolais le fáil ar



Biseach 2017

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige



Taobh Istigh:

Comóradh an 'Mine';
Príomhfheidhmeannach nuacheaptha an Údaráis;
Cois Fharraige caoga bliain ó shin;
Acmhainní nádúrtha an cheantair;
Píosaí staire faoin gceantar;
Muirísigh an Spidéil;
An Teach Mór; Seanphictiúir; Spórt;
Ócáidí agus go leor eile.

€5

Gaeilge.ie



GEATA CHUN NA GAEILGE
GATEWAY TO THE IRISH LANGUAGE

 Foras na Gaeilge

BAILE ÁTHA CLIATH · BÉAL FEIRSTE · RÁTH CHAIRN · GAOTH DOBHAIR

www.forasnagaeilge.ie



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na
hOllscolaíochta Gaeilge

Ollscolaíocht trí Ghaeilge

Seo do sheans cáilíocht a bhaint amach,
le cúrsaí ar fáil go lánaimseartha,
páirtaimseartha agus ar bhonn modúil
i réimse leathan ábhair.

www.oegaillimh.ie/acadamh



An Clár

Ábhar	Lch.
Cuimhneachán an 'Mine' 2017-10-27	3
Seanscoileanna	9
Cois Fharraige 50 Bliain ó shin sna nuachtáin	11
Príomhfheidhmeannach an Údaráis	17
Acmhainní Nádúrtha Chois Fharraige	21
Cumann Béaloideas Chonamara	23
Liam Ging	25
Muintir Mhic Giolla Phádraig	27
I gCuimhne an tSiopadóra	35
Muintir Thuathail agus Durkin	37
Muirisigh an Spidéil	39
Mo Chuimhne ar an Teilifís Bradach	43
Gasúir i Seanscoil Sailearna	45
An Battery i Ros an Mhíl	49
Go Kilimanjaro	51
Peadar Mac Fhualáin, RIC	53
Club Foghlaimeoirí Gaeilge	55
Aistí faoi Logainmneacha Áitiúla	56
Cláir na Teorann	59
An Club Óige	60
Sacar i gCois Fharraige	61
Cumann Liathróid Láimhe	62
Cuid d'Fhoirne an Chumainn	65
Blianta Tosaigh CMB	67
Pictiúir Phósta	68
Scoileanna sa gCeantar	70

Focal Buíochais

Míle buíochas don uile dhuine a chuidigh leis an eagrán seo de Bhiseach a chur i dtoll a chéile: Donncha Ó hÉallaithe agus an Coiste Eagarthóireachta ar a raibh Breandán Ó Tuairisg, Lochlainn Ó Tuairisg, Ruaidhrí Ó Tuairisg, Sarah Ní Chonghaile, Máire Ní Fhlathartaigh agus Máirín Mhic Lochlainn; an lear mór daoine a chuir ábhar agus pictiúir ar fáil go flaithiúil agus go deonach; an lucht gnó a bhí chomh flaithiúil lena bhfógraí; Micheál Ó Conghaile agus Clódóirí CL Print a rinne an leagan amach agus an clóbhualadh, agus focal buíochais ar leith dá ndearthóir, Tom Hunter, as a dhúthracht le dearadh na hirise; an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta a thug cabhair dheontais don iris; agus chuile dhuine eile a chuidigh le Biseach 2017a thabhairt go ceann scríbe.

Seosamh Ó Braonáin, Eagarthóir

Pictiúr ar an glúdach:

An slua ag déanamh a mbealach síos Boithrín na Seáin go dtí An Trá Salach do Chomóradh an Mine [pic. Seán Ó Mainnín]

© Cóipcheart ag údair na saothar amháin



**An Roinn
Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta**
**Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht**

Foilsithe le cabhair ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Biseach 2017

Teorannacha na Gaeltachta & Pleanáil Teanga

Tá an cuma ar an scéal nach mbeifear in ann Plean Teanga Chois Fharraige a chur i bhfeidhm ina iomláine ceal dóthain maoinithe. Plean cuimsitheach uailmhianach agus ilghnéitheach a réitíodh leis an nGaeilge a bhuanú mar theanga pobail i gCois Fharraige. Tá an chuma ar an scéal anois nach bhfuil Roinn na Gaeltachta sásta idirdhealú a dhéanamh idir ceantair Ghaeltachta, cosúil le Cois Fharraige, ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid go forleathan i measc an phobail, agus ceantair 'Ghaeltachta' inar tháinig deireadh le húsáid laethúil na Gaeilge glún nó dhó ó shin.

Eascaíonn an fhadhb seo ó dhiúltú an státchórais deireadh a chur leis an gcur i gcéill a bhaineann le teorannacha na Gaeltachta. Níl fhios cé mhéad uair a fógraíodh thar na blianta go ndéanfaí critéir shoiléire teangeolaíocha a leagan síos don Ghaeltacht. Caitheadh airgead mór faoi dhó le tuarascáil ó Choimisiún na Gaeltachta (2002) agus leis an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch (2007) le tíocht aníos le critéir theangeolaíocha ar a mbeadh aitheantas Gaeltachta ag brath. Ach nuair a cuireadh na critéir ar fáil don státchóras, níor chaill oiread is baile fearainn amháin aitheantas Gaeltachta agus leanadh ar aghaidh leis an gcur i gcéill. Níos measa fós, táthar le go leor airgid poiblí a chur amú ar phleanáil teanga i gceantair nach bhfuil aon Ghaeilge iontu le chaomhnú ná le sábháil.

Tá teorannacha na Gaeltachta chomh mór as riocht anois is go bhfuil níos mó daoine (3 bl.+) ina gcónaí 'sa Ghaeltacht' i gCathair na Gaillimhe (15,127) ná mar atá i nGaeltachtaí na Mumhan ar fad curtha le chéile (13,963), creid nó ná creid. Dá mbeadh toghchán daonlathach ann le daoine a roghnú ón bpobal le dul ar Bhord Údarás na Gaeltachta faoi láthair, bheadh níos mó vótaí i gCathair na Gaillimhe as féin ná mar a bheadh i gConamara Theas ar fad.

I mí Aibreán 2012, tháinig an tAire Stáit Ghaeltachta, Dinny McGinley, go Cois Fharraige go speisialta leis an scéim pleanála teanga sa Ghaeltacht a fhógairt. B'é seo an ré dóchais nua ón stát! Ag an am, dúirt sé go ndéanfaí sainmhíniú ar limistéir Ghaeltachta 'bunaithe ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéir thíreolaíocha' i mBille na Gaeltachta 2012. A mhalairt a rinne a Roinn. Dhaingnigh Acht na Gaeltachta 2012 na teorannacha Gaeltachta a leagadh síos in 1956, a thugann an stádas oifigiúil céanna Gaeltachta do na heastáit tithíochta i dTír Oileáin ar imeall Chathair na Gaillimhe is atá ag Tír an Fhia i gCeantar na nOileán; agus a fhágann an stádas céanna ag Baile an Chláir is atá ag Baile na hAbhann anseo i gCois Fharraige. Níl dóthain airgid le cur ar fáil le pleanáil teanga ceart a dhéanamh i dTír an Fhia ná i mBaile na hAbhann, mar deirtear linn go gcaithfear caitheamh go cothrom le gach ceantar Gaeltachta, is cuma an bhfuil Gaeilge á húsáid iontu nó nach bhfuil.

An bhfuil aon pholaiteoir ó aon pháirtí polaitíochta sásta tíocht amach go poiblí agus a rá go bhfuil sé thar am teorannacha na Gaeltachta a athshocrú ar bhonn teangeolaíochta, sa chaoi is go bhféadfar na hacmhainní atá ar fáil ón státchiste a dhíriú ar phleananna teanga a chur i bhfeidhm sna ceantair ina bhfuil an Ghaeilge á húsáid iontu, seachas a bheith á roinnt go cothrom ar gach pobal le haitheantas Gaeltachta, is cuma an bhfuil nó nach bhfuil aon Ghaeilge á húsáid iontu. Ní cothromaíocht é seo ach dearg sheafóid.

Donncha Ó hÉallaithe

Cumann Forbartha Chois Fharraige



TG4



TG4tv



TG4tv



TG4tv



TG4tv



Féach Beo nó aon uair,
ar fud an Domhain



tg4.tv



SmartTV App



iPad App

Cuimhneachán an ‘Mine’ 2017

Curtha le chéile ag Mairéad Ní Chonaola d'Iris Aniar, Raidió na Gaeltachta

“L á uaigneach, a dúirt Pádraig Willie”, nuair a bheannaigh muid dá chéile taobh amuigh den Phoitín Stil, trathnóna Déardaoin, an 15ú Mheitheamh, Lá Cuimhneacháin an Mine. Bhí deora troma sillte ag na spéartha o mhaidneachan lae. Lá salach. “Timpeall an ama seo, a dúirt sé, “céad bliain ó shin, lá salach gruama a bhí ann.”

Bhairbre, Seán William, Seán Marcais agus Seán, seanathair Joe Dan. Faoi bhrat na hÉireann is brat an Bhreathnaigh thug tionlacan cheol na bpíob sios go dtí an Trá Salach muide nach ndeachaigh ar an mionbhus, ait an tsléachta is an áir céad bliain ó shin. Suite go maorga ar aghaidh na farraige tá leacht omóis faoi chúram na Croise Ceiltigh athchóirithe agus athmhaisithe agus ainm an naonúr fear greanta go grámhar air.

Agus a chúl leis an bhfarraige cheiliúr an misinéir, an tAthair Steve Ó Donnchadha, fear na háite, an t-aifreann naofa. Thug a ghlór agus binneas a chumas teangan faoiseamh dúinn agus é ag nascadh tubaist mhine thrá na Seáin leis na mines atá ag deanamh scrios fós go domhanda de bharr cogaíochta. Agus nach iontach an cur síos a rinne sé ar mhianach, stuaim, slí bheatha agus misneach mhuintir an cheantair céad bliain ó shin. Coinnle lasta ‘sna laindéir tugtha chun na haltóra ag na gaolta, coinnle na gcuihnní, coinnle na ndeor, coinnle an dóchais. Agus píosa sách trom den mhine i mbosca beag, coirithe don ócáid ag Breandán Mairtín Mór Ó Tuairisg. Cór Aithnín mar chór na naingeal... ag ardú ár n-impí, ár ndúchas is ár ndóchas chun Dé agus fos ár gcroí againn mar a fógraíodh sa gcéad léacht go bhfuil anamacha na bhfíréan i lámh Dé agus ní chráfar choíche iad.

Agus níor dearmadadh an fear a tháinig slán, slán a deir tú, sea chomh slán is a d’fhéadaí bheith tar éis a leithéid de thragóid. Bóithríní an Locháin ráite go dúchasach, agus maorgacht an trumpa ag tabhairt omóis is urraim ag an ócáid ríthábhachtach ag chur tús le cuimhneachán shléacht agus áir an mhine céad bliain ó shin.


Flaithiúlacht is fáilte sa bPoitín Stil, comharsana, cairde, fr, mná is paistí i gcaint agus i gcomhrá. Trathnóna Dé hAoine d’fháiltigh Cór Chois Fharraige, Páidín Ó Raifeartaigh agus na Ceannabháin Bhána romhainn go spleodrach meidhreach thíos ar an Trá Mór. An slua mór bailithe ag faire is ag fanacht. Léiriú drámatúil ag cliar áitiúil.

Gnáth-thrathnóna céad bliain ó shin, fr agus déagóirí le cladach i mbun a gcuid oibre, ag sábháilt fheamainne is ag iascach sa gcurrach, ag cuartú raice, adhmaid, ola, fuisce, nó corphíos rópa. Iad ag spochar, ag argóint is ag gáirí. Gnáth-thrathnóna ar chladach Chois Fharraige céad bliain ó shin.

Agus go tobann mheall an raic mór dubh iad. Bairille mór dubh ar bharr uisce, an t-iontas is mó a bhí feicthe le tamall. Gnáth-thrathnóna is iad ar an gcladach ag faire ar raic. Tharraing siad isteach é, le hiontas, le sceitimíní agus le fosracht. Cur is cúiteamh. Is dóighe gur cheap siad go raibh

‘gaoth na féile’, an ghaith aniar aneas ina bhfábhar. (Ruairí Ó Flaithbheartaigh) Toirtín breá, ach mo léan toirtín bréige mar glaotar sna scéalta anois air. (R O Fl)

Mo léan is mo bhrón tharla an phléasc a d’fhág na fr bhreátha i mbláth a n-óige, ina smidiríní, ina *unidentified fragments* mar deirtear sa gcuntas. Rinneadh cladach dearg den Trá Salach a deireann Joe Steve ina dhán nuacheaptha... *De réir mar a chuala mé.* Sea, athléiriú drámatúil, scáthán de chéad bliain ó shin, a thug deis ainm na bhfear a ghairm is a chomóradh, iad greanta ar Chláiríní Naofa agus á n-iompar go hómósach ag ógánaigh an cheantair, gar dá gcroí. A n-ainmneacha fógraithe go maorga is deis againne iad a chaoineadh is a chomóradh go poiblí mar phobal. Cór Chois Fharraige gléasta i ndath an dobróin ag ofráil a gcaointe. Daoine óga agus a gcinn íslithe acu ag siúl bhóithrín an bhróin is an bhróid ar an ngeamh mín ar an Trá Salach. Scéal an fhir a d’éalaigh inste. Ní raibh a lá caite. Athchóiriú gairmiúil



An tAthair Steve Ó Donnchadha



An Coimisinéir Teanga



www.coimisineir.ie

An Spidéal, Gaillimh, Éire

FÓN: 091 504 006 / 1890 504 006

RÍOMHPHOST: eolas@coimisineir.ie

 [@ceartateanga](https://twitter.com/ceartateanga)

Ag cosaint cearta teanga

gonta, smaointeach, ag múscailt bróid is uaigneas croí ionainn. Eacht eile déanta ag Fíbhín, an comhlacht drámaíochta Gaeilge is mó agus is gníomhaithe in Éirinn agus iad lonnaithe inár measc. Bhí togha an chliar áitiúil acu.

Bhí leabhar breá téagarach réidh le seoladh ar an Satharn, curtha in eagar ag an bhfear cumasach sin Lochlainn Ó Tuairisg in achar ama an-ghearr. Eagarthóir le Cló Iar-Chonnacht é Lochlann. Taighde déanta aige sa stair agus sa mbéaloideas. *I Leabhar Mór na nAmhrán* (Cló Iar-Chonnacht 2013) a chas a ainm ar dtús orm. Nuair a fheicfeas tusa an leabhar tuigfidh tú an t-éacht atá déanta ag Lochlainn. Mar a deireann cathaoirleach Chumann Fhorbartha Chois Farraige agus cnámh droma an tionscnamh seo chomh maith le go leor tionscnaimh eile, Donncha Ó hÉallaithe, sa réamhfhocal, “Tá scéal na tubaiste sa leabhar seo ina chuid lárnach de stair Chois Fharraige...ar fáil anois don ghlúin óg agus do na glúnta atá le teacht...agus i mBrollach an leabhair cuireann Padraig Mac Diarmada, cathaoirleach an Choiste Cuimhneacháin, spiorad an leabhair is an chomóradh i gcúpla focal, *i dteannta a chéile is fearr sinn...* i dteannta a chéile bhí siad ag seoladh an leabhair, Gormfhlaith Ní Thuairisc, Seán Mháirtín Mhóir Ó Tuairisg, fear a rinne agallamh do Raidió na Gaeltachta le Joe Hughie fadó, Joe Hughie, sin an fear a thug na cosa leis céad bliain ó shin, ach a d’iompair píosa den mhine in íochtar a chnámh droma, fear a d’fhulaing go ndeachaigh sé faoin bhfód in 1984, agus Máirín Joe Shéamuis. Sin iad an buíon chabhrach do bhreith seoid seanachais, béaloideas, logainmneacha, seanachas, scéalta, stair, seanphictiúir, dánta nuachumtha, amhráin, ábhar cainte is comhrá, ábhar do scoláirí is do lucht léinn. Ábhar seanachais cois tine ag breathnú ar na seanphictiúir. Nach orainn atá an t-ádh a leithéid d’oidhreacht a bheith againn. Seolta go pearsanta



Amhránaithe den scoth, Caitlín Ní Chúlain agus Róisín Elsafty, i measc an tslua

agus go cumasach ag an mbuíon chabhrach.

Seó beo oíche Dé Sathairn i Seanscoil Shailearna in Indreabhán, faoi stiúir Josie Choilí Óg Ó Cúláin agus Pádraig Mac Diarmada ina fhear an tí. Bail ó Dhia is ó Mhuire ar an mbeirt acu agus go bhfága Dia a sláinte acu. Tá mé fós faoi dhraíocht an tseó sin. Mheall atmaisféar dorchá an stáitse isteach mé ag torraimh. Bhrath mé go raibh an naonúr fear agus a muintir thart orm tríd an gceol sean agus nuachumtha, sna hamhráin sean, nuachumtha agus nuachóirithe, sa Staicín Eorna, sna dánta cumtha don ócáid. Bhí an taispeantas pictiúr agus eolais faoi na fr a bhí muid a chomóradh, thar barr.



An slua le chéile ag Reilig an Bhóthair Mhóir [pic. Seán Ó Mainnín]

Gach eolas do phobal na Gaeilge & na Gaeltachta

Féilire Imeachtaí • As Na Nuachtáin • Ciorcail Chomhrá
Folúntais & go leor eile



Aip ar fáil anois:



App Store



Google play



Ar chláraigh tú don nuachtlitir laethúil go fóill?

Eagraithe ag:



Maoinithe ag:



Foras na Gaeilge



- Ciorcal Comhrá
- Seomraí Ar Cíos
- Campaí Samhraidh
- Oícheanta Sóisialta
- Ionad Saor-Chomhairle Dlí
- Grúpa Tuismitheoirí & Leanaí
- Ranganna Damhsa ar an Seán-Nós



Conradh na Gaeilge

Fóram phobal na Gaeilge
Áras na nGael, 45 Sráid Doiminic
Lárionad na Gaeilge i nGaillimh

www.cnag.ie | +353 (0)91 567824 | gaillimh@cnag.ie

Fanfaidh cóiriú agus insint Scéal an Mhine a chuir déagóirí Chlub Óige Lurgan go doimhin i mo chroí go deo. Faighim deacair focla a chur air an gcur i láthair. Bhí aisteoireacht den scoth ann, Gaeilge bhinn bhlasta, muinín, ceol croíúil, éagsúlacht, samhlaíocht, cultúr. Sea, dúchas, dóchas agus spioradáltacht fte fuaithe.

Na coinnte lasta ag teacht inár dtreo, ainmneacha fhir an áir á ngairm le huaisleacht. Múchtar na coinnte ceann i ndiadh ceann. Tá muid tarraingthe isteach sa scéal acu go healaíonta.

Tá an duais is airde sa tír nó san Eoraip tuillte acu seo agus b'fhéidir go bhfuil sé faighte cheana fhéin acu i ngan fhios dom. Agus b'fhéidir gurb é an deis a fuair siad a bheith lárnach san seó seo an duais is mó ar fad. Nár laga Dia iad féin agus a muintir a thug cúnamh, tacaíocht agus fuinneamh dóibh. Ní gá aon imní a bheith orainn faoi thodhchaí na Gaeilge i gCois Fharraige. Mol an óige is tiocfaidh sí.

Bhí maidin De Domhnaigh salach ach scal an ghrian de réir a chéile. Bhí slua breá ag bailiú ag Reilig an Bhóthair Mhóir de réir a chéile. Bhí an cuirtín déanta agus réidh ag Máirín Chóil Tom agus crochta taobh istigh de gheata na reilige, ag clúdach is ag foscadh an chuid nua den scéal. Threoraigh Breandán is Pádraig síos muid go dtí Roinn A den reilig. Is de bharr an obair chrúa a rinne Donncha Ó hÉallaithe agus Breandan go bhfuil barúil againn cár cuireadh *"the fragments of persons killed in the mine explosion at Lochan Beag"*. Barúil atá fós ann. Tá píosa beag talún le hais uaigh John Purtill agus a bhean Emily. Níl faoi láthair ann ach lorg gan ainm ach sílimse nach dtógfaidh sé i bhfad ar an gcoiste is ar na gaolta cinnteacht a fháil. Dúirt Máirín Joe Shéamuis deichniur den phaidrín. Bhí mian a croí faighte aice, ar a laghad bhí barúil anois aice cá raibh corp a seanathar curtha, nó ar a laghad an méid a bailíodh den ghaineamh dearg ar an Trá Salach. Chroith sí féin agus a seanchara Ceil, mar a ghlaonn sí uirthi, an t-uisce coisricthe. Ar ais linn go dtí an geata. Le huaisleacht is le huaigheas, le buíochas is le bród nocht Nancy agus Frank, clann Bhidín Ned agus Joe Hughie Leacht Cuimhneacháin an Mhine, déanta go snasta ag Pádraig Ó Neachtain, f/ch Chumann Forbartha Chois Fharraige. Tá an chéad choiscéim eile togha, ainmneacha an naonúr agus a scéal greanta go poiblí sa reilig. Gar go maith don leacht tá uaigh Sean-Phádraig agus síos uaidh sin tá uaigh Dr WA Sandys.

Nach shin é an dochtúir a bhí ag dul thar bráid lá an áir, murab é is dóighe gur duine dá mhuintir é.

Is beag fonn a bhí ar aon duine an reilig a fhágáil tar éis deichniur den phaidrín a bheith ráite ag daoine a raibh ceangal díreach acu leis an naonúr. Bhí *The Mother* leis an bPíarsach ráite, Óró Sé do Beatha Abhaile canta agus pictiúir le tógáil.

Traoslaím le coiste Chomóradh an Mhine: Pádraig Mac Diarmada, Máirín Joe Shéamuis, Maria de Bhailís, Josie Chóilí Óg, Máire Chóil Tom, Jimí Joe Shéamuis agus a gcomhghleacaithe Donncha Ó hÉallaithe, Pádraig Joe Shéamuis, Pádraig Willie Ó Fatharta, Breandán Ó Tuairisc, fear a rinne sáróbair fíorálainn adhmaóireacht, Ruaidhrí Ó Tuairisc, Nóirín Choilí Óg, agus Cóil Pheatsaí Ó Finneadha. Agus ní féidir dearmad a dheanamh ar fhear an cheamara, Seán O Mainnín. Airde pictiúr le feiceáil ar a shuíomh seanomainnin.com.

Fágfaidh mé an focal deiridh ag fear as Doire Choill, Sean Ó Conaola, a chaith laethanta breátha samhraidh Tigh an Ghabha sna hAille, le linn a óige, fear a bhfuil roinnt mhaith blianta caite anois aige ina mhisinéir sa gCóiré Theas.

"Níl fhios agam an dearmad nó cailleadh cuimhne atá orm, ach ní cuimhneach liom ariamh aon chaint mhór ar an tubaiste aon uair a tháinig na daoine le chéile. Ní raibh aon chosúlacht tráma orthu, ná níor bhreathnaigh siad gur chaith siad mórán dá saol ag clamhsán nó ag gearán. Is minic a chuimhním go mb'fhéidir gur chothaigh an tubaiste, sibhialtacht, carthanacht, cairdeas is comharsanacht sna daoine speisialta beannaithe sin. Mar atá a fhios againn ar fad a bhfuil píosa caite ar an saol seo againn, nuair a fhaigheann duine cabhair lena gcrois a iompar, go bhfuil leigheas, beatha agus dóchas inti. Nach a bhfuil a fhios againn freisin gur "ar scáth a chéile a mhaireann na daoine". (An Mine, lch. 136).



Mar chuid de Chomóradh an Mine, d'fhoilsigh Cló Iar-Chonnacht leabhar breá i rith na bliana dar teideal An Mine a ndearna Lochlainn Ó Tuairisc an obair eagarthóireachta air. Tá cur síos den scoth ar an tubaist féin sa leabhar seo agus freisin ar cheantar Chois Fharraige céad bliain ó shin mar aon le réimsí eolais eile agus seanphictiúir bhreátha.

Ar leathanach 202 den saothar seo tá Pat Folan luaite ar dhuine de bhaill Choiste Cróinéara an Mine agus ní rabhtas cinnte ag an am cé go díreach a bhí i gceist. Tá sé faighte amach ó shin gurbh é Pádraig Shéain Jimmí an té a bhí i gceist agus b'as an mBaile Nua i gCor na Rón dó. Ní raibh an t-eolas sin ar fáil nuair a chuaigh an leabhar i gcló. (Breandán Ó Tuairisc a tháinig ar an eolas.)



Tigh Dhurcáin

OLLMHARGADH & OIFIG AN PHOIST
 An Tulaigh, Baile na hAbhann,
 Co. na Gaillimhe.

Fáilte go Coláiste Lurgan



**Gaeilge gan dua
i gceartlár na Gaeltachta**

**Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón 091 593182**

Seanscoileanna ón gCoill Rua go dtí sruthán thiar an Locháin Bhig

Breandán Ó Tuairisg

Is iomaí scoil bheag a bhí scaipthe abhus is thall ar fud na tíre agus is amhlaidh a bhí sa gceantar seo freisin. Bhí ‘Scoil Scairte’ Liam Uí Laoi sa gclais ghainimh gar don áit a bhfuil mo theachsa sa lá atá inniu ann. Níl fhios agam cé na blianta atá i gceist. Bhí scoil bheag ceann tuí i gCoill Rua sa mbliain 1826 agus ba é Riocard Ó Maoilruaidh an múinteoir a bhí sa scoil sin. Bhí scoil bheag eile sna hAille fadó síos Bóithrín Wallace, ó dheas de Choláiste Cholm Cille.

Sa mbliain 1853, cuireadh scoil bheag eile le taobh Shruthán Uí Fhinneadha ar an Lochán Beag a bhí 30 troigh ar fad agus 14 throigh ar leithead. Ba é Pádraig Robinson an múinteoir a bhí sa scoil sin. Bhí os cionn trí scóir gasúr, idir chailíní agus buachaillí ag freastal ar an scoil. Deirtear gurbh é an áit ina raibh Tí William Sheáin Uí Fhinneadha ina dhiaidh sin a bhí an scoil.

Bhí bóithrín beag suas le taobh an tsrutháin agus ‘Bóithrín Ghíng’ an t-ainm a bhí air. Bhí cónaí ar mhuintir Liam Gíng ansin, taobh thiar den sruthán, agus fíodóirí a bhí ann. Taobh thoir den sruthán a bhí na Breathnaigh agus fíodóirí a bhí iontu sin freisin.

Chomh maith leis sin, bhí Lodge Chuimín suas an bóithrín céanna agus siar faoi chlé. Is minic a thug mé suntas do bhalla an tí sin. Bhí sceimheal nó *parapet* ar bharr an bhalla rud nach raibh coitianta sa taobh seo tíre agus caithfidh mé a rá go raibh stíl dheas ag baint leis an teach sin ach níl sé ann níos mó.

Timpeall na bliana 1855 a tógadh an Seanscoil agus dhá sheomra a bhí i gceist. I mí Feabhra 1864 bhí an scoil ann leis an uimhir rolla 9275 agus bhí an scoil cláraithe leis an mBord Oideachais ar an 1ú lá de Mhárta 1864. Ba é Padraig Ó Donnachadha a bhí ina Phríomhoide sa scoil go dtí 1869 nuair a ceapadh Tomás Mac an Ultaigh ina Phríomhoide. Ba í Cáit Ní Choisdealbha a bhí ina cúntóir agus bhí na cailíní agus na buachaillí le chéile ag an am sin.

Sna blianta 1884-1885 cuireadh dhá sheomra eile leis an scoil agus creidim gur cuireadh leac chloch aoil ar an mballa leis an ainm *Selerna National School*. Os rud é nach bhfuil aon ainm luaite sa Seanscoil go dtí William Walsh i mí Iúil 1869 agus go raibh an scoil tógtha ó 1855, céard a tharla do na scoláirí a bhí ann go dtí gur cláraíodh an scoil leis an mBord Oideachais ar an 1ú Márta 1864?

Muintir Mhic Dhiarmada

Peadar Mac Diarmada (Pete Mhichael Phaidí)

A Dhaideo,

Ar an 15ú lá déag de Mheitheamh i 1917,
Is ea a maraíodh tú féin agus ochtar eile i do theannta.
De bharr mianach a phléasc ó thír i gcéin,
A tugadh isteach ar an Trá Shalach.

D’fhág tú bean darbh ainm di Máire Tom,
An bhean chabhrach a bhí anseo ar an mbailé agaibh.
Le ceathrar leaids óg agus ceathrar giosróg,
Agus anois ina ndílleachtaí fanta aici.

Chuaigh Máire, Nora agus Baib thar an Atlantaigh siar,
Agus chuir siad fúthu sna Stáit Aontaithe.
Chóirigh Máire a nead le cúnamh a fear,
As Cluain Dubh ar a raibh John Morris mar ainm air.

Bhuail Baib faoin saol in éineacht lena mian,
Fear a tháinig thar teorainn ó Ceanada.
Ba Francaigh a shliocht ar Cloutier’ s iad,
Agus thóg siad a n-ál go sách anróiteach.

Bhí Nóra pósta le fear ó Chor na Rón;
Cualáin, ach níor mhair sé ach tamall ann.
Ghlaoigh air an bás is ba ghairid é a spás,
Phós an bhaintreach aríst Yank
a raibh Tom Breathnach mar ainm air.

Phós Peaita Bán, Máirín Shéamais Sheáin.
Agus phós Tom, Nan Seoighe as Garmna.
Chuaigh Cól don Áth Buí is phós Bríd Cheannabháin,
Agus phós Nan, Joe Shéamais chomh maith as an mbaile sin.

Go Baile an Logáin a chuaigh Michael, ar thóir a gheal ghrá,
Agus phós Máire Pheadairín Phádhraic as an mbaile sin.
Ní raibh sé ach trí nuair a tháinig do chloí
Agus ba mhíne é dhá rá nár chuir aithne ort.

Chuir an bheirt crann agus tháinig air bláth,
Is bhí muirín measctha le seisear ann.

Éamonn, Patsy is Tom, agus Máirín a bhí linn seal,
Mé féin agus Caitlín ar deireadh mar thoirín ann.

Caithfeadh liom saghad, ‘sé sin saghad an ghrá,
Agus chuaigh sé go seireachá ceart ionam.
Thug mé air áird ag an aois a rabhas ann
Agus bhí a gaolta san ár leat ar an Trá Shalach thíos.

D’fás san ithir crann ar tháinig air bláth
Agus thug toradh atá folláin agus seasmhach.
Triúr cailín óg a chuireann orainn gliondar agus bród,
Agus ‘s é an A.B.C. a gcuid ainmneacha.

Chuaigh Béibhinn i gcéin le bheith eachtrúil mo léan,
Agus tá pósta le fear a bhfuil Conroy air.
Tá an bheirt acu slán agus go nginfear dóibh clann,
Sa gcathair a bhfuil San Francisco mar ainm air.

Tá Cara ag socrú síos mar tagann ciall le haois,
Le fear a bhfuil Gearóid mar ainm air.
Go mbeidh orthu ádh agus dea-shláinte go brách
Agus soilse an Rí Ard á stiúradh as gach anachain.

Tá Aoibheann linn fós agus níl aon locht níos fearr ná locht óg,
Agus b’fhéidir nach maith léi a bheith ag eitilt chomh fada sin.
Ach pé cinneadh a mian,
guím uirthi ratha sláinte agus soineantas saoil,
Ach tá a fhios agam go bhfuil fear óg as Áth Cinn
ag iarraidh í a mhealladh uainn.

Anois a Dhaideo beidh mé ag gliondail mo dhorú,
De bharr gleo an fhir fhuinniúil atá im’ theannta anseo.
Tá sé ag béicíl ‘Daideo’, agus é breá folláin ag dó,
Agus a gcreidfeá gur Jack atá mar ainm air.

Tigh Cualain

Teach Ósta & Lóistín

Coill Rua,

Indreabhán,

Co. na Gaillimhe.

Fón: +353 91 553609

tichualain@gmail.com

www.tighchualain.com



Forbairt Pobal Teanga Cultúr



Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
T: 091 503100
F: 091 503101

www.udaras.ie
eolas@udaras.ie

Lean muid ar:



Údarás na Gaeltachta

Cois Fharraige 50 Bliain ó Shin de réir na Nuachtán

Donncha Ó hÉallaithe

Sa bhliain 1967 cuireadh an chéad eagrán den iris BISEACH os comhair an phobail, é foilsithe ag Cumann Forbartha Chois Fharraige, eagraíocht pobail a bunaíodh an bhliain roimhe sin. Is léir ó nuachtáin na bliana 1967 go raibh borradh faoi phobal Chois Fharraige leathchéad bliain ó shin agus spiorad nua sna daoine; go raibh scamall dorcha duairc an lagmhisnigh a d'éirigh as bánú an cheantair ag an imirce, ag ardú agus lóchrann an dóchais ag leathnú. Tugtar léargas sna scéalta seo thíos, atá piochta ag Donncha Ó hÉallaithe ó na nuachtáin INNIU agus AN CURADH CONNACHTACH, ar a raibh ag tarlú sa gceantar leathchéad bliain ó shin.

Feis Lurgan

Tionóladh Feis Lurgan ar an Domhnach, 23 Iúil 1967, ar chlós an choláiste. Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Cathal Ó Féinneadha a d'oscail an fheis. Ba é Pól Ó Foighil a bhí i mbun eagraithe ar an lá. I measc na mbuaiteoirí atá luaite sa tuairisc ar Fheis Lurgan sa Churadh Connachtach tá Máire Ní Chúláin, Cor na Rón, Indreabhán as a cuid amhránaíochta; Colm Ó Finneadha, An Lochán Beag, as a chuid filíochta; Tomás Ó Raighne, An Choill Rua, as a chuid damhsa agus Gearóid Denvir as a chumas comhrá.

Seo mar a scríobh Seán Ó Conghaile faoin bhFeis in Inniu ar an 11 Lúnasa 1967:

“Ar an tríú lá fíchead d'Iúil bhí Feis Lurgan – Feis Ghaeltachtaí Éireann- ar bun i gCois Fharraige. Ba mhór an t-ádh dóibh an lá breá grianmhar a d'éirigh leo mar gur beag lá chomh maith leis a tháinig ina dhiaidh..... Bhí damhsóirí,

ceoltóirí, amhránaithe, lucht seanchais is filíochta ag coimhlint lena chéile sna comórtais an lá siúd.

Ba suntasach an rud na cupáin luachmhara a fheiceáil á mbronnadh agus bhí luach £500 de chupáin agus de bhoinn á mbronnadh ann. Cheapfá gur baineadh smeach as an taobh tíre sin an lá sin mar spréachadh tine gealáin. Tá an spíonadh sna daoine ach é a thabhairt chun cinn.”

Coláiste Lurgan

Do réir fógraí sa Churadh Connachtach, bhí Coláiste Lurgan ag déanamh pleananna le foirgneamh a thógáil ar an gCnoc. Bhí dhá fhógra sínithe ag P Ó Foighil (Rúnaí) sa nuachtán ar an 31 Márta ag fógairt go raibh Coiste Choláiste Lurgan le “cead foirlíonach a iarraidh ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar Choláiste Gaeilge, Pinniúr Liathróid Láimhe agus faiche leadóg cúirte a thógáil san láthair thuasluaite.” Bhain



Feis Lurgan in 1967 [pic. Seán Ó Mainnín]

Clódóirí CL Print

Casla & 091 506 597 info@clprint.ie www.clprint.ie
Maigh Cuilinn 091 556 493 clprintmoycullen@gmail.com

- Seastáin & Comharthaí Taobh Amuigh
- Clóbhualadh Trádálach • Dearadh Idirlín
- Seirbhís Sciobtha • Comharthaí • Táirgí PVC



JOYCE'S

paiseanta faoi bhia

ATHENRY 091 875430
HEADFORD 093 35471
KNOCKNACARRA 091 589300
TUAM 093 26880
INDREABHÁN 091 593020

OSCAILTE/OPEN

MONDAY-SATURDAY 8AM-11PM / SUNDAY 8AM-10PM

INDREABHÁN DÉ LUAIN-DÉ hÁOINE 7.30AM-10PM

DÉ SATHAIRN 8AM-10PM / DÉ DOMHNAIGH 8.30AM-10PM

WWW.JOYCESUPERMARKET.IE

PRAGHSANNA ÍSLE
AR BHREOSLA
I gCÓNAÍ

ALWAYS LOW
FUEL PRICES



SEIRBHÍS
SEACHADTAÍ
BAILE

HOME DELIVERIES



Pól Ó Foighil

ceann de na fógraí pleanála le láthair sna hAille agus bhain an ceann eile le láthair ar an gCnoc Theas.

Taobh istigh de chúig mhí, ar an 18 Lúnasa 1967, bhí tairiscintí á lorg ag an ailtire Simon Kelly sa gCuradh Connachtach ó chonraitheoirí le *‘Coláiste Samhraidh atá beartaithe le haghaidh Choláiste Lurgan’* a thógáil. Meabhraítear ag deireadh an fhógra sa nuachtán nach gá *‘go nglacfaí leis an tairiscint is lú ná le haon tairiscint’*.

Bhí alt ar Inniu (11 Lúnasa, 1967) ag Seán Ó Conghaile, ag tuairisciú an dul chun cinn a bhí déanta ag Coláiste Lurgan. Seo mar a scríobh sé:

“Seo an dara bliain ag Coláiste Lurgan mar choláiste samhraidh i gCois Fharraige – agus is i Scoil Sailearna – sé sin an Scoil Náisiúnta sa gCnoc – a bhí na ranganna i mbliana. Ní raibh aon áit seasta ag an gcoláiste ó thosaigh sí ach tá súil ag Pól Ó Foighil, an Rúnaí, áit seasta agus foirgneamh nua buan a bheith tógtha acu an chéad shamhradh eile.”

Fánán ar an Lochán Beag

Tuairiscíodh ar INNIU, ar an 1 Meán Fómhair 1967, go raibh *‘cúpla míle punt á chaitheamh faoi láthair ar chalahadh an Locháin Bhig, áit a mbeidh deis ag lucht iascaireachta a theacht i dtír, siad sin lucht curacha agus báid bheaga eile, agus le dul chun farráige chomh maith nuair a bheas siad ag plé le iascach’*.

B’shin an chéad toradh a bhí le feiceáil ar obair an Chumainn Fhorbartha, tar éis bliain ar an saol ag obair ar son an phobail.

An Monarchan Marmair

Ní Coláiste Lurgan an t-aon ní a bhí le tógáil ar an gCnoc. Fógraíodh in Inniu, ar an 29 Nollaig 1967, go raibh sé beartaithe ag Connemarle Tta. monarcha 11,600 troigh cearnach a thógáil in Indreabhán, ar shuíomh 3 acra, ina mbainfi feidhm *“as próiseas nua nár úsáideadh riamh cheana sa tír seo, chun marmar Chonamara a ghearradh ina thileanna a mbeidh praghas níos ísle orthu ná ar thileanna a tháirgítear leis na gnáthmhodhanna déantúsaíochta.”*

Ba é seo an chéad thionscail nua a bunaíodh ag úsáid cumhachtaí a tugadh do Bhord Ghaeltarra in 1965 dul i bpáirt le heagraíochtaí príobháideacha le tionscail nua a chun ar bun sa Ghaeltacht. I measc na ndaoine a bhí ainmnithe ar INNIU mar stiúrthóirí ar an gcomhlacht nua bhí Bainisteoir Ginearálta Ghaeltarra Éireann, Cathal Mac Gabhann.

Bheadh an marmair agtíocht ó cairéal a bhí ag Connemarle ag Doire an Chláir, in Iarthuaisceart Chonamara, in aice leis an Sraith Salach. Ní mó ná sásta a bhí pobal an cheantair sin le marmair na háite a bheith á chur ó dheas le postanna a chur ar fáil i gCois Fharraige, mar a tugadh le fios in alt ar INNIU, ar an 13 Deireadh Fómhair 1967. Ba é míniú Ghaeltarra ar an scéal nach raibh mórán daoine sa cheantar Gaeltachta sin agus nach faoi Ghaeltarra *‘aon treoir a thabhairt faoi láthair na monarchain’* mar gur cuideachta phríobháideach a bhí á bunú.

Gaeltarra le aistriú anoir go dtí na Forbacha

Bhí dea-scéala eile ag Cois Fharraige ag deireadh na bliana 1967. Ar an gcéad leathanach den nuachtán INNIU (15 Meán Fómhair, 1967) tuairiscíodh go raibh *‘Gaeltarra ag dul siar don Ghaeltacht’*. Ó bunaíodh an eagraíocht i 1957 bhí Ardoifig Ghaeltarra lonnaithe i Sraith an Iarthair, i lár na hArdchathrach. Dúradh san alt ar INNIU gur chinn Bord Ghaeltarra an Ardoifig a bhogadh anoir mar *“gur fearr an éifeacht a bheas le gníomhaíochtaí an Bhoird de bharr an Ardoifig a bheith suite sa Ghaeltacht”* agus socraíodh ar Ghaillimh mar go bhfuil sé *‘áisiúil ó thaobh na nGaeltachtaí eile de, thuaidh agus theas’*.

“Faoi láthair”, a dúirt an t-alt, *“tá Gaeltarra ag iarraidh tionscailí a mhealladh go dtí an Ghaeltacht, agus bhí an tuairim ann gur deacra go mór a bheadh sé é sin a dhéanamh agus gan*



Ceannáras Údarás na Gaeltachta sna seascaidí



An Seanadóir

Trevor Ó Clochartaigh



Ag obair ar son mhuintir na Gaillimhe,
pobal na Gaeilge & na Gaeltachta

Ag obair leis na Comhairleoirí
Tom Healy, Gabe Cronnelly, Dermot Connolly,
Mairéad Farrell, Cathal Ó Conchúir & Anna Marley

Oifig na Gaillimhe:
3ú Urlár,
Teach Ross,
Bóthar na gCeannaithe.
(091) 567921

nó







An Caorán Beag,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

R-phost/: trevor.oclochartaigh@oireachtas.ie
Idirlíon: www.trevoroc.com

Fón póca: (00353) 87 2476624

HORRID HENRY AGUS THE SECRET SEVEN (LEAGAN GAEILGE)

DÓNALL DÁNA agus A SEACHTAR STUAMA



leabhair nua don aoisghrúpa 8-12, aistrithe ag Gormfhlaith Ní Thuairisg, Máirín Ní Ghadhra,
Marion Ní Shúilleabháin agus Caitlín Ní Chualáin

**Tabhair cuairt ar an siopa nua
Cló Iar-Chonnacht, An Cheardlann, An Spidéal 091 593307**

Gaeltarra féin sásta a gceanncheathrú a bheith sa Ghaeltacht.”

Críochnaíonn an t-alt leis an cur síos seo a leanas ar an áit ina mbeadh an cheanncheathrú nua lonnaithe: “*Ceantar breac-Ghaeltachta is ea na Forbacha, leathslí idir Bearna agus an Spidéal. Gaeilge a labhraíonn an chuid is mó de mhuintir bhunaidh na háite ach le tamall de bhlianta anuas, de dheasca fhás chathair na Gaillimhe, tá roinnt Béarlóirí tar éis tithe nua a thógáil sa gceantar.*”

‘An Crúiscín Lán’ tugtha ar Tigh Tim Johnnie sa Spidéal

Bhí athraithe ag tarlú sa Spidéal in úinéireacht cheann de na pubannaí ba mhó cáil a bhí i mBaile an Droichid. Ghlac Johnny agus Des Kelly, beirt a bhí ag seinm leis an *Clipper Carlton Showband*, seilbh ar an teach tábhairne ‘Tigh Tim Johnnie’, agus bhaist siad ‘An Crúiscín Lán’ air. Bhí comhfhreagraí Inniu, Seán Ó Conghaile, i láthair an oíche ar tharla an mhalartú úinéireachta. Bhí an cur síos seo ag Seán ar Tim Johnnie, ar INNIU (16 Meitheamh, 1967):

“Ar nós Kruger Caomhánach i gCiarraí, bhí sé de bhua ag Tim Johnnie go mba Gaeilgeoir ó dhúchas (as ceantar an Spidéil) é. Ina theannta sin ba seanchaí mór é agus bhí lear mór taistil déanta aige ar fud an domhain. Tharraing daoine ag a theach ósta mar gheall air sin agus bhí siad teanntásach ann. Bhí cead spraoi agus spóirt, amhráin agus ceoil ag gach uile duine a thagadh ann ach a gcuid dea-bhéasaí a bheith ar iompar acu.

Na seanfhondúirí a thagadh ag ól piontaí pórtair Tigh Thaidhg, beidh uaigneas orthu feasta gan é a fheiceáil taobh istigh den chuntar ina léine ag líonadh piontaí.”

San eagrán céanna den nuachtán bhí sé le rá ag Johnny Kelly, nárbh aon ghá imní a bheith ar dhaoine faoi sheasamh na Gaeilge sa teach tábhairne ná faoin gceol a bheadh le cloisteáil ann ach an oiread.

“Déanfaimid gach iarracht féachaint chuige go mbeidh sé chomh dúchasach agus chomh Gaelach agus is féidir.”

D’fhan na Ceallaigh deich mbliana sa gCrúiscín agus dhíol siad An Crúiscín le Gerry Mc Alinden sa bhliain 1977. D’fhan Gerry ann deich mbliain eile agus sa bhliain 1987 thóg John Foy ar láimhe é agus tá sé ann ó shin.

Iománaithe an Spidéil

Bhí foireann láidir iománaíochta ag an Spidéal, leathchéad bhliain ó shin. Seo píosa as tuairisc a bhí sa Churadh Connachtach ar chluiche a imríodh i nDroichead an Chláirín i mí Meithimh 1967:

“The Junior Hurling Championship tie between Spiddal and Rahoon was the best of three matches played at Clarenbridge on Sunday. Spiddal had heavier players who had the edge when pulling on the ball. Mentors from both clubs were anxious to place on record a complaint regarding the long grass, and a local club official said that a man had promised to mow the grass on Saturday but had not.....

Rahoon came within two points of Spiddal halfway through the second half and the excitement of the play was reflected by




An Crúiscín Lán

the vociferous followers. Spiddal, however held out and C. O’Malley and K McIntyre stretched their lead, leaving no doubt in the issue.

Michael Thornton, M. Flaherty and P. Faherty were the best backs for Spiddal. S O’Toole and M. Conneely, newcomers to the centre-field positions, excelled over their counterparts. Best forwards were C. O’Malley, S. Neachtain, Joe Conneely and D. Staunton, who did a lot of useful work.”

Seo í foireann iomána an Spidéil a bhuail Rathún 2 – 9 in aghaidh 2 – 4, leathchéad bliain ó shin, mar a tugadh sa tuairisc ar an gCuradh Connachta:

E. Costello, M. Curran, Michael Thornton, P. Treacy, M. Flaherty, P. Faherty, M. Costelloe, M. Conneely, S. O’Toole (0 – 2), C O’Malley (0 – 2), D. Staunton, S. Neachtain (1 – 1), J. Conneely (0 – 3), K. Mc Intyre (1– 1), L. Toole.



Seán Ó Conghaile



Biseach

50 bliain faoi bhláth
Go maire sibh bhur nuacht



rte.ie/rnag | @RTERnaG | /RTERnaG

t +353 91 506677



Comharchumann Shailearna Teoranta

‘Cur Chun Cinn Teanga, Cultúir, Fosaíochta agus Seirbhísí’

Comharchumann Shailearna Teo.

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593017 Facs: 091-593715

rphost: cst@eircom.net

Seirbhísí

Forbairt Pobail
Seirbhísí Oifige
Seirbhís Mapaí Talún
Eolas/Idirlíon

Scéimeanna

Solas
SFP
SST
Aosach

Ionaid

Seanscoil Sailearna
An Crann Taca (ITT)
Amharclann Chois Fharraige
Gorlann na Gaeilge

Uaireanta Oifige:

Luan go Déardaoin: 9.00r.n - 5.00i.n.

Aoine: 9.00r.n - 5.00i.n.

Dúnta don lón: 1.00i.n - 2.00i.n.

Príomhfheidhmeannach nua an Údaráis, Micheál Ó hÉanaigh

Bunaithe ar agallamh a rinne Micheál Ó hÉanaigh le Donncha Ó hÉallaithe

Chas mé le Micheál Ó hÉanaigh in oifigí an Údaráis sna Forbacha ar an 19 Meán Fómhair. Ní raibh sé ach seachtain ina phost nua mar Phríomhfheidhmeannach ar Údarás na Gaeltachta. Is é Micheál an dara duine ón nGaeltacht agus an dara duine ó Pharóiste an Chnoic, mar a tharlaíonn, a ceapadh i gceannas ar an Údarás. Steve Ó Cúláin ó Bhoth Chuanna a bhí sa phost roimhe ar feadh cúig bliana.

As Bostún – Carna – An Lochán Beag do Mhicheál Ó hÉanaigh. Rugadh i mBostún é, mac le Maidhc Éinniú ón Aird Thiar, Carna agus Kate Johnny Mhaidhc ón Lochán Beag. Tháinig an chlann abhaile go Carna nuair a bhí sé deich mbliana d’aois agus théis cúpla bliain ansin d’athraíodar aniar agus is ar an Lochán Beag a tháinig Micheál chun inmhe.

Admhaíonn sé go raibh dúshlán ann dhó ar a thócht ó Bhostún ach ní raibh sé i bhfad ag tíocht isteach ar an teanga mar ag an am sin is “Gaeilge uilig a bhí ag formhór na bpáistí i Roisín na Mainiach”.

Cé gur Gaeilge ar fad a labhraíodh a thuismitheoirí le chéile i mBostún, bhí comhairle curtha ag na mná rialta ar thuismitheoirí ó Chonamara Béarla amháin a labhairt leis na gasúir ar eagla go mbeidís ‘measctha suas’ idir an dá theanga. Chomh maith le sin, dúirt sé liom go raibh an-bhéim i Meiriceá ag an am ar *assimilation*, “gan a bheith difriúil”.

D’imir sé peil le Cumann Micheál Breathnach ar feadh

scaithimh agus bhí sé féin agus a dheartháir Joe ar fhoireann mhionúir Chumann Micheál Breathnach a bhuaigh Craobh an Chontae sa bhliain 1976.

Údarás na Gaeltachta

Nuair a bhí Micheál ina dhéagóir ghlac sé páirt sa mháirseáil stairiúil a bhí ag Cearta Síbhialta na Gaeltachta, aimsir na Cásca 1974, máirseáil a bhí ag éileamh ar an rialtas ag an am go mbunófaí Údarás Gaeltachta, a bheadh tofa go daonlathach ag pobal na Gaeltachta. Is tráthúil mar sin gur le hÚdarás na Gaeltachta a thosaigh a shaol oibre in 1980 mar Oifigeach Forbartha faoi oiliúint, an bhliain a bunaíodh an tÚdarás ‘leath-dhaonlathach’, tar éis seisear den 13 ar an mBord a bheith tofa go daonlathach i dtoghchán a réachtáladh i mí na Nollag 1979.

Tá éis tamaill san Ardoifig cuireadh go Gaoth Dobhair é, áit a chuaigh i bhfeidhm air go speisialta an méid daoine



Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Micheál Ó hÉanaigh

a bhí tagtha abhaile ó Ghlaschú le dul ag obair ar an eastáit tionsclaíoch.

Nuair a d'iarras dhó an bhfaca sé mórán difríochta idir an tÚdarás atá anois faoina chúram agus an eagraíocht nuabhunaithe a bhí ann in 1980, dúirt Micheál go bhfuil an cúram céanna orthu i gcónaí, is é sin “forbairt a chur chun cinn sa nGaeltacht, forbairtí eacnamúla, sóisialta agus cultúrtha”, ach go bhfuil na coinníollacha difriúil anois.

“Tá muid go mór faoi shrian ag rudaí Eorpacha, rud nach raibh an t-am sin,” a dúirt sé, “ach tá an tÚdarás ag iarraidh a bheith chomh réamhghníomhach céanna, ag aithint deiseanna forbartha, idir acmhainní mara, turasóireacht agus fuinneamh inathnuaite. Ní shin le rá,” a dúirt sé, “go bhfuil muid ag déanamh neamhaird do na monarchana,tá an-deiseanna ann le hais mar a bhí, leis an leathanbhanda.... Tá muid in ann gnó a réachtáil chomh héifeachtach céanna, abair i gConamara, i nGaoth Dobhair, i gCorca Dhuibhne, fad is go bhfuil an t-idirlíon againn agus is cuma cá bhfuil an gnó suite....”

Tráchtann sé ar na tionscail i gCois Fharraige, Mylan, Cambus, Proxy, HID agus Fintrax, atá “ar chaighdeán domhanda” agus “fostaíocht d’ardchaighdeán” le fáil iontu. Tuigeann sé gur dúshlán é a chur ina luí ar dhaoine óga na linne seo go bhfuil deiseanna maithe fostaíochta le fáil sa mbaile sna réimsí ar nós teicneolaíocht an eolais agus innealtóireacht.

“Sin é an fáth go bhfuil agus go mbeidh muid ag cur an-bhéim ar chomhlachtaí d’ardchaighdeán, chomh maith le

acmhainní nádúrtha.”

Tráchtann sé chomh maith ar an turasóireacht agus feiceann sé gur “acmhainn an-mhór” é Slí an Atlantaigh Fhiáin.

“Anois tá muid ar an mapa agus an dúshlán atá againne ná a chinntiú go bhfuil na háiseanna agus na gnóthaí ansin le seirbhís a chur ar fáil do na cuairteoirí,” a dúirt sé liom.

Acmhainní Mara

Is léir go gcreideann Micheál go láidir i bhforbairt na n-acmhainní mara. Meabhraím dhó go raibh go leor dóchais uair amháin as an bhfostaíocht a d’fhéadfaí a fhorbairt i gcalafort Ros an Mhíl ach gur beag éisc a thugtar i dtír ann agus deacracht dá réir an monarcha éisc a choinneáil ag obair. Admhaíonn sé gur beag is féidir leis an Údarás a dhéanamh faoin scéal mar go bhfuil na cuótaí socraithe ag an rialtas leis an Aontas Eorpach agus na iascairí ar an gcósta buailte go dona dá bharr. Ach nach bhféadfadh an tÚdarás níos mó a dhéanamh le feilméireacht éisc a fhorbairt i gConamara a iarraim air? Admhaíonn sé go raibh ‘lag trá’ ann ó thaobh fheilméireacht éisc de, ach go bhfuil ag éirí go maith le polasaí nua an Údaráis, is é sin na feilmeacha beaga a thabhairt faoi scáth Bhradán Beo Teo.

“Beidh muid ag cur an-bhéim ar an bhfeilméireacht éisc ar bhonn inmhathanach. Tá daoine ag rá go bhfuil sé ag cur as don timpeallacht agus tá fadhbanna móra ann ó thaobh úrnuise a bhíonn ag teastáil. Tá na fadhbanna sin uilig le sárú agus tá muid ag obair ar na fadhbanna sin,” a dúirt sé liom.

GACH RATH AR “BISEACH” 2017

Ros na Rún



Maidir leis an bhfeilm éisc bradán a bhí le lonnú i gCois Fharraige, chuireas ina leith gur sheas an tÚdarás siar ón díospóireacht sin agus nach raibh le cloisteáil ach taobh amháin den scéal, taobh na slat-iascairí.

“Is dóigh go bhfuil ceist ann,” a dúirt sé liom, “an raibh an pobal ar chúil na forbartha?” Ach faraor níor iarradh an cheist sin ar an bpobal.

A Fhís don Ghaeltacht

Tá eolas fairsing ag Micheál ar an nGaelacht mar gur oibrigh sé i chuile Ghaeltacht ó thosaigh sé ag obair leis an Údarás. Chuireas ceist air faoin bhfís atá aige don Ghaeltacht. “An fhís a bheadh agamsa, go mbeadh pobal sláintiúil inmhathanach ann, a mbeadh daoine in ann maireachtáil ar chaighdeán maith, go mbeadh siad in ann slí bheatha a bhaint amach, clann a thógáil agus oideachas a fháil. An straitéis atá againne anois, go dtabharfaidh muid faoi fhorbairt eacnamúil, sóisialta, cultúrtha; tá na trí cinn sin chomh tábhachtach lena chéile. An t-aon fháth go bhfuil an tÚdarás ann mar go bhfuil teanga ann, ní féidir dearmad a dhéanamh air sin.... ‘Sí an Ghaeilge an príomhrud. Na pleananna teanga a bhfuiltear ag tabhairt fúthu anois, sílim go mbeidh siad sin mar acmhainn an-tábhachtach agus muid ag dul chun cinn. Tá súil agam gur scéalta dearfacha a bheas iontu uilig, ach beidh toil an phobail i gceist ansin chomh maith, ach ‘sé’n rud is tábhachtaí go mbeidh an úsáid is fearr ar bhealach inmhathanach á bhaint as na hacmhainní uilig. Sin é an dúshlán atá againn agus luaigh mé cúrsaí mara ansin, cúrsaí turasóireacht, deiseanna atá ann ó thaobh fuinneamh inathnuaite agus más féidir linn é sin a bhaint amach, sílim go mbeidh pobal sláintiúil againn.”

Admhaíonn sé gur dúshlán atá ann don Údarás dóthain acmhainní a fháil le pleananna teanga, ar nós cheann Chois Fharraige, a chur i bhfeidhm.

“Caithfidh muid oibriú leis na hacmhainní atá againn agus ní bheidh muid cúthaileach faoi na hacmhainní a fháil. Ach ag an am céanna tá muid ag caint ar 26 ceantar a bheas ag tabhairt faoi na pleananna seo....”

“Ach nach é sin cuid den fhadhb,” arsa mise, “go mbeidh na hacmhainní roinnte ar 26 ceantar agus leath de na ceantracha sin níl Gaeilge ar bith iontu, mar shampla Baile Chláir na Gaillimhe.... Cén fáth a bhfuil sibh ag cur acmhainní amú le ceantair nach bhfuil aon Ghaeilge iontu le caomhnú agus ag gearradh siar na n-acmhainní sna ceantracha ina bhfuil an Ghaeilge fós iontu, cosúil le Cois Fharraige?”

Caithfidh an tÚdarás a bheith “ag obair leis na ceantracha atá dlite le bheith mar cheantracha Gaeltachta” an freagra atá ag Micheál ar mo cheist. “Tá a fhios agam an scéal ar an talamh chomh maith le daoine eile” a dúirt sé liom. “Tá deis acu [na pobail gan mórán Gaeilge iontu] anois rogha a dhéanamh iad féin, an bhfuil siad ag iarraidh bheith mar cheantracha Gaeilge nó nach bhfuil.... má dhéanann siad cinneadh nach bhfuil siad ag iarraidh a bheith sa nGaelacht, bhuel sin é deireadh an scéil fad is a bhaineann sé liomsa. Ach ní agamsa atá an focal deiridh.”

Mheabhraigh mé dhó go bhfuil os cionn 16,000 duine ina gcónaí istigh i gCathair na Gaillimhe agus aitheantas Gaeltachta acu, níos mó ná mar atá ina gcónaí i nGaelacht Chonamara ó Bhearna go Carna!

“Cén chaoi ar féidir cosaint a dhéanamh air sin?” a d’fhiafraigh mé dhó.

“Sin é an reachtaíocht... An jab atá agamsa an reachtaíocht a chur i bhfeidhm.”

Na Comharchumainn Ghaeltachta agus Forbairt Pobail

D’ardaigh mé ceist faoi airgeadú na gComharchumann Gaeltachta: an fíor go bhfaigheann na comharchumainn taobh amuigh den Ghaeltacht níos mó sa deontas bainistíochta ó Phobal ná mar a thugtar do na comharchumainn Ghaeltachta ó chiste an Údaráis? Dúirt sé nach rud é a tháinig sé trasna air agus go gcuireann an tÚdarás “an méid airgid isteach sna comharchumainn is a fhaigheann muid le cur iontu”.

An bhfeicim sé ról d’eagraíochtaí deonacha sa nGaelacht as nós Cumann Forbartha Chois Fharraige, Coiste Pobail na Tulaí, sa bpróiseas forbartha pobail?

“Ba mhaith liom go mbeadh. Bíonn tú ag brath go minic ar an dream céanna a bheith gníomhach agus tabhairt faoi rudaí... Tá sé an-chasta a bheith páirteach in aon rud anois le hais mar a bhí, tá an oiread rudaí a bhaineann le rialacha.... rud a bheadh an-chabhrach ná aiseolas a fháil ó dhaoine, céard iad na constaicí, na heasnamh atá ann, agus bheadh muid thar a bheith sásta a theacht isteach agus cibé cabhair atá ag teastáil ó thaobh na scileanna agus na bealaí éagsúla go bhféadfaí cabhair a thabhairt do dhaoine tabhairt faoi na rudaí seo.”

An tÚdarás, Tithíocht agus Pleanáil

Nach bhféadfadh an tÚdarás a bheith níos gníomhaí ó thaobh cúrsaí tithíochta, mar a bhíodh Gaeltarra Éireann? Níl na cumhachtaí sin ag an Údarás, a dúirt sé liom agus is cosúil go bhfuil sé leagtha síos gur le haghaidh tionsclaíocht amháin agus cruthú fostaíochta a caithfear an talamh atá ag an Údarás a úsáid agus níl an chuma ar an scéal go bhfuil aon fhonn ar Mhicheál an polasaí sin a athrú.

“Má bhreathnaíonn tú ar an méid talún atá ag an Údarás i láthair na huaire tá sé srianta go maith agus leis an fhírinne a rá, bheinnse ag súil go mbeadh chuile orlach cearnógach de sin ag teastáil uainn le haghaidh an bhorrtha atá muid ag iarraidh tabhairt faoi; an fhorbairt eacnamúil, sin í an phríomhaidhm atá againn.”

Ach an é? Mheabhraigh mé dhó, gur caomhnú agus leathnú na Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide an phobail sa nGaelacht, an príomhfheidhm atá ag Údarás na Gaeltachta do réir na reachtaíochta. Dá réir sin, nár cheart go mbeadh cúrsaí tithíochta lárnach do obair an Údaráis?

Níl cúram na tithíochta leagtha ar an Údarás ach tuigeann sé an fhadhb a bhaineann le tithíocht i gceantar Cois Fharraige, de bharr é a bheith chomh gar is atá sé do Chathair na Gaillimhe, ach dúirt Micheál go bhfuil an tÚdarás “ag brath ar an gComhairle Chontae i dtaobh na rialacha, go mbeidh sé cothrom go maith do mhuintir na háite, nach mbeidh siad praghsáilte amach as ar fad”.

Mheabhraigh mé dhó go mbíodh an tÚdarás ag seasamh siar ón bpróiseas pleanála nuair a bhíodh forbairtí móra tithíochta le tógáil i gCois Fharraige. Cé gur caomhnú na Gaeilge an phríomhchloch ba cheart a bheith ar phaidrín an Údaráis, ní ghlacann sé leis go bhfuil ról ag an Údarás dul ag an mBord Pleanála i gcás forbartha a bheadh ceadaithe ag an gComhairle Chontae a fhéadfadh dochar a dhéanamh don

Ghaeilge.

“Is dóigh go bhfuil muid ag brath ar na pobail áitiúla,” a dúirt sé liom.

An mbeadh an EPA nó an NPWS ag brath ar na pobail áitiúla le dul ag an mBord Pleanála dá mbeadh forbairt á cheadú ag an gComhairle Chontae a dhéanadh dochar don timpeallacht nó don dúlra?

An tÚdarás: ar theip air?

D'iarr mé ar Mhicheál Ó hÉanaigh ar cheap sé gur laigeacht é gur cuireadh deireadh leis an ngné daonlathach den Údarás, gan aon toghchán a bheith ann a thuilleadh le deis a thabhairt do phobal Gaeltachta a ionadaithe a thoghadh ar an mBord. “Níl aon dabht faoi”, a dúirt sé, “go raibh go leor buntáistí ag baint leis sin [toghcháin le comhaltáí a thoghadh ón bpobal].....Ní fhaca mise aon laigeacht ansin riamh.... ach caithfidh mé a rá, agus níl mé polaitiúil anseo, go bhfuil an Bord a bhfuil mise ag obair leo le dhá bhliain ó tháinig mé ar ais, agus anois ag obair mar Phríomhfheidhmeannach, go gcaithfidh mé a rá go bhfuil daoine láidre Gaeltachta air sin, cúigear acu ó Chomhairle Chontae...tá mé ag iarraidh a bheith an-ionraic faoi sin, tá Bord den scoth againn.”

Mheabhraigh mé dhó gurb é an príomhchúram a leagadh ar an Údarás, ná an Ghaeilge a chaomhnú sa nGaeltacht agus í a leathnú mar theanga pobail, ach gur a mhalairt atá tarlaithe. Nach bhféadfaí a rá go bhfuil teipthe ar Údarás na Gaeltachta?

“Is dócha go bhféadfadh daoine a bheith diomúch faoin gcaoi a bhfuil rudaí imithe ar bhealaí éagsúla. Ach tá mise ag tabhairt faoin bpost mar Phríomhfheidhmeannach ar bhonn

dearfach, tá mise ag iarraidh go mbeidh an Ghaeltacht níos fearr i gceann cúig bliana ná mar atá sí anois, ar na bealaí sin ó thaobh fostaíochta, ó thaobh daoine a bheith in ann fanacht san áit, ó thaobh na teanga de.... Sin dúshlán, ach marach go bhfuil mé dóchasach gur féidir athrú chun maitheasa a dhéanamh ní bheinn ag tabhairt faoi.”

Labhair Micheál faoin stráitéis nua atá ullmhaithe ag an Údarás ó thaobh jabanna a chur ar fáil a bheas bunaithe ar scileanna, ar acmhainní, agus ar ceangal cheart idirlín a bheith sna ceantracha Gaeltachta.

“Má bhreathnaíonn tú ar na monarchana atá i gConamara anois, na cineálacha tionscail, na cineálacha scileanna atá siad sin a chuartú, an mbeidh na gasúir, agus iad ag dul ar scoil agus go leor acu ag breathnú chun cinn ar choláiste agus mar sin, an mbeidh siad ag rá, ar cheart dom eolaíocht beatha, teicneolaíocht faisnéise, innealtóireacht, a dhéanamh más mian liom go mbeidh mise in ann jab a fháil i nGaeltacht Chonamara?”

Sagcomhthéacs sin luann sé na comhlachtaí teicneolaíochta éagsúla atá lonnaithe i gCois Fharraige a bhíonn ag cuartú daoine le scileanna: Mylan, Cambus, Proxy, HID, Fintrax.

An Diaspora a thabhairt Abhaile

Dúirt mé leis go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfágтар anois faoi na monarchana a gcuid earcaíochta féin a dhéanamh beag beann ar gur ceantar Gaeltachta é agus beag beann ar an nGaeilge. Is léir óna bhfreagra go bhfuil faoi iarracht i bhfad níos mó a dhéanamh le diaspora Gaeltachta a mhealladh le thíocht abhaile agus na postanna maithe atá ar fáil sna monarchana a líonadh. Nár tháinig a thuismitheoirí féin abhaile ó Bhostún, le go mbeadh deis aige féin agus a dheartháireacha fás aníos sa Ghaeltacht?

“Tá na comhlachtaí ag cuartú oibrithe le scileanna. An rud atá muide ag iarraidh a dhéanamh ná a chinntiú go bhfaighidh siad oibrithe le scileanna le Gaeilge, chomh fada agus is féidir.... Mar tá daoine amuigh ansin agus go dtagann an t-am go mba mhaith leo a theacht abhaile tá muide ag iarraidh a bheith cinnte go n-aithneoidh siad na deiseanna atá ann agus go ndéanfaidh muid cineáil cleamhnais idir iad féin agus na comhlachtaí....Tá an domhan faighte an-bheag, tá sé i bhfad níos éasca anois teagmháil a dhéanamh le daoine. Caithfidh muid an obair a chur isteach ann. Tá muid díreach ag tosaí ar thionscnamh diaspora na Gaeltachta, leis na daoine atá thar sáile a aithint. Bhí an tÚdarás ag déanamh an-obair air seo fiche bliain ó shin le Post Baile. Caithfidh muid anois tógáil air sin, ag úsáid na meán nua; tá sé i bhfad níos éasca anois na mar a bhí fiche bliain ó shin leis na meáin shóisialta agus mar sin.”

An déagóir a bhí páirteach sa mháirseáil ó Bhearna go Carna 43 bliain ó shin, agus muid ag éileamh Údarás na Gaeltachta daonlathach, tá sé anois i gceannas na heagraíochta. Céard ba mhaith leis a bheith bainte amach aige tar éis a thréimhse cúig bliana sa bpost? “Fostaíocht bhuanaithe agus mhéadaithe, níos mó daoine Gaeltachta fanta sa mbaile agus fillte ar an mbaile mar gheall ar chuid de na postanna sin, dul chun cinn suntasach feicthe ó thaobh fhorbairt na turasóireachta sa nGaeltacht, forbairt na hacmhainní mara, forbairt fuinneamh inathnuaite agus na pleananna teanga ar an talamh agus á gcur i bhfeidhm go héifeachtach.”

Ní beag an méid sin.



SEÁN KYNE TD

Aire Stáit & TD do Gaillimh Thiar/Maigh Eo Theas

Bóthar an Spidéil, Maigh Cuilinn, Gaillimh J91 TY84
An Bóthar Mór, Gaillimh H91 K8X8

Tel: +353 (0)91 868 111
Email: sean.kyne@oir.ie

Ag obair ar do shon i nGaillimh agus i nDáil Éireann

www.facebook.com/seankyneTD
www.seankyne.ie
[Twitter@seankyneTD](https://twitter.com/seankyneTD)



Acmhainní Nádurtha i gCois Fharraige


(Aistriúchán a rinne Daithí Ó Muirí ar an alt a chuir Brian E. Curran ar fáil)

Tá an t-ádh orainn i gConamara Theas go bhfuil acmhainní nádúrtha den scoth againn, acmhainní nach bhfuil aon smál fágtha orthu ag an duine, den chuid is mó. Tá Cuan na Gaillimhe ann, portaigh Chonamara, iliomad de gharrantaí beaga, an coimín oscailte agus, ar ndóigh, an gréasán aibhneacha agus lochanna anoir ó Bhearna siar chomh fada le Baile na hAbhann.

Tá seacht gcóras uisce i gceist. I dtosach tá an córas a bhaineann leis an gCnoc, córas a bhfuil dhá ghéag aige: Loch Inse agus Abhainn Inse ag dul soir agus ansin Cnoc an Locha agus Abhainn an Chnoic ag teacht ón iarthar, an dá cheann ag teacht le chéile taobh thuas de na Forbacha agus ag dul le farraige ag Tigh Phádraicín. Ansin tá an córas mór a bhaineann le Both Loiscthe, a bhí aitheanta go maith san am atá caite mar gheall ar na bradáin agus na bric gheala, agus foinse an uisce caillte i measc na seanfhoraoiseacha i ngleann na Cluaise agus Feirm Gaoithe na Gaillimhe. Siar uaidh sin tá an córas beag leis an loch breá Loch Niollach, le stoc maith breac beag geal, a théann chun na farraige ag Tigh Chualáin. Ag Siopa an Phobail, feiceann muid cuid d'Abhainn Ruibhe, a raibh cáil uirthi tráth den saol as na bradáin agus na bric gheala a bhí inti. Tá cúpla loch beag eile thuas sna portaigh agus abhainn bheag á nascadh. Ansin tá córas Chromghlinne, a bhfuil cáil air as an bhflúirse breac geal atá ann, córas a

shíneann suas ar feadh roinnt mílte agus an fhoinsé sa bportach atá clúdaithe le coillte. Trasna ó TG4, tá córas na Tulaí, le roinnt lochanna agus inbhear breac geal. In aice leis an gcóras seo tá Baile na hAbhann, leis an loch mór Loch na Creibhinne, aitheanta mar gheall ar na bric gheala a bhíonn an-mhór agus atá le feiceáil ón mbóthar ag Crosbhóthar Ros an Mhíl.

San am atá caite, bhí an talamh agus cearta iascaireachta agus seilge ag roinnt tiarnaí talún. Ligidís ar cíós an talamh do na tionóntaí ach, den chuid ba mhó, choinnídís na cearta dóibh féin agus dá gcairde. Leis an athrú eacnamúil a tháinig leis an nGorta Mór agus leis an neamhspleáchas ón mBreatain den chuid seo dár dtír, agus le bunú Bhord na gCeantar Cúng agus Choimisiún Talún na hÉireann, roinneadh na heastáit mhóra ar na tionóntaithe. Ach mar gheall gurbh é roinnt na talún an cúram ba mhó a bhí ann, i go leor cásanna fágadh na cearta seilge agus iascaireachta ag na tiarnaí talún. Murar



Cuid d'Abhainn Bhoth Loiscthe

díoladh iad, is leo sin agus lena n-oidhrí i gcónaí na cearta sin. I mBunreacht na hÉireann, leis an ardmheas ar shealúchas príobháideach, daingníodh an sealúchas seo.

Téann stair na ndlithé a bhaineann le cearta iascaireachta i bhfad siar. Fadó ba é an dearcadh a bhí orthu gur foinse mhór bia iad agus dá bharr sin, saibhreas. Mar sin, ba luachmhar iad dá n-úinéirí, agus is iomaí cás dlí a bhí ann maidir le hiasc, uisce agus cead isteach ar thalamh príobháideach. Go dtí an lá atá inniu ann tá éagsúlacht úinéireachta ann agus bíonn tionchar aige seo ar na cearta. Tá idirdhealú ann maidir le cearta iascaireachta agus seilge ar thaobh amháin agus ar an taobh eile cearta úinéirí na talún. An té a bhfuil cearta iascaireacht aige, tá cead aige dul thar thalamh príobháideach nó ar bhruach na habhann, ainneoin nach leisean an talamh in aice leis an loch ná an abhainn. Is iomaí cás cúirte a bhí ann leis na blianta maidir le cearta iascaireacht agus cearta úinéirí na talún, rud a chruthaigh droch-chroí idir na páirtithe. Ba iad na cúirteanna an réiteach deiridh, amanna ar chostas mór, mar is iondúil gur san Ardchúirt a chríochnaíonn cásanna.

Má bhreathnaíonn muid ar chúrsaí i gConamara Theas sa lá atá an inniu ann, le blianta beaga anuas, ag dul siar 20 bliain nó níos faide, rinneadh faillí mhór in acmhainn na slatiascaireacht go dtí le gairid, nuair a cuireadh tús le hathbheochan spéise inti mar acmhainn pobail. Toradh ar an bhfaillí seo ná cailliúint na bainistíochta éisc agus an stoic éisc, cailliúint airgid i gConamara Theas maidir le turasóireacht, ioncam do na tithe lóistín, tithe tábhairne agus bialanna, cailliúint fostaíochta do mhuintir na háite, go háirithe do dhaoine óga sa samhradh mar threoraithe nó giollaí, agus

cailliúint caitheamh aimsire do mhuintir na háite.

Chun úsáid cheart a bhaint as an acmhainn, is é atá ag teastáil go bunúsach ná éisc. De bharr cúinsí éagsúla le blianta anuas, tá stoc na mbradán agus na mbreac geal a bhíonn ag teacht isteach sna córais seo imithe i léig go mór. Tá fáthanna éagsúla leis an meath seo le blianta anuas. Níl na bradáin sa bhfarraige ag maireachtáil chomh fada agus a bhíodh, tionchar na míolta, galair agus ábhar nimhiúil ó na feilmeacha éisc sna cuanta, leibhéal ard aigéid ó na foraoiseacha, gan aon aire a bheith tugtha do na srutháin ina síolraítear na héisc, póitseáil agus go ginearálta, easpa smachta agus éiginnteacht ó thaobh úinéireachta de. Den chuid is mó, is féidir na cúrsaí seo a athrú agus cheana féin feiceann muid feabhas i leibhéal an stoic de bharr méadú smachta, cothabhála agus cosanta ó Iascach Intíre Éireann. Céard atá i ndán don acmhainn mhór seo i gceantar Chois Fharraige?

Tá an chosúlacht ann, go gairid, go mbeidh go leor de na córais uisce, nó codanna díobh, idir cinn chláráithe agus neamhchláráithe, ag teacht ar an margadh le díol. Beidh úinéirí nua ann, bíodh siad ina ndaoine aonaracha, grúpaí, comhlachtaí fostait, nó grúpaí pobal áitiúla. Tabharfaidh an t-athrú seo deis le tús nua a dhéanamh, le heagraíocht comhpháirtíochta a bhunú le bainistíocht a dhéanamh, na dreamanna éagsúla a thabhairt le chéile sa gcaoi go bhféadfar na ceisteanna seo a phlé agus a réiteach. Ansin beidh an acmhainn luachmhar seo curtha ar fáil, ar bhonn táille/tráchtála, ní amháin do na turasóirí ach, le comhaontú le muintir na háite, don phobal le gur féidir leo taitneamh a bhaint as an acmhainn áitiúil seo mar chaitheamh aimsire.



Agóid iascaireachta ar Abhainn Bhoth Lioscche in 1969

Cumann Béaloidis Chonamara

Pádraig Ó Héalaí

Sa bhliain 1987 shocraigh an Cumann le Béaloides Éireann tionól bliantúil a eagrú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath mar chuid dá n-imeachtaí feasta agus tugadh an chéad tionól díobh sin le chéile ar an gCeathrú Rua, 24-6 Aibreán, an bhliain sin. Cuireadh foireann bhreá cainteoirí ar fáil agus ócáid spreagúil thaitneamhach a bhí inti inar deineadh cíoradh ar scéalaíocht, ceol, seanchas agus damhsa an cheantair. Ba le linn an tionóil sin, nuair a theip ar an Ollamh Caoimhín Ó Nualláin a nótaí féin a léamh agus é ag tabhairt léachta, a chaith sé an chaint atá athráite go minic ó shin: ‘Mo leithscéal,’ ar seisean, ‘nach féidir liom mo scríbhneoireacht féin a léamh, ach ar a laghad táim sásta an dearbhú sin a bheith agam nach púca mé.’

De bharr na spéise a músclaíodh in ábhar an bhéaloidis an deireadh seachtaine sin, rith sé le roinnt daoine a d’fhreastail ar an tionól gurbh fhiú cumann logánta a bhunú a dhíreodh aird ar thraidisiún an cheantair agus a thabharfadh ardán don traidisiún béal agus don eolas ar an seansaol a bhí ar marthain i gcónaí sa phobal seo. Tuigeadh freisin go ndéanfadh a leithéid seo de chumann freastal ar dhaoine ar suim leo an béaloides agus gur áis a bheadh ann le tuilleadh eolais a scaipeadh ar an ngné sin dár n-oidhreacht.

D’fhonn na haidhmeanna sin a chur chun cinn, fógraíodh cruinniú poiblí in Áras Uí Chadhain, ar an gCeathrú Rua ar an 8ú Deireadh Fómhar 1987. Ag an gcruinniú sin ceapadh Pádraig Phiarais Ó Conaire mar Uachtarán ar an gCumann agus Pádraig Ó Héalaí mar Chathaoirleach. Ar na daoine eile a d’fhreastail ar an gcruinniú bhí Tom Pheaidí Mac Diarmada, Tom Bheartla Ó Flatharta, Séamas Ó Scolaí, Sarah Ghriallais agus Máirtín Ó Briain. Go luath tar éis bhunú an Chumainn thoiligh Áine de Bhailís, Áras Uí Chadhain, cúram a dhéanamh de ghnóthaí rúnaíochta an Chumainn agus rinne Aindí Ó Peircín gnó an Chisteora. Chomhlíon baill eile d’fhoireann an Árais, agus an Acadaimh níos déanaí, dualgas na n-oifigeach seo i gcaitheamh na mblianta — Bríd Ní Dhonnchú, Caitríona Uí Chualáin, Máirín Mhic Dhonnchadha, Ódí Ní Chéilleachair, Máire Ní Chualáin agus Baba Uí Loingsigh.

Cuirtear fógra amach chuig baill an Chumainn faoin gCruinniú Cinn Bhliana ag a dtoghtar oifigigh don bhliain dar gcionn agus ag a socraítear na himeachtaí a bheidh le réachtáil. Ar na baill is minicí a d’fhreastail agus a fhreastalaíonn fós ar an gcruinniú sin tá Máirín Mhic Lochlainn, Dónal Ó Broin, Peadar Tomaí Mac Donnchadha, Máire Ní Fhlathartaigh agus Hilearaí Nic Cába. Ag an gcruinniú cinnbhliana sa Mheitheamh seo caite ceapadh Pádraig Ó Héalaí mar Chathaoirleach, Baba Uí Loingsigh mar Rúnaí, Lochlainn Ó Tuairisg mar Leaschathaoirleach/ Oifigeach Caidrimh Poiblí agus Máire Ní Chualáin mar Chisteoir.

Roinnt blianta ó shin socraíodh i gcomhar leis an



An Leacht Ómóis

gCumann le Béaloides Éireann gur chuí aitheantas a thabhairt do mhórshaibhreas na n-ealaíona traidisiúnta i gceantar Chonamara agus do na máistrí a bhí ar na healaíona úd. Bhí sé de thoradh ar an mbeartas sin gur tógadh an leacht breá ómóis atá anois ina sheasamh ag an Teallach ag crosbhóthar Charna gona inscríbhinn: ‘In ómós seanchaithe agus lucht caomhnaithe an dúchais sa bpobal seo’. Bhronn Mícheál Ó Móráin an stráice talún go fonnmhar, sholáthraigh Máirtín Bán Breathnach an leac in aisce, shocraigh Comhairle Contae na Gaillimhe ar an láthair í agus ba iad Réamonn Ó Flathartaigh agus Tomás Ó Tuathail a dhear an inscríbhinn.

Nocht Peadar Ó Ceannabháin an leacht 30 Aibreán 1994 ag ócáid ag a ndearnadh ceiliúradh cuí orthu siúd go léir a chuir le hoidhreacht an cheantair, agus tugadh aitheantas freisin don ról ceannródaíoch a bhí ag Johnny Simon Ó Ceoinín, Pádraig Ó Coscara agus Caoimhín Ó Nualláin maidir leis an togra. Cúpla bliain ina dhiaidh sin socraíodh plaic ar chúl an leachta a áiríonn iad siúd a bhí freagrach as é a shocrú san ionad ina bhfuil sé.

Chuir Tom Pheadí Mac Diarmada, Tom Bheartla Ó Flatharta agus Jimmy Chearra go mór le himeachtaí an Chumainn ón tús. Ag ócáid sa Phoitín Stil le linn Oireachtas Chois Fharraige 2014, tugadh aitheantas foirmeálta ar theastas maisiúil don saibhreas seanchais a bhí curtha ar aghaidh ag an triúr scéalaí sin. Roimhe sin arís, i mí na Nollag 1998, mar chomóradh ar na deich mbliana agus ceithre scór a bhí slánaithe ag Tom Pheadí, d'eagraigh an Cumann seisiún scéalaíochta agus siamsaíochta ina ómós agus ag an ócáid sin bronnadh píosa breá ealaíne air a bhí snoite ag Diarmaid Mac an Adhastair.

Reáchtálann an Cumann sé cinn d'óicheanta seanchais idir Meán Fómhair agus mí an Aibreáin gach bliain agus de ghnáth is in Áras Uí Chadhain san Acadamh ar an gCeathrú Rua a thagann an comhlúadar le chéile. Bíonn breis is scór duine i láthair de ghnáth ar ó Chonamara Theas a bhformhór, ach ar uaire bíonn corrdhuine freisin a thugann an turas ón gClochán, ó chathair na Gaillimhe agus bíonn beirt a thagann go rialta ó Chathair na Mart (Déaglán Ó Ceallaigh agus Guy Racollet). Ag na seisiúin seo labhraíonn aoichainteoir ar ábhar éigin a gcuirfeadh an pobal spéis ann agus bíonn deis ag an lucht éisteachta a bhfuil curtha i láthair a phlé ar a suaimhneas le linn dóibh cupán tae a ól.

Léiríonn éagsúlacht na n-ábhar cainte a bhí á gcóradh ag na hoícheanta seanchais le roinnt blianta anuas an fhairsinge a bhaineann leis an réimse spéise ar a bhfreastalaíonn an Cumann. Bhí oícheanta againn, mar shampla, ar scéalaíocht agus ar scéalaíthe, ar amhráin agus amhránaíthe, ar cheol agus ar cheoltóirí, ar dhamhsa agus ar dhamhsóirí, ar bháid agus ar bhádóirí; bhí cainteanna ar an leigheas traidisiúnta, ar orthaí agus ar luibheanna; bhí plé ar na daoine maithe, ar an drochshuíl, ar an mbás, ar na paróistí eaglasta agus ar thuiscintí faoin saol eile; rinneadh plé ar chapailíní Chonamara agus ar dhéantús an phoitín agus b'iomaí sin oíche a tugadh suas d'eachtraí suimiúla bainteach leis an stair áitiúil agus le stair na tíre i gcoitinne. Sa bhliain 2016, mar shampla, bhí Éirí Amach na Cásca mar théama sna seisiúin ar fad agus aird faoi leith dírithe iontu ar nascanna na himeachta sin le Conamara.

Mar cheiliúradh ar dheich mbliana fichead a bheith slánaithe ag an gCumann i mbliana, tá beartaithe tabhairt faoi shuim sa bhéaloideas a spreagadh i measc na n-óg. Tá cuireadh á thabhairt do dhaltáí na hIdirbhliana fiosrú a dhéanamh faoi ghné éigin den bhéaloideas ina gceantar féin agus bronnfar duaiseanna ar thorthaí na n-iarrachtaí seo.

Tá an Cumann ag feidhmiú go bríomhar i gcónaí agus bíonn fáilte chuig na seisiúin roimh aon duine ar spéis leis/léi freastal orthu. Más mian leat go gcoimeádfáí ar an eolas tú faoi na himeachtaí, déan teagmháil le Baba Uí Loingsigh ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua (091-595101) nó le ríomhphost chuig baba.uiloingsigh@oegaillimh.ie Iarrtar ar dhaoine síntiús bliana (€15/€10) a íoc le costais na n-imeachtaí a ghlanadh, sin, nó síntiús beag a chur sa bhosca ar an oíche. Seo síos clár chainteanna na bliana seo romhainn a bheidh ar siúl in Áras Uí Chadhain, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua:

3 Deireadh Fómhair 2017

Breandán Mac Conamhna: *An Curach Traidisiúnta*

24 Deireadh Fómhair 2017

Éamon Ó Coistealbha: *Oireachtas na Gaeilge*

28 Samhain 2017

Síle Denvir: *Amhráin Chonamara*

30 Eanáir 2018

Pádraig Ó Héalaí: *'Tá Mo Mhargadh Déanta': Nósanna Cleamhnais in Éirinn*

27 Feabhra 2018

Micheál Ó Máille: *Pádraig Ó Conghaile — an Fear a Thug Pádraig Mac Piarais go Ros Muc*

20 Márta 2018

Máire Feiritéar: *Bailiúchán na Scol.*



Cuid den tslua ag oíche sheanchais

Liam Ging

Pádraic Ó Cearra

Aon uair amháin a leag mé súil ar Liam Ging. M'anam nach bhfuil mórán beo inniu a chonaic é má tá duine ar bith. Bhí mo mhuintir amuigh in áit éicint agus ní raibh istigh ach mé fhéin, a maise bhí mé an-óg ag an am. Ara ón gcaoi ar tháinig an seanfhear seo isteach agus folt fada liath féasóige air, ag iarraidh splaince le haghaidh tine an phortaigh a bhí sé. Bhí portach aige siar ó theach mo mhuintire i gClochar an Locha, siar píosa go bhóthar an Chnoic Bhig ó dheas go bhóthar san áit a dtugtar Gleann an Tairt air.

Ba mhór le rá é Liam Ging píosa gon tsaol sa ruta seo thart mar bhí sé ina fhíodóir agus ina thogha fear farraige agus fíorchainteoir a bhí ann. Ní shílím go raibh mórán talúna aige ach cúpla garraí timpeall an tí. Is thíos anseo ó dheas i mBaile an Tigh Mhóir a chónaigh sé fhéin, a bhean agus a chlann. Chomh fada le mo bharúil d'imigh siad uilig. Bhí bóithrín beag a' goil suas ag a theach, díreach taobh thiar go Shruthán Mhicil Uí Fhinneadha. Tá na seanbhallaí fós ann taobh thoir go Tigh Bheairtín Mhicil san áit a bhfuil Cáit Uí Fhlaithearta anois. Bhí deartháir leis, Seán, ina chónaí ar bhóthar an Tigh Mhóir Thiar. Ba mac leis é Maidhc Ging ar bhailigh Tomás de Bhaldraithe go leor seanchais agus eile uaidh siar sna *forties*.

Bhí seomra sa teach ag Liam agus is ann a bhíodh an seol aige agus é ag fíodóireacht. Teach mór cuarta a bhí ann. Bhíodh sé ag obair leis agus an doras oscailthe aige agus é ag éisteacht le lucht na gcuart. Go réir mar a d'fheilfeadh dhó, chuireadh sé a chloigeann aniar agus nuair a bhainfeadh sé fad as a chuid féasóige, bhí sé réidh an uair sin le samhail aisteach éicint a thabhairt agus níorbh fhéidir a ghoil ina bharr air. Bhí sé fhéin agus Pádraic Breathnach as an Lochán Beag, fíodóir eile, fiormhór le chéile. Bhí fíodóir eile ar an Átha Buí anseo thoir, Pádraic Cheannabháin, agus ba mhór i gceist é fhéin ag an am.

Bhí an-ghníomh i gcurach i Liam agus ní raibh cinneadh go deo leis ag déanamh eolais nó atheolais á dhuibhe í an oíche ach cead a chinn a thabhairt dhó. Chaithfeadh an bheirt eile sa gcurach a chomhairle fhéin a fhágáil aige nó b'shin é an mac danartha.

Bhí sé fhéin agus beirt eile thall i gCo. an Chláir lá. Níl fhios agam céard a thug go Co. an Chláir iad ach go raibh sé ráite go mba go bhunadh Co. an Chláir na Gingeannaí ó thúis. D'fhág siad an áit thall luath go maith sa lá ach diabhal a raibh siad i bhfad amach nuair a thit sé ina cheo. Ní mba léir dhóibh cat thar chóiste. Choinnigh orthu agus Liam i gceann na curáí ag iarraidh eolas an bhealaigh a dhéanamh. Chaitheadar an chuid eile gon lá agus an oíche ag iomramh agus é ina cheo. 'Sé'n rún a bhí ag Liam ná stríocadh ar Thrá an Tigh Mhóir. Le breacadh an lae ghlan an ceo go tobainn agus tráthúil go maith sin é an uair a lasadh an lampa Tigh Pheadair a' Ghabha ar an Lochán Beag thíos.

'Ó dhiabhail' a deir Liam 'sin é an *lighthouse*'.

Nár dhiabhaltaí an mac é a stiúraigh an churach thrí cheo agus dorchadas.



Liam Ging agus a bhean chéile ?

San aimsir dheireadh bhí an tsláinte cliste air, mo dhuine bocht. Chas sé le m'athair lá fuar geimhridh agus é ag líonadh carr móna. Fuair m'athair caidéis gon aimsir, 'sin gaotalach nimhe neanta a d'eirigh go dhroim an diabhail in áit éicint'. B'shin an tsamhail a thug Liam gon lá.

Caithfidh tú a rá go raibh cáil na fíodóireachta air i bhfad agus i ngearr. Tháinig fear aniar as Doire an Fhéich aniar aige uair go ndéanfadh sé píosa bréidín dhó. 'Sé an t-ainm a thugtaí ar an bhfear sin ná Páidín na Cuaiche. Bhí an píosa réidh ag Liam dhó agus diabhal a raibh Páidín ag teacht á iarraidh. Dar fia, dúirt duine go lucht na gcuart leis litir a chur siar ag Páidín.

"Cén *address* a chuirfeas tú uirthi?", a dúirt duine eile.

"M'anam go gcuirfidh", a deir Liam, "Patrick Cuckoo, Costelloe P.O. Gheobhaidh sé sin amach é."

Ar ndóigh bhí an-acmhainn grinn freisin aige, beannacht Dé len' anam.

*[Sin píosa a thairfeadh mé ó m'athair, Jimí,
an tseachtain seo caite ag cur síos dhó ar Liam Ging]*



Éamon Ó Cuív T.D.

Oifig Dáilcheantair, Teach Kirwin, Sráid Tobar an Iarla, Gaillimh
 Constituency Office, Kirwin House, Flood St. Galway
 Fón/Ph: 091-562846 / Facs/Fax: 091-562844
 Rphost/ Email: eamon.ocuiv@oireachtas.ie
 www.eamonocuiv.ie
[Facebook/Twitter](#)

AN POITÍN STIL

Cian Ó Tuathail,
 Lochán Beag, Indreabhán



Bia le fáil do gach cineál ócáid.

Fón (091) 593 590
 Fón Póca (087) 270 4590

Muintir Mhic an Iomaire *Seirbhís Iomlán Sochraide*



Pádraig (091) 572974
(091) 551127
Fón Póca (087) 9213795
Joseph (087) 9173279



Aran Island Ferries Teo.

Cladhnach, An Cheathrú Rua (091) 572273
Oifig i Ros a' Mhíl (091) 572050
Oifig i nGaillimh, 37/39 Forster St.

Seirbhís go hOileáin Árainn ar feadh na bliana

M.V. Draíocht na Farraige
 M.V. Glór na Farraige
 M.V. Banríon na Farraige
 M.V. Ceol na Farraige

Muintir Mhic Giolla Phádraig, an Teach Mór agus Speireadh na mBó

Lochlainn Ó Tuairisg

Tá scór bliain ann, beagnach, ó iarradh orm alt a réiteach do shraith cainteanna ar Raidió na Gaeltachta faoi stair na bpobal Gaeltachta, a foilsíodh ina dhiaidh sin sa leabhar *Pobal na Gaeltachta: a scéal agus a dhán* (Gearóid Ó Tuathaigh, eag., 2000). Thosaigh mé ag léamh agus ag déanamh taighde fúm agus tharam, agus mar chuid de seo tháinig mé ar chaiséad fuaimne sa rannóg chlosamhairc i leabharlann na hollscoile i nGaillimh. ‘Scéalaíocht agus Filíocht’ a bhí scríofa ar an gclúdach, agus dánta, scéalta agus seanchas as Cois Fharraige an t-ábhar a bhí faoi chaibidil ag an mbeirt nó tríúr cainteoir a bhí le cloistéal air. Ach ní raibh a fhios cé a bhí ag caint, ná cén uair a rinneadh an taifeadadh, ná cé a thug don leabharlann an chéad lá riamh é. D’éist mé leis ar chuma ar bith agus luaigh duine de na cainteoirí agus é ag trácht ar an Teach Mór, nó Baile an Tí Mhóir, an baile fearainn atá idir an Lochán Beag agus Cor na Rón, go raibh tiarna talún ann sa seanreacht darbh ainm Éamonn Mac Giolla Phádraig agus go gcaithfear gur drochthiarna a bhí ann, mar gur speireadh a chuid beithíoch.

Ar ndóigh bhí barúil agam go raibh teach mór sa Teach Mór lá den tsaol ach ní raibh a fhios agam ainm an té a mba leis é. Ná cá raibh sé. Agus ar ndóigh arís, níl aon teach mór níos mó ann cé go maireann sé in ainm an bhaile. Go deimhin is fiú an cheist a chur: cé chomh mór mar theach is a bhí sé? Níor ghá gur teach mór mar a thuigtear dúinn inniu é a bhí ann ach teach a bhí buille beag níos mó ná na tithe thart air – i ndaonáireamh 1901, cuimhnigh, ní raibh mórán de bhrabach ar dhá fhuinneog agus ceann tuí ar fhormhór na dtithe sa gceantar. Ní bhfuair mé a dhath eile amach faoi Éamonn Mac Giolla Phádraig ná an teach mór sa Teach Mór go ceann deich mbliana eile cé is moite d’abairt fhánach amháin le Seán Ó Conghaile ina leabhar *Cois Fharraige le mo linnse* (1974): ‘An Teach Mór: fuair sé a ainm mar gheall ar gur chónaigh daoine móra – muintir Ghiolla Phádraig – ann fadó, agus bhí teach mór thíos sa mbaile acu.’ Deich mbliana ina dhiaidh sin bhí mé i mBaile Átha Cliath ag déanamh beagán staidéir ar na buachaillí bána a bhí chomh fairsing sin in Éirinn sna ceithre scór bliain roimh an nGorta Mór. Bhínn ag caitheamh cuid mhór ama i gcartlann Choimisiún Béaloideasa Éireann atá anois ar coimeád sa gColáiste Ollscoile i mBaile Átha Cliath, agus d’éirigh liom a theacht ar mhéid áirithe béaloidis maidir leis an Teach Mór agus muintir Mhic Giolla Phádraig.

II

Idir 16 Nollaig 1930 agus 31 Eanáir 1931 thug Pádraic Ó Finneadha as an Lochán Beag, agus a bhí ina mhac léinn i gColáiste Éinne, cúpla cuairt ar Mháirtín Ó Tuairisg (57), as an Teach Mór ó dhúchas, a bhí ag cur faoi an t-am sin sa

bhFaiche Bheag i mbaile mór na Gaillimhe. Ag bailiú béaloidis don Choimisiún Béaloideasa a bhí Ó Finneadha agus d’aithris an Tuairisgeach amhrán dó, ‘Amhrán an Speirthe’. Dúirt sé gur óna mháthair Nóra a fuair sé é. (Tá roinnt de na focla san amhrán doiléir, agus is le Ó Finneadha an méid idir lúibíní.)

I gConamara sea tharraing mé mo long i dtír,
Aniar le cladach a bhreathnaigh mé fúm go grinn,
Ar an gCnocán Cathrach ‘bhíodh mo tharraingt i dtús na hoích’,
‘S i mbarr an ghleanna, cé go m’fhada é níor mhaol í mo scian.

Nach brúite ‘tá an Brúnach ‘s é ag tarraingt ón Mám,
Ag siúl ar a dhúiche agus a eallach ann ar lár,
‘S na cúpla fear múinte a bhí ceannasach séimh (sáimh)’
Go dté úis (úir) ar a súil ní stadfaidh siad a lámh.

Tá dubh-bhrón ort, a Mharcais, cé gur mór é do cháil,
‘S a bhfuil de shalann i nGaillimh ní fhóirfidh do chás,
Ná raibh Peadar le spailpín ná Seoigheach sáimh,
Mara lascaidh siad le maide thú ón mbun go dtí an barr.

‘Cé hé siúd,’ ars’ iníon Éamoinn, ‘tá ag speireadh na mbó?’
‘Mise Eibhear mar is beag é mo spéis in aon Mháirtíneach beo
Dar aon mhian Dé dhom mara geliridh (gelisidh) ar mo dhorn
Acht ligfeadh féar fada agus meirleach i Sailearna mhóir.’

I Leamhchoill sea sáraíodh Uilioc gan bhréig,
Agus láimhsíodh a cháraoid i gceangal na féith’,
Mo ghrá croí an páirtí ceannasach tréitheach,
A chuirfeadh Ránaí na Bláthaí ó cheannacht an fhéir.

Féasta ‘chuir Eibhear ‘uig Uilioc ‘ac Eoin,
Na hea, an mhéadail, an tseicne is an tsrón
Mara maith leis an méid sin ‘s nach bhfeileann sé dhó
Cuireadh sé gléas ar a thaobh deas agus beireadh sé bó.
(CBÉ 72:78–9)

Tá gluais curtha le cuid de na focla san amhrán. Deirtear go gciallaíonn ‘speireadh’ marú; go bhfuil ‘an Cnocán Cathrach’ (Cnoc na Cathrach) in aice le Bóthar na Trá; gur tiarna talún i mBerna a bhí in Marcas Ó Loingsigh; gur tiarna eile a bhí in ‘Éamonn’ a bhí ina chónaí sa Teach Mór i gCois Fharraige. Maidir le hEibhear, dúradh: ‘ceannaire na mBuachaillí Eibhir ar ghnách leo eallach na dtiarnaí talún a speireadh mar dhóltas tuairim an ama a raibh na buachaillí bána i gCúige Mumhan’.

Sé bliana ina dhiaidh sin, idir Samhain na bliana 1936 agus Márta na bliana dár gcionn, chuir Tadhg Ó Séaghdha, a bhí ag múineadh i Scoil Sailearna ag an am, leagan den amhrán céanna, a bhailigh sé cúpla bliain roimhe sin, leis an gcnuasach béaloidis a bhí an scoil a chur i dtoll a chéile mar chuid de scéim náisiúnta bailithe béaloidis sna bunscoileanna. Diarmuid Ó Donnchadha, Gaillimh, a thug an leagan sin do mhac Uí Shéaghdha i Meitheamh na bliana 1930, atá scríofa sa lámhscríbhinn. A athair, agus a sheanmháthair Máire Ní Dhonnchadha (70), as na Forbacha a thug dhó siúd é. Chuir Ó Séaghdha nóta beag eile leis: ‘Tá faisnéis cuid mhaith le fáil faoin speireadh ó mhuintir an Locháin Bhig: Éamonn Ó Finneadha, Seán Mór, Pádhraic ‘ac Thuathaláin, Pádhraic Ó Finneadha, srl.’ ‘Speireadh na mBó’ ainm an amhrán, agus arís tá cuid de na focla doiléir go maith.

I gConamara sea tharraing mé mo long i dtír,
Is ag gabháil aniar thar an gcladach sea bhreathnaigh mé
fúm go grinn,
Ar Chnoc na Cathrach ‘bhí ár dtarraingt i dtús na hoíche,
I mbarr an Ghleanna féach gur fada níor mhaolaigh mo
scian.

Nach brúite a bhí an Brúnach is é ag tarraingt ón Mám,
É ag siúl ar a dhúiche agus eallach ar lár,
An cúpla fear múinte againn ‘tá ag obair go sámh,
Go dté uir ar a súilibh ní stopfar a lámh.

A Mharcais, tá brón ort is ba mhór é do cháil,
Níl oiread salainn i nGaillimh is a d’fhóireodh do chás,
Ach Peadar le spailpín is Seoiheach le sábh,
Mura ngabha siad de mhaide air ón mbun go dtí an barr.

‘Goidé sin,’ a deir iníon Éamoinn, ‘atá ag speireadh na
mbó?’
‘Mise,’ arsa Éamon, ‘mar is beag é mo spéis ar aon
Seoiníneach beo.’
‘Dar aonmhic Dé dhom mara ndéantar mé a ghabháil
Ach ligfead féar fada ‘s sméarlach ar Shailearna Mhóir.’

I Leamhchoill sea saraíodh Uilioc Ó hAodha,
Nuair a cuireadh a charda ar cheangal na féith,
Mo ghrá-sa na buachaillí atá ceannasach tréitheach
Cuirfear Ránaí na Bláthaí ó cheannacht an fhéir.

‘Éirigh,’ arsa Éibhear le duine dá chlainn,
‘Is féach a bhfuil aon fhéith in Uilioc Ó hAodha
Tá óirse/óirse dhá ghléasadh ann is baine dhá díol
Séal orm féin ‘s ar mo charaid má bhíonn.’

Sé an féasta a chuir Éibhear chuig Uilioc Ó hAodha
An fhéith is an mhéadail an tseicne ‘s an tsrón
Marab áil leis an méid sin ‘s go bhfeileann sé dó.
Cuireadh sé scian ina thaobh deas is speireadh sé bó!
(CBÉ S 461–2)

Sa ngluais atá ag dul leis an leagan seo den amhrán, dúradh
gur ‘feilméara i Suí Con’ a bhí in Uilioc Ó hAodha:

Tugadh Ránaí na Bláthaí air mar go mbíodh sé ag
cur baine amach go hUachtar Ard chuig beairic na
saighdiúirí. Cheannaigh sé feilm thalmhan ag Leamhchoill
in áit a dtugtar Cnoc Raithní air, feilm a raibh an tiarna
tar éis duine a chur amach aisti. Chuaigh tionóntaí na
háite ansin ag speireadh na mbó air. Tá Uilioc curtha i
Rinn Mhaoile. Tá a bhunadh fós i mBaile na mBrabhach
(an Spidéal) .i. muintir Choilm Team Uilioc.

Mí an Mheithimh 1942 bhailigh Tadhg S. Ó Coincheanainn
dhá cheathrú de ‘Amhrán an Speirthe’ ó Sheáinín Sheáin
Ó Flatharta (62) as an Lochán Beag. Dúirt seisean go raibh
42 bliain caite ó chuala seisean an t-amhrán agus gur óna
sheanmháthair (93 an uair sin) nó óna mháthair (leathchéad
an uair sin) a fuair seisean na véarsaí. Bhí nóta curtha aige leis:
‘In aimsir na mBuachaillí Bána, nó na Buachaillí Éibhir mar
a thug cuid de na daoine orthu, bhí tiarna talún i mBaile an
Tí Mhóir agus is é an sórt duine a bhí ann fear míchéatach olc
agus Éamonn ‘ac Giolla Mháirtín [*recte* Phádraig] an t-ainm
a bhí air. Bhí sé chuile orlach chomh dona leis na Blácaigh.’

Cé hé sin,’ a deir iníon Éamoinn, ‘atá ag speireadh na
mbó?’
‘Mise Éibhear mar is beag é mo spéis in aon Mháirtíneach
beo
Dar aon mhian Dé dom mura gclisfidh ar mo dhorna
Ach fásfaidh féar fada ‘gus méarlach i Sailearna Mhór.

Thiar i gConamara sea thug mé mo long i dtír,
Aniar le cladach sea dhearc mé fúm go grinn,
Thíos ar an gCnocán Cathrach a bhí mo tharraingt i dtús
na hoíche,
Is i mbarr an bhaile ba fada é níor mhaol í mo scian.
(CBÉ 829:313–14)

Beagnach bliain ina dhiaidh sin, ar 16 Márta 1943, fuair an
bailitheoir béaloidis Calum Mac Gilleathain seanchas faoi
Bhaile an Tí Mhóir ó Sheán Ó Donnchadha (39), feilméara
a rugadh, a tógadh agus a bhí ina chónaí sa Teach Mór. Dúirt
seisean gur tugadh an Teach Mór ar an áit mar gheall ar
‘theach duine uasail a bhí fadó ann, thíos in íochtar an bhaile
a bhí sé. Éamonn Mac Giolla Phádraig an t-ainm a bhí ar an
bhfeir deireanach acu a bhí ann agus ba leis an dúiche seo ar
fad, dúiche Shailearna agus dúiche na bhForbacha agus trí
oileán Árann. Fear an-saibhir a bhí ann.’ Ach ansin, i dtaca le
beithígh de, d’inis sé an scéal seo:

. . . bhíodh sé ag coinneáil go leor leor beithígh bhainne
agus bhíodh mná buaile aige ag bleán na mbeithígh.
Bhíodar lá ag bleán na mbeithígh thuas ar Chnocán na
Coille, anuas ó theach Chearra ansin, taobh thiar, atá
sé agus bhí sé féin ina shuí ar an gcnocán ag breathnú
orthu agus d’airigh sé an páiste ag caoineadh uaidh
thíos ins an gcnocán agus an mháthair á bhréagadh agus
deireadh sí leis an bpáiste gan a bheith ag gol; go raibh
na mná buaile ag bleán ag Éamonn Mór agus gach a
ghabhfaidh amach thar bhéal na gcannaí go mbeadh sé
acu. D’éirigh Éamonn agus shiúl sé síos chuig na mná
buaile agus dúirt seo leo a bheith an-chúramach ag bleán

na mbeithígh agus gan aon deoir amháin den bhainne a ligean amach thar bhéal na gcannaí agus tháinig sé ar ais aríst agus shuigh sé ar an gcnocán san áit a raibh sé roimhe sin agus bhí ag páiste ag caoineadh i gcónaí agus an mháthair ag rá i gcónaí leis gan a bheith ag gol.

‘Tá Éamonn Mór,’ a deir sí, ‘tar éis ordú a thabhairt do mhná na buaile gan aon deoir den bhainne a ligean thar bharr na gcannaí amach, agus ó tharla go bhfuil beidh an bhó is fearr ar an mbuaile againn amárach.’

D’éirigh seisean aríst agus tháinig sé go dtí na mná a bhí ag bleán na mbeithíoch. Thug sé leis ancárd bainne agus dhoirt sé anuas ar mhullach an chnocáin é agus de réir mar a bhí sé á dhoirteadh bhí sé ag éisteacht leis na soithí á gcur faoin mbainne agus ba ghearr gur stop an páiste agus níor airigh sé uaidh sin amach é.

Ach níorbh in deireadh an scéil:

Ba ghearr ina dhiaidh sin gur bhuail pian i laidhricín a choise é agus ní raibh sé ag fáil suaimhneas ón bpian d’oíche ná de ló. D’imigh sé go ndeachaigh sé go Casla, le dhul isteach go hÁrainn i mbád móna agus bhí sé ina shuí síos ansin ar chloch ag fanacht go dtagadh an bád, agus bhí fear siúil ina shuí in aice leis a bhí ag dul go hÁrainn é féin. Bhí Éamonn Mór ag cartadh carnán luaithe a bhí ansin anonn agus anall lena mhaide, an áit a raibh tine chnámha déanta Oíche Fhéil’ Shan Seáin roimhe sin. Chuir sé meall eicint aníos as an luaith faoi dheireadh.

‘Éirigh,’ a deir sé leis an bhfear siúil, ‘agus tabhair dhom é sin go bhfeice mé céard é féin.’ Nuair a thug an fear siúil dhó é céard a bheadh ann ach meall óir.

‘Nach beag an baol,’ a deir an fear siúil, ‘gur mise a gheobhadh é sin.’

‘Á,’ a deir Éamonn Mór, ‘tá rud agat níos fearr ná é: do shláinte. B’fhearr liomsa mo shláinte anois ná ór na hÉireann’.

Chuaigh sé as sin go hÁrainn agus chuaigh sé ar bord soithigh as Árainn go Baile Átha Cliath go ndeachaigh sé faoi lámha dochtúra agus fuair sé bás ansin ón bpian a tháinig i laidhricín a choise. (CBÉ 868:110–13)

Bhí leagan níos giorra den scéal faighte ag Calum Mac Gilleathain an mhí roimhe sin ó Phádraic Ó Flatharta, 58, feilméara as Baile Logáin i Cor na Rón ach a rugadh agus a tógadh sa Tulaigh. Bhí an scéal cloiste aige fiche bliain roimhe sin ó Pheaits Ó Flatharta (80), as an mbaile céanna. Ní raibh de dhifríocht idir an dá scéal ach gur cailín aimsire seachas Éamonn Mór a chuala na daoine maithe (mar cinnte is iad atá i gceist) ag caint sa mbruíon faoin gcnocán i leagan Uí Fhlatharta agus nach bhfuil cuntas ar bhás Éamoinn Mhóir ann. (CBÉ 868: 123–4)

Is léir, mar sin, go raibh cuimhne i gCois Fharraige ar thiarna darbh ainm Éamonn Mac Giolla Phádraig, gur dóigh gurbh é a theach siúd a thug a ainm do Bhaile an Tí Mhóir agus, go sonrach, gur speireadh a chuid beithíoch agus go raibh baint ag Eibhear nó ‘buachaillí Eibhir’ leis seo. Is léir, chomh maith, ó na leaganacha den amhrán go raibh tiarnaí nó fir rachmasacha eile – Uilióc Ó hAodha, an Brúnach, Marcas

Ó Loingsigh – a raibh dochar á dhéanamh dá n-eallach siúd chomh maith.

Ach cérbh é Éamonn Mac Giolla Phádraig?

III

Bhí muintir Mhic Giolla Phádraig ina ríthe ar Osraí (Cill Chainnigh / Laois an lae inniu) suas go dtí an 16ú haois. Cé go bhfuil ‘Fitz’ sa leagan Béarla den ainm (Fitzpatrick), sloinne Gaelach seachas Normannach é. Sa mbliain 1642 bhí Richard Fitzpatrick ina sheanascal (maor) ar Uí Bhreacáin i gContae an Chláir agus é ina ghlacadóir (bailitheoir cíosa) ag Iarla Thuamhan. Níl Uí Bhreacáin rófhada ó Inis Oírr, agus faoi 1686 bhí John Fitzpatrick ina chónaí i ‘Loughmore’ (Ceathrú na Loch) ar Inis Oírr. Am éigin le linn réimeas Shéarlas II (1660–1685) bhí léas thrí Oileán Árann bronnta ag Sir Stephen Fox ar John agus Richard Fitzpatrick ar chíos £500 sa mbliain, ach b’éigean dó faoiseamh áirithe cíosa a thabhairt dóibh mar gheall ar chomh minic is a bhíodh foghlaithe mara ag teacht i dtír agus ag goid agus ag fuadach. Sa mbliain 1713 dhíol Sir Stephen na hoileáin le Patrick French as Muine Mheá agus Edmond Fitzpatrick as Árainn ar £8200. Dhíol French (thar ceann Simon Digby, Easpag Ail Finn, a raibh sé mar iontaobhaí aige) a chuid siúd le Edmond Fitzpatrick ar £280.

Beirt mhac a bhí ag John Fitzpatrick, Richard agus Edmond, agus ar a laghad iníon amháin, Catherine. Phós Richard Joan French as an Spidéal agus tharlódh go bhfuair sé talamh i gCois Fharraige as an gcleamhnas seo. An mar seo a tháinig siad go Cois Fharraige meas tú? Bhí ceathrar mac acu: Scander, Denis, Peter, Patrick.

Phós Edmond Annable Martin as an Daingean i nGaillimh, iníon le Richard Martin, dlíodóir a taobhaigh le Séamas II le linn Chogadh an Dá Rí. Ní amháin gur thug sé na cosa leis ach rinne sé go maith as an réimeas nua: fuair sé pardún agus d’éirigh leis cuid mhór de thalamh na bhFlathartach, na Seoigheach agus mhuintir Laoi i gConamara a fháil dhó féin – le cneámhaireacht go minic. Ní gan údar a baisteadh ‘Nimble Dick’ air: 200,000 acra a bhí san eastát nuair ab éigean é a dhíol in 1847. Anois, d’fhéadfaí go bhfuair Richard Martin talamh i gCois Fharraige mar chuid den anonn agus anall le húinéirí éagsúla talún i gConamara a bhí i mbaol a gcuid talún a chailleadh tar éis Chogadh an Dá Rí. Deir Conall Ó Murchadha liom go bhfuil tagairt do Shailearna Mór agus do thalamh sa Spidéal ar cheann de na gníomhais a ullmhaíodh nuair a díoladh eastát na Máirtíneach i lár an Ghorta Mhóir. B’fhéidir gurbh é an pósadh seo faoi ndeara ceangal mhuintir Mhic Giolla Phádraig le Cois Fharraige. Bhí mac ag Edmond Fitzpatrick agus Annable Martin, Richard.

Sa mbliain 1717, lig Edmond Fitzpatrick Inis Oírr, ar léas 31 bliain, le Andrew French, fear gnó as Gaillimh, ar chíos £100 sa mbliain chomh maith le cead an méid tuí a bheadh ag teastáil le dfón a chur ar thithe Inis Oírr, a bhaint ar Oileán na Tuí amach ó Chill Éinne. Bhásaigh Edmond an bhliain chéanna sin, 1717, agus phós Annable arís, tuairim is bliain ina dhiaidh sin; le Micheál Ó Flatharta an uair seo, mac leis an scoláire Ruairí Ó Flatharta a bhí ag cur faoi an t-am sin sa bPáirc sa Spidéal.

Cuid de shocrú dlí idir Micheál Ó Flatharta agus Richard

Martin a bhí sa gcleamhnas seo is cosúil. Bhí an baol ann go gcaillfeadh athair Mhichíl, Ruairí, mar Chaitliceach, a chuid talún, mar sin rinne sé socrú le Richard Martin go ndíolfadh seisean, mar dhea, an talamh leis an Máirtíneach. Ach nuair a bhásaigh Ruairí agus nuair a chuaigh Micheál ag éileamh a choda, mhaígh an Máirtíneach go mba margadh dlisteanach a rinneadh agus agus go mba leis féin an talamh. Bhí cás dlí ann a mhair cúpla bliain – nuair a tháinig an dá pháirtí ar shocrú, ba chuid den socrú sin go bpósfadh Micheál baintreach Éamonn Mhic Giolla Phádraig, Annable, agus gurbh é mac Annable agus Edmond, Richard nó Risteard Mac Giolla Phádraig, a gheobhadh an talamh. (Tá sé ráite go ndeachaigh Micheál Ó Flatharta le saighdiúireacht in Arm na hOstaire agus gur ann a bhí sé nuair a bhásaigh sé.)

Ar 15 Feabhra 1744 dhíol Richard Fitzpatrick a shuim féin sna trí oileán Árann le Robert French (iontaobhaí Robert Digby as Baile Landan, Cill Dara) ar £2050. Bhí sé ina theachta do Gaillimh sa bparlaimint i mBaile Átha Cliath idir 1761 agus 1767, an bhliain a bhásaigh sé. I Newford House, Baile Átha an Rí, a bhí cónaí air ag an am.

Phós Catherine Fitzpatrick, deirfiúr le Edmond, George Morris, fear gnó as Gaillimh agus b'fhéidir gurbh é seo tús cheangal na Muiréisigh leis an Spidéal. Bhí mac acu siúd Andrew, agus beirt mhac aigesean: James agus George, Lean mac George, Martin (1784–1862) le cúrsaí gnó i mbaile mór na Gaillimhe, agus ba é a mhac siúd Michael Morris (1826–1901) an chéad Tiarna Cill Aithnín. Go deimhin, is i dteach George Morris a bhí John Fitzpatrick, 'in the west suburbs of Galway', nuair a bhásaigh sé i 1709 nó 1710. B'fhiú £6000 a eastát, a deir an staraí James Hardiman, 'and £1500 in silver and gold, which he kept in a cellar of his in that town'.

IV

Anois tá barúil againn cérbh é Éamonn Mac Giolla Phádraig ach i dtaca le speireadh bó de, céard is brí leis? Rinne Seán Ó Donnchadha cur síos air do Chalum Mac Gilleathain:

Bhídís ag speireadh na mbó fadó: ag gearradh an fhéith atá taobh thiar ins an ioscaid, agus is mó a dearnadh é ar thiarnaí talún a bhíodh go dona, ag dícheannadh [*recte* díshealbhú] na dtionóntaí. Daoine a chaithidís amach as a gcuid talúna a bhíodh á dhéanamh agus nach mbíodh rud ar bith fágtha acu, bhídís ag baint díoltais amach ar an mbealach sin. Ghearraidís na féitheacha san ioscaid deiridh agus ní túisce a bhíodh an ioscaid gearrtha ná bhíodh an beithíoch tite ar a thóin agus ní a fhios cén t-achar a chloistí ag búireach iad ansin. Déanadh speireadh mór i gClochar an Locha.

Chuala mé féin Tom Bheartla Tom Ó Flatharta, go ndéana Dia grásta air, ag rá nár ghlaigh an chuach riamh in aon áit ar speireadh beithígh. (Agus ar ndóigh chuala muid uilig caint ar an speirtheach a thagann ar do sháil má thosaíonn do bhróg ag tógáil do choise.) Agus cé chomh minic a dúradh linn, 'Éirigh as sin nó speirfidh mé thú!' Nath aisteach go leor, a cheapfá, nuair a chuimhneofaí ceart air. Ach le theacht ar thuiscint níos fearr ar na himeachtaí as ar eascair sé seo, ní mór dul siar go dtí tús an 18ú haois.

V

Ní mórán foinsí atá ar marthain faoi na heachtraí seo a bheas faoi chaibdil agam. Ní mórán a tháinig slán ón ollscrios a rinneadh ar oifig na státpháipéar sna Ceithre Cúirteanna i 1922 le linn an Chogaidh Chathartha. Mar sin beidh mé go mór i dtuilleamaí cuntais chlóite ón 19ú haois.

Thart ar an mbliain 1710 cuireadh tús le feachtas inar speireadh na céadta, b'fhéidir na mílte, beithíoch agus caoirigh, ag tosú i gContae na Gaillimhe agus ag scaipeadh uaidh sin trí Chontae Mhaigh Eo agus an Clár go Ros Comáin, Sligeach agus fiú Fear Manach. Facthas grúpaí fear faoi airm agus éide bhán agus dath dubh ar a n-éadan ag dul thart i lár na hoíche 'houghing [ag speireadh] and destroying the cattle belonging to persons who were unacceptable to the Irish as having taken lands to farm'. Chualathas beithígh ag búireach agus 'volleys of shots from bogs and mountains and the huzzas of the Houghers'. Crochadh fógraí bagracha poiblí sna ceantair seo agus iad sínithe ag 'Ever/Eaver' nó 'Eaver Joyce' nó 'Eaver Shoy' ag leagan síos an méid talún a bhí ceadaithe do thiarna talún a choinneáil dó féin chomh maith leis an líon beithíoch nó caoirigh a bhí ceadaithe a choinneáil ar an talamh sin, dar le Eaver. Bhí an chuid eile dá chuid tailte le ligean do na boicht. Crochadh an fógra seo a leanas i mbaile mór na Gaillimhe i mí na Nollag 1711: 'many poor, distressed and banished people, who were destroyed and banished by several covetous, cruel landlords and farmers, to establish dairies to sell milk, which ought to be given to the poor, as also abundance of sheep, which took up all the lands, so that there is no room left for Christians to live'. I 1710 ritheadh acht speisialta i bparlaimint na hÉireann a luaigh Iar-Chonnacht go sonrach agus an 'maiming, houghing and driving down precipices great numbers of cattle' a bhí ar siúl ann.

Bhí imní ar chuid de na huaisle sna ceantair seo gurbh iad seansaighdiúirí Rí Séamas a bhí i mbun na drochoibre. Nach raibh a mhac thall sa bhFrainc ag tabhairt Rí Séamas III air féin agus nach raibh sé seasta ag déanamh pleananna chun filleadh agus coróin a athar a fháil ar ais agus na Protastúin uilig a chur de dhroim seoil. Chuir cuid de na mionuaisle – dream a bhí thar a bheith frith-Chaitliceach, caithfear a rá – milleán ar na sagairt, ag rá gur dúradh paidreacha go poiblí ar son Eaver, gur léadh amach a chuid forógraí go poiblí, gur tugadh seanmóirí 'exhorting the rich and stock masters to reduce their flocks and set the lands to the poor people'.

Cúiseanna eacnamaíochta, mar is léir, a bhí leis an bhfeachtas seo. Dar le W. E. H. Lecky, duine de na chéad staraith a chuir suim in obair na Houghers, bhí praghas níos fearr á fháil ag an am ar bheithígh agus caoirigh agus a n-earraí (feoil, im agus olann) ná mar a bhí ar bharraí curtha agus bhí daoine á gcur as seilbh agus beithígh á gcur ina n-áit. Agóidíocht le teachtaireacht choimeádach a bhí i gceist, mar is léir ó fhorógraí Eaver agus a chuid éileamh. Nach raibh sé de cheart ag daoine maireachtáil ar an talamh chomh maith le beithígh. Mar a d'fhógair Eaver féin: 'Tenants have as right a title to the tenancy of lands as the landlords to be landlords, for God made the earth all the creatures thereupon for the use of man.'

Is cosúil, áfach, nuair a bhí tús curtha leis an bhfeachtas go raibh daoine áirithe a bhain brabach as. Luaigh cuntas amháin

as ceantar Áth Cinn, nuair a mharatí nó nuair a speirítí beithígh, ‘great numbers of the poorer sort of people flock to the place and buy the carcasses at very low rates vizt one shilling apiece which he [giúistís áitiúil] apprehends to be an encouragement to those who are concerned in that villainous practice . . .’ (Go deimhin dhá chéad caoga bliain ina dhiaidh sin bhí cuimhne ag Peig Sayers i gCiarraí ar bheithígh daoine gustalacha a bheith á speireadh ar mhaith le praghas íseal a íoc ar an bhfeoil ina dhiaidh sin.) Ba ghearr gur ordáíodh na conablaigh a dhó seachas iad a dhíol. Ach i dtaca leis seo, bhí an cuntas seo ag Seán Ó Donnchadha:

Bhí scoláire bocht oíche ag fanacht ar an mBaile Nua agus d’éirigh sé amach thar éis a shuipéir agus ar a theacht isteach dó, d’fhiafraigh sé d’fhear an tí an raibh beithíoch i nGlionnán aige. Dúirt fear an tí leis go raibh. ‘Tá mé tamall ag éisteacht le madraí an bhaile agus dúirt siad go bhfuil speireadóirí ag teacht go Glionnán anocht agus tá cuid acu ag iarraidh a dhul a cosaint na mbeithíoch, an chuid acu atá ag fáil a mbéile go maith. Agus an chuide nach bhfuil,’ a deir sé, ‘tá siad ag iarraidh cead a gcinn a thabhairt do na speireadóirí agus go mbeidh neart le n-ithe acu ansin.’

‘Ara, cén mhaith dhuit a bheith ag caint mar sin?’ a deir fear an tí.

‘Á, bain an chluais de mo leiceann nó tá a fhios ag na madraí é,’ a deir sé, ‘agus duine ar bith eile ab fhéidir libh a fháil a bhfuil beithíoch san áit sin aige agus rachaidh sibh ag sábháil na mbeithíoch agus cuir mise faoi ghéibheann nó go dtaga sibh ar ais, agus mura bhfuil an ceart ag na madraí is féidir libh bhur rogha rud a dhéanamh liomsa ansin.’

‘Tá mise sásta,’ a deir sé [fear an tí]. Thóg sé a chomhairle agus d’imigh leis agus chruinnigh sé gach ar fhéad sé agus níor bhaineadar méar dá srón go ndeachadar go Glionnán agus ba ghearr a bhíodar ann nuair a tháinig na speireadóirí agus d’éiríodar rompu agus thosaíodar féin ag pléascadh a chéile agus gur doirteadh fuil go leor ann agus fuair siad an lámh in uachtar ar na speireadóirí agus bhí sé ráite gur maraíodh duine acu ann. Ach ar chaoi ar bith shábháil said na beithígh agus nuair a tháinig siad ar ais bhí said buíoch den scoláire bocht.

Chun dul i ngleic leis an speireadh, is éard a rinne na húdaráis, d’fhógair siad go gcaithfeadh an dream a bhí ina gcónaí sna barúntachtaí ina raibh an t-eallach á scrios cúiteamh a íoc leis na húinéirí. Rinneadh feileoneacht (*felony*) den speireadh féin. Agus tairgeadh luach saothair – £10 móide pardún ar dtús, ansin £20, ansin £100. Bhí deireadh tagtha leis an bhfeachtas thart ar 1713. Maraíodh beithígh le Caitlicigh chomh maith le heallach na bProtastúnach, agus d’fhulaing siad siúd a bhí ar thaobh Shéamas II sa gcogadh fiche bliain roimhe sin chomh maith céanna leo siúd a bhí ar an taobh eile. Ach ní raibh aon duine maraithe dá bharr, agus ní dheachthas thar fóir nuair a bhí sé á chur faoi chois, mar a bhí cuid de na mionuaise agus giúistís áitiúla a éileamh. Tar éis go raibh deacrachtaí ag na húdaráis teacht ar fhianaise, ciontaíodh roinnt daoine agus is cosúil gur cuireadh beirt nó triúr chun báis.

Nuair a fógraíodh pardún ginearálta ach dul i mbannaí,

na fir a chuaigh i mbannaí ba dream gustalach go maith iad. Ní mba bochtáin iad beag ná mór: bhí léamh agus scríobh acu uilig agus bhí ar a gcumas féin nó ar chumas a gcairde dul i mbannaí £100 orthu chomh maith le bannaí pearsanta de £50. Tar éis an méid cainte a bhí i bhforógraí Eaver ar na boicht, chuile sheans go raibh na fir ghustalacha seo ag teacht i dtír ar dheacrachtaí na mbocht agus ag triail a leas féin a chur chun cinn. Bhí iomaíocht ghéar ann le haghaidh talún agus bhí cíosanna ag ardú dá bharr. D’fhéadfaí, chomh maith, ó tharla oiread sin mionuaise Caitliceacha a bheith i nGaillimh agus i Maigh Eo le hais sa gcuid eile den tír, agus i bhfianaise daoine nua tagtha isteach sna ceantair seo mar thoradh ar bhua Liam Oráiste sa gcogadh, gur mó fonn a bheadh orthu dul i mbradaíl.

VI

Is léir mar sin go raibh a leithéid de dhuine ann agus Éamonn Mac Giolla Phádraig, go raibh ceangal aige le ceantar Chois Fharraige, go raibh sé beo tráth a raibh na mílte beithíoch á speireadh ag ‘Eaver’ agus gur mhair an t-ainm sin sa gcuimhne i gCois Fharraige. Cén fáth an baile áirithe sin Baile an Tí Mhóir? B’fhéidir mar gheall ar an trá? Do dhream a bheadh ag taisteal idir Gaillimh agus trí oileán Árann agus Cois Fharraige bheadh trá mar í thar a bheith áisiúil le teacht i dtír, b’fhéidir.

Bheadh fonn ar dhuine scéalta faoi na daoine maithe agus a leithéid a chaitheamh i dtraipisí, ach céard atá sna scéalta sin ach daoine ag baint ciall dá gcuid féin as imeachtaí a bhí ag tarlú thart orthu agus ag pácáistiú na gcuimhní sin le gur féidir iad a sheoladh ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir an t-amhrán agus an cuntas scríofa – ó tharla an t-amhrán a bheith reoite mar fhoirm, is mó seans go dtiocfaidh sé anuas chugainn gan athrú – fiú, mar atá feicthe againn, má théann cúpla focal amú. Ach an cuntas próis faoi na daoine maithe, nach spéisiúil gur i gcomhthéacs beithíoch agus le marú nó le goid beithíoch a mhair an cuimhne áirithe sin. Agus nach fiú, mar atá déanta agam anseo tá súil agam, an stair agus an seachas a tharraingt le chéile le gur féidir ciall agus meabhair bhaint as an dá chineál cuntais agus léargas a fháil ar an 18ú haois i gCois Fharraige chomh maith le tuiscint na nglúnta a chuaigh romhainn ar an am sin.

Foinsí

Burke, William P., *The Irish Priests in the Penal Times (1660–1760)* (1914, Shannon, 1968)

Connolly, S. J., ‘Law, Order and Popular Protest in Early Eighteenth-Century Ireland: the case of the Houghers’ in Patrick J. Corish (ed.), *Radicals, Rebels and Establishments: Historical Studies XV* (Belfast, 1985), pp. 51–68.

Connolly, S. J., ‘The Houghers: Agrarian Protest in Early Eighteenth-Century Connacht’ in C. H. E. Philpin (ed.), *Nationalism and Popular Protest in Ireland* (Cambridge, 1987), pp. 139–62.

Froude, J. A., *The English in Ireland in the Eighteenth Century I–III* (New York, 1873–4)

Garnham, Neal, *The Courts, Crime and the Criminal Law in*

Ireland 1692–1760 (Dublin, 1996)
 Lecky, W. E. H., *A History of Ireland in the Eighteenth Century*
 I–V (London, 1913)
 Martin, Archer E. S., *Genealogy of the Family of Martin of
 Ballinahinch Castle, in the County of Galway, Ireland*
 (Winnipeg, 1890)
 O’Flaherty Roderic (James Hardiman ed.), *A Chorographical
 Description of West or H-Iar Connaught* (Dublin, 1856)
 Robinson, Tim, *Stones of Aran: Pilgrimage* (Harmondsworth,
 1990)

Robinson, Tim, *Mementoes of Mortality: The Cenotaphs and
 Funerary Cairns of Árann (Inishmore, County Galway)*
 (Roundstone, 1991)
 Robinson, Tim, *Stones of Aran: Labyrinth* (Harmondsworth
 1995)
 Sharpe, Richard (ed.), *Roderick O’Flaherty’s Letters to William
 Molyneaux, Edward Lhwyd, and Samuel Molyneaux
 1696–1709* (Dublin, 2013)
 Wright, Thomas, *The History of Ireland from the earliest period
 of the Irish annals to the Present Time I–III* (London, 1854)



Cuairt ar an nGrúdlann i gCill Chainnigh ar an 12 Márta 1975

4ú líne, ó chlé: Máirtín Larkin, Leitir Móir; Peadar Larkin, Leitir Móir; Seán Welby, Tigh Khitt, Doire an Fhéich; Joe Willie Ó Conghaile, Both Chuanna; Mercedes Kelly, An Cruiscín Lán, An Spidéal; Breda Hughes, Tigh Hughes, An Spidéal; Máirtín Ó Domhnaill, Páirc, An Spidéal; Tommy Ó Coistealbha, Tigh Tommy, Na Creagáin; Seán Tuohy, Cor na Rón agus Joe Joe Mac an Iomaire, Doire Choill.

3ú líne, ó chlé: Tommy Donnelly, Tigh Donnelly, Bearna Maidhc Phádraig Thaidhg Ó Conghaile, An Cnoc; Bríd Jimí Uí Fhátharta, Tigh Jimí Bheartla, Na hAille; Gerry McAlinden, An Droighneán Donn, An Spidéal; Josie Mór Ó Loideáin, Tigh Kheane, An Cheathrú Rua; Cóilín a’ Táilliúra, Tigh an Táilliúra, An Cheathrú Rua; Deoid (an Fhátharta) Uí Choistealbha, Tigh Tommy, Na Creagáin; Ní fios; Mártan Ó Ciardha, Na hAille agus Paddy Joe Ned Ó Flaithearta, An Lochán Beag.

2ú líne, ó chlé: Nóra Phádraic Terry Mac Donnchadha, An Chéibh; Nóra Donnelly, Tigh Donnelly, Bearna; Pádraig Terry Mac Donnchadha, An Chéibh; Ní fios; Patsy Uí Chárthaigh, Coill Rua; Johnny an Fhátharta, Banrach; Pádraig Mac Donnchadha, Pádraig Ó Flaithearta, Gleann Mór, An Cheathrú Rua agus Tigh Chualáin, Coill Rua; Máirín Bríd Ní Thuairisg, An Lochán Beag; Tomás Ó Cualáin, Teach Ósta Uí Chualáin, Banrach Bán, Baile na hAbhann; Michael Mholly Ó Tuairisg, Tigh Mholly, Na hAille; Josie Clancy, Cor na Rón agus Máirtín Tom Sheáinín, Leitir Caladh.

1ú líne, ó chlé: Seán Ó Floinn, Frank Sheehan agus ? O’Toole (3ú duine), Guinness Group Sales Ltd.

Buaiteoirí



Bronnadh Glór na nGael, 2017, ó chlé: Pat Carey (Cathaoirleach Ghlór na nGael), an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn, Máire Áine Mhic Dhonnacha, Máire Ní Fhlatharta, Donncha Ó hÉallaithe (Cathaoirleach Chumann Forbartha Chois Fharraige), Máirín Nic Lochlainn (Rúnaí CFCE) agus Máire Denvir.



Pádraic Mháirtín Pheaits Ó Cúláin as an Teach Mór (sa lár) agus a bheirt mhac, Seán ar chlé agus Páid ar dheis, in éineacht lena mbailiúchán breá de choirn a bhuaigh siad ar an gCeathrú Rua acu lena láir de mhianach Capaillín Chonamara, Cloverhill Princess Jade.

Lena chois sin, bhuaigh an láir tá an gradam “Willows Ingredients/ Midlands All-Ireland Broodmare Champion” a sa Muileann gCearr i mí Iúil na bliana seo.

Ach ní ón ngaoth a fuair Cloverhill Princess Jade a mianach mar is é Janus (Oxenholm Marble Junior) an t-athair a bhí aici agus áirithe i nginealach a máthar, My Sweet Princess (Glencarrig Lexus – May Morning) tá Village Boy, Coosheen Breeze agus Village Grey.

An Claidream Soluis.



24 UP. O'CONNELL STREET,
DUBLIN.

24 SRÁID UAC. UÍ CONAILL,

baile áta claid,

19 = 10 = 1904

a Capa,
ba é ceap tam (zróbao) iuzar far o
az imleac tuit zo bfuair mé "Szolbzlaj
mae Ríoz 'n'Éyunn", 7 zo zcuipfio mé 1
zcló e com leat 1 beaf air azam
oó. Tá farciós oim zo mbéir yé
zotam beaz zo mbéir yé ar no éimaf.
E a iup ipteac, mar tá zo leor se
zoeilze conuair azam fá lótar ('cnoe
na "Zaba", 7c.), 7 beaf na Munniz 7 na
hultariz az clainfán tá zcuipfion tullea
ipteac. Maroir lea na flean-zéatcarb
eib, b' az zróbao leat, air níl
don iall azar ias a iup éizam
zo zcuipfeap "Szolbzlaj", zcló, 7 zo
zcuipfionuizeap e.
Tá fúil azam zo bfuil tu fán 7
so munnar zo maí.
Beap buaf 7 beannair
mife so éapa zo buan
Páipair maé Píapair.

I gCuimhne an tSiopadóra

Aine Durkin

Ní raibh a leithéid ann agus ollmhargadh sna tuathcheantair agus mise ag fás aníos, caoga bliain ó shin. Bhíodh an cruth céanna, beagnach, ar na siopaí uile. Bhíodh cuma tí orthu ón taobh amuigh, le fógra de chuid ‘Players’ nó ‘Sweet Afton’ crochta amuigh faoin díon, le cur in iúl do dhuine gur siopa a bhí ann. Bhíodh cannaí ‘Batchelors Beans’, agus boscaí púdar níocháin ‘Rinso’, leagtha ar an bhfuinneog taobh istigh, chomh maith le hearraí eile. Bhíodh an dath imithe de na boscaí agus na cannaí seo go minic, an dath glanta díobh ag an ngrian, dá bhfágfaí iad rófhada ar an bhfuinneog.

Le ganntanas spáis, agus leis an líon mór earraí a bhíodh á ndíol iontu, bhíodh ord agus eagar dá gcuid féin ar na siopaí seo. Taobh istigh den doras tosaigh, bhíodh boscaí le crúibíní muice, ronnaigh bhuí agus ronnaigh úra. Taobh amuigh den chuntar, freisin, bhíodh na brioscaí, ‘Kimberley’, ‘Mikado’ agus ‘Coconut Creams’. Bhídís stóráilte i mboscaí adhmaid le doirse gloine orthu, taobh le taobh agus os cionn a chéile. D’osclódh an custaiméir an doras gloine, agus phiocadh sé amach na brioscaí a bhíodh uaidh, agus chuirte isteach i málaí páipéir donna ansin iad. Nuair a bhíodh bosca na mbrioscaí beagnach folamh, bhíodh na brioscaí briste ag bun an bhosca le fáil ar luach níos saoire. Ní chuirte aon rud amú dá mbeadh brabach le déanamh air!

Thiocfadh na brioscaí, rísíní, snaoisín, tae agus siúcra scaoilte i mboscaí, agus ba iad lámha an tsiopadóra an scúp a bhíodh á úsáid go minic le hiad a chur i málaí. Is minic a bhíodh an siúcra caite istigh i dtarraiceán, taobh istigh den chuntar, taobh leis an mbosca mór tae. Chuirte an tae i málaí páipéir bhána, ceathrú punt nó leath phunt, agus bhíodh ar an siopadóir an mála a bhualadh ar an gcuntar chun an smionagar a thabhairt go barr an mhála. Dhíoltaí an snaoisín in unsaí, ceathrú nó leath unsa. Chuirte é i málaí páipéir beaga bána, le barr córach orthu nó, sular tháinig na boscaí beaga snaoisín isteach, bhíodh boscaí beaga folmha ‘Colmans Mustard’ ag na mná, agus is iontusán a chuirte an snaoisín. Ní minic a dhíoltaí an pluga tobac ina iomláine, ach ghearrtaí



Anna, Ciaran, Ciara, deirfiúr Eoin agus Eoin féin sa seansiopa ar an Tulaigh

é ina cheathrú, nó ina leath, agus is iomaí fear (agus bean) a bhíodh á chogaint, in áit é a chur i bpíopa. D'aithneofa an duine coganta, mar bhíodh a fhiacra agus a theanga daite ag an tobac, agus bhíodh fuílleach ón tobac triomaithe ar choirnéil a bhéil.

Ar na seilfeanna, bhíodh buataisí rubair, bróga, taephotaí, cloigne scuaibe urláir, sáspain, coinnleoirí, buicéid agus mar sin de, measctha trína chéile ar thaobh amháin den siopa, agus earraí mná ar nós 'girdles' agus 'drawers' ar an taobh eile. Ní raibh ach an dá dhath le fáil sna fo-éadaí, nó 'drawers'. Bhídís bándearg nó gorm agus thiofadh siad beagnach go glúin ar na mná. 'Blacken' a thugtaí ar an snas do bhróga dubha, agus 'blacken buí' ar an snas do bhróga donna. Bhíodh sluasaid agus pící agus speala ar díol, ach ní raibh bainne ná torthaí sna siopaí mar bhíodh toradh na talún ag na daoine iad féin. Bhíodh creathnach agus carraigín á ndíol, agus is iomaí leigheas a bhíodh le fáil astu.

Bhíodh stór ar chúl an tsiopa go minic, agus is anseo a chuirte na málaí le plúr, coirce, min bhuí agus leasú. Thiofadh daoine lena málaí beaga féin, agus iontu seo a chuirte an punt, ceathrú, leathchloch nó cloch mheáchain de cibé earra a bhí uathu. Bhíodh scála meáchain i lár an urláir agus, lena thaobh, na meáchain éagsúla a chuirte ar an scála chun meáchan na n-ábhar a chothromú leis an méid a bhíodh an custaiméir a iarraidh. Bhíodh dhá láidreacht sa leasú, 10/10/20 don fhéar, agus 8/8/16 do na fataí. Bhíodh 'Bluestone' ar fáil sa stór freisin, clocha beaga gorma ar nós criostal déanta de shulfáit chopair, a bhí a mheascadh le sóid chun an dúchan a choinneáil ó na fataí.

Ar bharr an chuntair, agus greamaithe go buan, bhí miosúr a bhíodh á úsáid chun ceann easna agus báinín bhrístí fear a thomhas, chomh maith le leaistic, flainín, muislín agus cuirtíní lása a thomhas. Dhéantaí clúdaigh philiúir, clúidíní agus braillíní as na málaí folmha plúir, agus choinníte na malaí seo agus na boscaí folmha tae do na custaiméirí ab fhearr. Bhíodh an oiread sin tóir orthu go mbíodh liosta fada feithimh ag an siopadóir i gcónaí, agus chuirte an-phleanáil isteach i roinnt amach na málaí agus na mboscaí, ar fhaitíos go gcuirte éad nó olc ar aon chustaiméir.

Nuair nach raibh uisce ar fáil sna siopaí ar dtús, ba mhinic na sceana, á bhíodh in úsáid chun an liamhás bruite agus an bagún úr a ghearradh, leagtha taobh le taobh i gcrúiscín uisce in aice na feola. Ghearrtaí mairteoil agus muiceoil ar chlár adhmaid, d'fhillte an píosa feola i bpáipéar gréiscdhíonach ansin, agus arís eile i bpáipéar donn, sula gcuirte ruóg air; é ina bheartán beag ansin, le fuil na feola le feiceáil ag éalú tríd an bpáipéar, anois is arís. Ní raibh trácht ná tuairisc ar fhrídíní, ná ar chros-truailliú, ná ar 'salmonella' na laethanta



Sabina Cloberty sa sean-siopa ar an Tulaigh

sin. Ní raibh ceann ar bith de na rialacha nua-aimseartha ó na ranna slándála i bhfeidhm an t-am sin, ach is léir go raibh glantóireacht go leor i bhfeidhm ag na siopadóirí mar, chomh fada agus is eol dom, ní bhfuair aon duine bás de thoradh earra ar bith a ceannaíodh sna siopaí fadó.

D'ordaíodh daoine 'day old chicks' ón gcathair, agus thiofadh siad go dtí na siopaí i mboscaí, le poill ar a mbarr, ar an mbus. Choinníodh an siopadóir na sicíní in aice na tine, go dtí go dtiofadh an custaiméir chun iad a fháil. Cé go scaoilfeadh na poill ar bharr an bhosca an t-aer isteach chuig na sicíní, is minic nár mhair cuid acu an turas ón gcathair.

Taobh amuigh den siopa, bhíodh sconna don ola mhór (ola phairifín). Líontaí í isteach i mbuidéil nó i gcannaí, a thabharfadh na custaiméirí leo go dtí an siopa. Bhíodh sí á úsáid chun tine a bheochan, nó chun an 'Tilley' (lampa ola) a lasadh. Is ar an 'Tilley', agus ar na coinnle, a bhíodh na daoine ag brath le solas a fháil, nuair nach raibh an leictreachas fós le fáil sna tithe. Fiú amháin nuair a bhíodh an leictreachas ar fáil, níorbh fhéidir brath air go minic, in aimsir na stoirme nó in aimsir na tintrí. Coinnle bána a bhíodh ann, agus cinn dhearga aimsir na Nollag.

Tá an saol ag athrú agus tá ré na sean-siopadóireachta beagnach thart, ach beidh sí beo go brách i mo chuimhne, agus i gcuimhne duine ar bith a théann siar ar bhóithrín na smaointe, ag cuardach creathnaí, carraigín, ronnaigh bhuí, ola mhór ...

Tí Mholly

Scoth an Phionta & Togha an Chomhluadair



Muintir Thuathail agus Durkin

Ruaidhrí Ó Tuairisg

Ina leabhar ‘Oidhreacht na nOileán’ tá sé ráite ag Pádraic Ó Biadha gur tháinig Seán Ó Tuathail aniar as oileán Iomaí agus gur chuir sé faoi in aice le Laidhean in Eanach Mheáin. Bhí Seán ina stiobhard ag Sinéad Ní Sheachnasaigh a raibh cónaí uirthi in Lettermore House agus a bhí ina gníomhaire ag an Tiarna Talún, Christopher St. George. Rugadh R.H. Ó Tuathail in Eanach Mheáin in 1881 do Sheán Ó Tuathail agus dá bhean Sabina Ní Mháille. Richard a thugadh a mhuintir féin air, Dick Toole a thug muintir na háite air agus R.H. O’Toole an t-ainm gnó a bhí aige.

Bhí dlúthbhaint ag muintir Uí Thuathail in Eanach Mheáin le muintir Uí Chonaire as Gairfean mar bhí deirfiúr Sabina Ní Mháille, Máire Gráinne Ní Mháille, arbh as Béal Átha na mBreac a muintir, pósta le Pádraig Ó Conaire. Bhí siopaí ag Peadar, deartháir Sabina freisin, sa Mám agus i mBéal Átha na mBreac.

Nuair a bhásaigh Seán Ó Tuathail, d’oscail a bhean, Sabina, siopa ag barr an bhóthair in Eanach Mheáin. Thugadh bád Chonraí earraí isteach as Ros Muc go dtí an siopa. Bhí Dick Toole ag obair Tigh Chonraí i Ros Muc agus i siopa a uncail, Peadar, i mBéal Átha na mBreac. D’oscail Dick a chéad shiopa i Leitir Móir in 1914. D’oscail sé siopa eile i bPoll Uí Mhuirinn, siopa i gCor na Rón, Indreabhán, siopa i gCinn Mhara, Camas, agus an siopa ‘Tigh Dick’ i mBaile na hAbhann in 1933. Bhí siopa aige i nGaillimh, san áit a bhfuil an teach tábhairne, *Dock No 1*, ar an duga, nó Tigh Phádraigín, mar a tugadh air tamall. Bhí siopa freisin aige san áit a bhfuil an t-óstán, *The Twelve*, i mBearna.

Ní raibh aon chlann ag Dick Toole agus nuair a bhuail tinneas a bhean, Elizabeth Cusack, dhíol sé cuid de na siopaí. Choinnigh sé an ceann i Leitir Móir mar is ansin a bhí a cheanncheathrú, agus ceann ar an gCeathrú Rua faoi chúram Nan Dooley. Chuir sé Tom Cloherty, mac a dheirfiúire, Delia, i mbun an tsiopa i mBaile na hAbhann. Bhí deirfiúr Tom, Sabina, ag obair leis sa siopa.



An sean-siopa san áit ina bhfuil Tigh Durkin anois



Nora agus Tom Cloherty

Bhí daoine aitheanta áitiúla ag obair ag Dick Toole, daoine mar Marcus Dick, Peadar Dick, Paddy King agus Peadar Breathnach.

Chuaigh Anna agus Ken Murphy i mbun an tsiopa i mBaile na hAbhann ó 1966 go dtí 1969. Ansin bhí Tommie Durkin agus Sabina Cloherty i bpáirt sa siopa ó 1969 go dtí gur bhuail tinneas Sabina. Bhí Tommie agus a bhean Angela i mbun an tsiopa go dtí 1984 nuair a thóg a mhac, Eoin, agus a bhean Anna an stiúir.

Bhí seanathair Eoin, Tom Durkin, ina chónaí i Nua Eabhrac nuair a rugadh a mhac, Tommie, in 1931. Trí bliana ina dhiaidh sin d’fhill an chlann go Tuar Mhic Éide. Bhí Oifig Poist na háite le díol ag fear darbh ainm Bellington agus cheannaigh seanathair Eoin é ar £1,200. Fuair sé bás in 1943 agus bhí a bhean Catherine á rith go dtí gur cailleadh í in 1962. Rith a hiníon, Rita Brennan, aintín Eoin, an áit go dtí gur cailleadh a fear, Joe. Tar éis 71 bliain i lámha mhuintir Durkin thóg Kevin O’Toole Oifig an Phoist. Mar a tharla, ba col seisear le máthair Eoin é Kevin. Ba é seanuncail Kevin sin-seanuncail Eoin, Richard O’Toole nó Dick Toole.

Tá gaol ag Eoin le hOliver O’Toole atá sa bPost i Leitir



An áit ina mbíodh siopa Phaddy Mhait, nó Tigh Dick i gCor na Rón

Móir agus le John O'Toole atá sa bPost i nDoire an Fhéich. Is col seisear é Oliver le máthair Eoin agus is col ochtar é John O Toole le hEoin.

Ba Máistir Poist i gCeantar na nOileán é Patsy 'Kruger' O'Toole i dtús an chéid seo caite agus ba é siúd sin-sin-seanuncail Eoin. Ba sin-sin-seanuncail é le John O Toole agus sin-seanuncail Kevin O'Toole i dTuar Mhic Éide le sin-seanathair Oliver O'Toole i Leitir Móir.

Tá an méid sin casta ach tá sé soiléir go bhfuil traidisiún an Phoist ag dul i bhfad siar i gcás Eoin Durkin, a sheanathair, Tom Durkin, i dTuar Mhic Éide in 1934 agus ar thaobh a mháthar siar go dtí a shin-sin-seanuncail, Patsy 'Kruger' O'Toole' ag tús na haoise seo caite.

Mar sin bhí an-áthas agus bród ar Eoin nuair a chuaigh sé i mbun an Phoist i mBaile na hAbhann ag coinneáil an traidisiúin.

I mí na Bealtaine, 1984, thosaigh Eoin a chuid oibre sa siopa. Phós sé Anna Allen i mí na Samhna an bhliain chéanna, agus bhí an bheirt acu ag obair le chéile sa siopa ina dhiaidh sin. Bhí beirt mhac acu; rugadh Ciarán in 1987 agus rugadh David in 1988.

Tá Ciarán é féin ag obair sa siopa le blianta beaga anuas, rud a fhágann go bhfuil glúin eile, an cúigiú glúin den chlann, ag obair sa siopa ó tháinig sé ar an bhfód in 1933.

Sa mbliain 2005 bogadh Oifig an Phoist i mBaile na hAbhann go dtí siopa Eoin agus Anna, rud a d'fhág go raibh Eoin ina Mháistir

Poist chomh maith le bheith ag plé le gnó an tsiopa. De réir mar a bhí na blianta ag imeacht, mhéadaigh an gnó sa siopa, agus rinne Eoin agus Anna an cinneadh go dtógfadh siad ollmhargadh ar an suíomh céanna.

Ar 28 Samhain 2008, d'oscail an siopa nua, Tigh Uí Dhurcáin faoin mbranda *Costcutters*. Tá Oifig Poist Bhaile na hAbhann lonnaithe san ollmhargadh nua. Ar 18 Eanáir 2012, cailleadh Anna go tragóideach nuair a bhuail carr í taobh amuigh den siopa. Suaimhneas síoraí go raibh aici. In ainneoin na tubaiste, lean Eoin agus Ciarán ar aghaidh leis an ngnó agus tá siad ansin go láidir fós. Go mba fada buan iad.

Tá mé an-bhuíoch d'Eoin agus d'Áine Durkin a thug an t-eolas seo dom faoi thraidisiún an Phoist ina gclann agus faoi Dick Toole.



Tigh Dhurcáin ar an Tulaigh anois

Muirísigh an Spidéil

Seán Ó Neachtain

Ba de shliocht Normannach iad Muirísigh na Gaillimhe. Bhíodar ar cheann de cheithre threibh dhéag na cathrach. Tá an chéad thrácht ar an gclann i saol Chathair na dTreabh in 1486 nuair a luathaítear Risteard Mares (an litriú a bhí ar an sloinne ag an am) ina bháille sa chathair. Ba é William Mares an chéad duine den chlann a bhí ina Mheara ar Ghaillimh sa tréimhse 1527-28. Ba ag tús an seachtú céad déag a chuirtear síos orthu faoin sloinne Morris agus ba mhór le rá iad i saol polaitiúil agus gnó an bhaile mhóir.

Mar spré a fuair na Muirísigh a gcuid talún ar an Spidéal. Phós George Morris Fitzjames oifigeach in arm Rí Shéamais, Caitriona Nic Giolla Phádraig as Oileáin Arainn sa mbliain 1684. Dream gustalach a bhí i muintir Mhic Giolla Phádraig a raibh seilbh acu ar chuid mhaith d'Inis Mór agus tábhacht nach beag leo i gcúrsaí gnó i mbaile mór na Gaillimhe agus ina chomharsanacht. Bhí cuid mhaith talún acu i gceantair Chois Fharraige ag an am. Ní taobh le talamh an Spidéil a bhí an lánúin mar fágadh teach mór i sráid Doiminic acu chomh maith. Nuair a bhásaigh athair Chaitríona, Seán Mac Giolla Phádraig in 1709, d'fhág sé £7,500 mar uachta ag a iníon. Bhí duine amháin clainne orthu, Aindriú. Phós Aindriú Muinice de Brún agus bhí beirt mhac mar chlann orthu, James agus George.

Ba fear gnó é James cosúil lena mhuintir roimhe agus bhí muileann plúir aige i Sráid Doiminic i nGaillimh. Chuaigh George isteach san arm agus thug a thaisteal go dtí an India é thart ar 1785. Chaith sé seacht mbliana déag ansin. Is cosúil gur éirigh teannas idir an bheirt dearthár maidir le talamh an Spidéil mar chuir George an dlí ar James thar éis dó theacht abhaile in 1802 ag iarraidh cúitimh as an méid a bhí ag gabhail dó ón mhaoín a bhí ag dul lena oidhreacht.

Phós James duine de Loingsigh na Gaillimhe agus bhí seisear clainne acu. Ba duine díobh sin Máirtín Muiris a bhí ar dhuine de na chéad Ghiúistísí Síochána Caitliceacha i gContae na Gaillimhe agus ba é an chéad Ard-Sirriam Caitliceach ar Ghaillimh é ó réimeas Shéamais 11 i leith.

Rugadh Máirtín in 1784. Ba é a thóg an teach mór i mBoth Chuanna ar thalamh a athar. Bhí cáil mhór air sa gceantar mar gheall ar a ghníomhartha gaisce nirt. Phós Máirtín Siobhán a' Bláca nó Julia Blake in 1822. Cailleadh Julia go tobann leis an gcalar ina teach sa Spidéal ar an 6 Lúnasa 1833.

D'fhág bás a mhnaoi Máirtín Muiris croíbhriste agus d'fhág sé an Spidéal gan filleadh le cónaí ina theach i Sráid Dominic na Gaillimhe. Thug sé leis a thriúr muirín óg ach chuir sé an gasúr ab óige sa chlann, George, nach raibh ach trí mhí d'aois ar altramas le muintir Uí Fhéinne ar an Tuar Beag, sa Spidéal. Bhí cleamhnas idir na Muirísigh agus muintir Fhéinne mar go raibh duine de mhuintir Fhéinne, Eamonn,

pósta le Barbara Morris.

Chaith George Morris, a bhí ina Theachta Parlaiminte do Ghaillimh ina dhiaidh sin, cuid mhaith dá óige sa Spidéal agus bhí sé i bhfochair John Phádraig Uí Fhéinne nó John Mhaire, nuair a thug seisean a aghaidh síos go Cóbh Chorcaigh le dhul go Meiriceá i mí an Mheithimh 1872. Ba é John Mháire athair John Ford an scannánaí cáiliúil.

Cé gur bhain George cáil amach ina dhiaidh sin mar theachta parlaiminte do Ghaillimh ní raibh an oiread de cháil air agus a bhí ar a dheartháir Micheál. Rugadh Micheál Morris in 1826. Ní raibh sé ach sé bliana d'aois nuair a cailleadh a mháthair. Chuaigh sé ar an mbunscoil i nGaillimh, Scoil Erasmus Smith. Nuair a bhí sé sé bliana déag, chuaigh sé ar ollscoil i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath.

Ansin, den chéad uair, fuair sé léargas ar na Péindlíthe mar, mar Chaitliceach, ní raibh aon deis aige cur isteach ar chúnamh a fháil chun cabhrú lena chuid scolaíochta. B'éigin dó a bhealach a fóc rud nach raibh éasca mar bhí acmhainn a mhuintir laghdaithe go mór ag an gcruatan a tharraing an Gorta Mór orthu. Togha scoláire a bhí ann agus ardchumas aige leathanaigh a chur de ghlanmheabhair. Bhí sé mór téagartha, ag seasamh ós cionn sé troigh ar airde. Dár leis féin, fuair sé a chuid nirt óna Muirísigh ach tháinig a intleacht ó thaobh a mháthar, ó na Blácaigh.

D'fhág sé Coláiste na Tríonóide le bonn óir ina phóca a bhí bronnta air do bharr a fheabhais léinn. Ag fiche bliain d'aois bhí sé ró óg chun dul le dlí agus chaith sé bliain ag taisteal. Ghoill an méid a chonaic sé i rith aimsir an drochshaoil go mór air agus bhí tionchar láidir aige ar a phearsantacht agus ar a shaol ina dhiaidh sin.

Cáilíodh Micheál Muiris mar dhlíodóir in 1849 agus ba ghearr go raibh gnó láidir dlí curtha le chéile aige agus é ag cleachtadh a ghairme sna cúirteanna ar fud Chuige Chonnacht. Ba gearr gur bhain sé amach dea-cháil dhó féin mar dhlíodóir cumasach cliste a raibh tuiscint agus stuaim ina chuid breithiúnais. Ní raibh a shárú le fáil chun conspóidí beaga idir comharsan a réiteach. Ba mhinic a chomhairle ag teastáil chun cead bealaigh nó "spite feamainne" a shocrú idir dhá pháirtí agus bhí an oiread sin measa air go nglacadh an dá thaobh go fonnmhar lena bhreithiúnas.



Teach Mór an Spidéil

Go deimhin lean a cháil agus níos déanaí bhain sé amach an príomhstádas dlíthiúil a bhí sa tír nuair a déanadh Ard-Aighne dó ar Éirinn in 1866. Ina dhiaidh sin, in 1887, bhain sé amach ardú céime mar Thiarna Príomh-Bhreitheamh agus níos déanaí fós mar Thiarna na bPléadácha Coiteann.

Phós sé Anna Hughes ó Annaghcliff, Contae Longfoirt ar an 18u Mean Fhómhair 1860. Bhí muirín mhór chlainne orthu, triúr déag ar fad, deichniúr acu a mhair, seisear infon agus ceathrar mac. Chaith siad aon am saor a bhí acu sa Spidéal ach nuair a bhíodh na cúirteanna ina suí ba i mBaile Átha Cliath a bhídís ag cur fúthu. Chónaíodar i Londain freisin nuair a bhíodh Teach na dTiarnaí ina sheisiún.

Ba mhór le rá é Micheál Muirís i gcúrsaí reatha na haimsire agus bhí tionchar aige ar shaol na polaitíochta i nGaillimh. Aontachtaí amach agus amach a bhí ann nach raibh tuiscint ar bith aige ar an bpolasaí náisiúnach gur chóir an chuing le Sasana a bhriseadh, polasaí a bhí ag bailiú nirt lena linn. Ní shin le rá nach raibh sé bródúil as a thír agus a dhúchas. Go deimhin níor shéan sé riamh a chreideamh ná a thír ach a mhalairt ar fad. Bhí sé in aghaidh Féin Riail nó *Home Rule* a thabhairt d'Éirinn mar gurbh é a thuairim pearsanta nach mbeadh an tír in acmhainn seasamh ar a cosa féin ag an am. Níor bhain a chuid tuairimí polaitiúla ón meas a bhí air i nGaillimh mar toghadh mar fheisire parlaiminte don bhaile mór é go héasca in 1865. Ba mar ionadaí neamhspleách a sheas sé sa toghchán úd ach ní raibh sé i bhfad i Westminster nuair a d'iompaigh sé a thacaíocht chuig na Tóraithe.

Nuair a fuair Micheál Muirís ardú céime mar Ard-Aighne in 1867, ba é a dheartháir George a bhí roghnaithe ag na Tóraithe chun teacht i gcomharbacht air. Bhí Easpag na Gaillimhe, John McEvilly, ag iarraidh gur liobrálach a gheobhadh an suíochán agus d'áitigh sé ar an Muiríseach tacaíocht a thabhairt do polasaí Gladstone maidir le *Home*

Rule. Nuair a diúltaigh sé, d'fhógair cléir na deoise nach mba iarrthóir sásúil a bhí ann chun seasamh ar son na Gaillimhe. I seanmóir a thug McEvilly ag an am dúirt sé go mbeadh an Muiríseach "*better suited for an Orange than a Catholic constituency*".

Bhí fabhar ag na Muirísigh imeasc na n-údarás rud atá le feiceáil sna teidil a bronnadh orthu mar Bharúin agus mar thiarnaí. Fuair Micheál Muirís a chéad teideal in 1885 mar Bharún agus níos déanaí mar Thiarna Chill Aithnín. Lean an teideal sin an chlann go dtí an lá atá inniu ann.

Ba é Máirtín Henry Fitzpatrick Morris an mac ba shine le Micheál Morris an tríú duine den treibh a bhí ina fheisire Parlaiminte do Ghaillimh. Rugadh Máirtín sa mbliain 1867. Cosúil lena athair, ba leis an dlí a chuaigh sé agus bhí suim aige i gcúrsaí polaitíocht ó aois a óige. Cé nach raibh sé ach tréimhse amháin bliana ina fheisire parlaiminte do Ghaillimh, bhain an toghchán ar sheas sé ann sa bhliain 1900 croitheadh as cúrsaí polaitíochta i gcathair na Gaillimhe. Arís eile, ba duine den chléir a bhí ag cur a chosa i dtaca i gcoinne an Mhuiríseach.

Ba é sin an tAthair Peter Dooley a bhí mar ghiolla toghchánaíochta ag John Pinkerton a bhí ina fheisire do Ghaillimh le deich mbliana roimhe sin ó bhain sé an suíochán le tacaíocht ó Pharnell a roghnaigh é in áit an Chaptaen Ó Shea sa mbliain 1890. Ba as contae Aontroma é Pinkerton, Protastúnach a thug droim láimhe do Pharnell nuair a thit seisean as fabhar mar gheall ar an gcaidreamh a bhí aige le bean an Chaptaen Uí Shé. Bhí an tAthair Dooley ag gríosadh a thréada gach ar fhéad sé i gcoinne an Mhuirísigh. Fiú amháin mháirseáil na mná rialta a chuid gasúir scoile ó Shráid Foster síos go dtí an Fhaiche mhór ag canadh le chéile "*we will hang Lordy Morris from a sour apple tree*".

Bhuaigh Máirtín Muirís an toghchán rud a chuir ionadh

ar lucht tacaíochta *Home Rule* i nGaillimh agus go deimhin ar fud na tíre.

Maraíodh an dara mac, George, ar an gcéad lá de mhí Mheán an Fhómhar 1914 i Villiers-Cotteret in aice le Mons na Fraince le linn an Chéad Chogaidh Mhóir. Fuair mac eile, Redmond, bás in aois a cheithre bliana is fiche agus chuir Charles Ambrose, an duine ab óige, láimh ina bhás féin in aois a hocht mbliana déag. Chuaigh triúr iníon, Lily, Frances agus Eileen, isteach sna mná rialta. Bhí iníon eile, Rose, a raibh anó uirthi agus a mbíodh púicín á chaitheamh aici agus banaltra ina cuideachta beagnach i gcónaí.

Phós Maud oifigeach airm, Gray Wynne i Londain i mí Iúil 1897. Suimiúil go leor bhí an Chuntaois Markievicz ar dhuine de na cailíní a sheas léi in eaglais Naomh Muire Sráid Cadogan in aice le Plás Grosvenor. Ba col ceathrar í an Cuntais Markievicz le Gray Wynne. Chuaigh siad chun cónaí ar ghabháltas muintir Wynne sa Chlochar Riabhach ar bhruach Loch Gile i gcontae Shligigh.

Phós Kathleen Guy Orme as an Abhainn Mhór i Tír Amhlaigh i gCo Mhaigh Eo in Ardeaglais Westminster ar an 17 Eanáir 1907. Ba tiarnaí talún mór le rá iad muintir Orme uair, i dtuaisceart Mhaigh Eo agus i Sligeach, ach an oiread leis na Muirísigh dhíol siad a ngabháltais le Bord na gCeantair Cúng i mblianta tosaigh an chéid seo caite. Cé go mba den chreideamh Protastúnach é Orme tógadh na gasúir a bhí aige féin agus Caitlin mar Chaitlicigh. Phós duine acu, Dorothea, an Coirnéal Robert Berridge in 1934 agus bhí cónaí orthu thiar i dTeach Scríbe ina dhiaidh sin.

D'fhág na Muirísigh rian a láimhe ar cheantair an Spidéil mar bhíodar gníomhach i bhforbairtí a bhain leis an gceantar ina raibh siad mar thiarnaí talún ann. Go deimhin ba bheag an méid talún a bhí acu. Dhá bhaile fearainn, Both Chuanna Thoir agus Thiar, a bhí ina seilbh go dtí 1862. Sa bhliain sin cheannaigh Micheál Muirís baile fearainn an Spidéil Thiar agus sráidbhaile an Spidéil i gCúirt na nEastát Fiachbháite ó Peter Sarsfield Comyn. D'íoc sé £2,500 ar an 727 acra. Bheadh cíós bliantúil de £85-15-4 le fáil aige ar a infheistíocht. Ní raibh aon droch-cháil orthu mar thiarnaí talún ach a mhalairt mar a luaigh an tAthair Máirtín Coen ina thuairisc sa Churadh Connachtach ar an 6 Meitheamh 1975:

"Both the Judge and Mrs. Morris added prestige to the village by their presence and they were kind to their neighbours. Before leaving for the resumption of the law term on the 13th of November 1875 they left much clothes, blankets etc. to the needy of Spiddal."

Níos luaithe fós, le linn aimsir an Ghorta Mhóir, chuir Máirtín Muirís teach ar fáil do na húdaráis i Sáile Chuanna chun fóirithint orthu siúd a raibh tinneas orthu. Tugadh an

Sick House ar an teach ina dhiaidh sin. Ba é Micheál Muirís a chur brú ar na húdaráis céibh nua a thógáil ar an Spidéal. Bhí caladh dídine nó a *harbour of refuge* ag teastáil go géar i gCois Fharraige le fada roimhe sin chun foscadh a thabhairt do bháid iascaireachta agus báid mhóra a bhíodh ag iompar lasta siar agus aniar go Conamara. Bhí go leor den tuairim gur ar an Áill Fhinn i gCnoc na hAille ba chóir an chéibh a thógáil mar gheall go raibh doimhne maith farraige ann. Go deimhin bhí tiarna talún an Chnoic, an Coimíneach, ag cur brú gur ansin a thógfaí an chéibh ina dhúiche féin ach do réir cosúlachta fuair an Muiríseach an ceann is fearr air.

Sa mbliain 1867, bliain a bhí thar a bheith go dona, a thosaigh an obair ar an gCeibh nua. Fostaíodh cúpla cead fear chun bóthar a dhéanamh síos ó bhóthar an Rí go dtí an cladach. Nuair a thuig Proinsias Cuimín agus sagart paróiste an Chnoic an Canónach Ó Liatháin go raibh bob

buailte orthu agus gur sa Spidéal a thógfaidh an chéibh chuir siad i mbun feachtais chun an obair a tharraingt siar go dúiche Shailearna. Cé gur heagraíodh cruinniú mór sa Spidéal chun cur i gcoinne an láithreáin a bhí roghnaithe ba ag an Muiríseach a bhí an focal deireadh. Bhí sé measta go gcosnódh obair na céibhe £8000. Bheadh deontas de £6000 le fáil ón Rialtas agus iasacht de £2000 a bheadh le n-íoc ar ais ag tionóntaí Bharúntacht Mhaigh Cuilinn. Bhí £300 iarrtha mar éarlais roimh a thosódh aon obair Chuir an Muiríseach an £300 ar fáil as a phóca fhéin rud a d'fhág nach mbeadh le n-íoc ar ais ach £1700. Chuir sé sin stop le aon iarracht an chéibh a bhogadh ón Spidéal. Bhí tógáil na Céibhe ar an scéim oibre ba mhó a fhacthas i gConamara go dtí sin le inneall mór tógála agus blaisteála curtha i bhfearas chun an chéibh a thógáil i mBothuna. Tógadh iarnród ón gcoiléar ag barr an bhóthair chun clocha a thabhairt

síos go dtí láithreán na céibhe i bhaigíní a bhí á dtarraingt ag capaill. Bhí tóir as cuimse ar obair a fháil agus i bhfad níos mó ag tóraíocht ná mar a bhí le fáil.

Scéal eile ar fad ab ea an tairbhe a bhí luaite ó thus le tógáil na céibhe, sé sin, go gcuirfeadh sé borradh agus fás faoi thionscail na hiascaireachta i gConamara. Ní mar a shíltear, bítear mar a dúirt an Tiarna Cill Aininn féin nuair a scríobh sé chuig Balfour sa mbliain 1890

"Against my own judgement, I subscribed out of my own pocket three hundred pounds in 1868 to build a pier here".

Bhí an-bhaint ag na Muirísigh le tógáil sheipéal nua an Spidéil ag tús an chéid seo caite. Nuair a thosaigh an sagart paróiste an tAthair Marcús Ó Conaire ag stocaireacht chun an séipéal nua a thógáil ní raibh duine ar bith ba mhó a thug tacaíocht dó ná Máirtín Muirís. Ag cruinniú mór a tionóladh san Magdalen asylum i sráid Foster na Gaillimhe ar an 10



Michael Morris

Marta 1903 a cuireadh tús le feachtas bailiúchán airgid do thógáil an tséipéil.

Ní túisce an tAthair Dooley, a bhí déanamh ionadaíocht ar Easpag na Gaillimhe ag an gcruinniú, críochnaithe lena aitheasc, nuair a bhí an Muireiseach ar a chosa chun rún a mholadh ag tacú leis an bhfiontar.

Ba é an Tiarna Cill Aininn féin ba doimhne a chuir láimh ina phóca ag cur £250 ar fáil don chiste tógála. Go deimhin chuir clann Mhuiris eatarthu £1600 ar fáil as an iomlán de beagnach £6000 a cosain sé an séipéal a thógáil. Ina theannta sin bhí baint mhór ag an Tiarna Cill Aininn le roghnú an ailtire William Scott a rinne dearadh an tséipéil agus a fuair clú agus cáil mar gheall ar a chuid oibre.

Ba fostóir tábhachtach sa gceantair iad na Mhuirisigh. Bhí go leor daoine as an áit ag obair acu. Fiú amháin go dtí an t-am a díoladh an áit le Herbert Buckley i dtús na seascaidí bhí na comharsan ag fáil oibre sa teach mór agus ina thimpeallacht. Is cuimhin liom nuair a bhí me ag obair le linn shaoire an tsamhraidh sa Crúiscín Lán sa Spidéal go mbíodh Peadar Ó Cualáin nó Pete Sheáin Phatch ag cur síos do na cuairteoirí a bhíodh istigh ag ól ar a shaol. Nuair a chuirí ceist ar Phete cén tslí bheatha a bhí aige ba é an freagra a thabharfadh sé “I work for the Lord” rud a bhainfeadh gáire amach agus pionta do Phete go minic. Nuair a bhíodh an pionta beagnach folamh chuirfeadh Pete scairt eile as “And the Lord said to me Peter...” agus níos minice ná a mhalairt bhíodh an dara pionta ordaithe do Phete.

Bohooona Lodge a bhí mar ainm ar an teach mór na Muiríseach i léarscáil ordanáis na bliana 1839.

Spiddal House a bhí tugtha síos i léarscáil na bliana 1899. Rinne an dara Tiarna Máirtín Muiris ath-chóireadh ar an teach in 1910 a bhí deartha ag William Scott an t-ailtire a dhear séipéal Chill Einne. Ba mhór le rá mar theach é ag an am.

Chomh maith leis na háiseanna nua-aimseartha a bhí sa teach ba ag na Muirisigh a bhí an chéad ghluasteán a facthas sa taobh seo tíre. Carr de dhéanamh Napier a bhí inti leis an gclár uimhir IM 50.

Bhí maithe móra na linne ag tarraingt ann. Tháinig Arthur James Balfour a bhí ina Phríomh-Rúnaí ar Éirinn ag deireadh an 19ú céad, Violet Martin, Lady Gregory agus William Butler Yeats agus daoine nach iad.

Dódh an teach mór go talamh sa mbliain 1923 le linn Chogadh na gCarad. Grúpa as Tuaim a bhí i gcoinne an Chonradh a dhó é mar go raibh cairde leo daortha chun báis. Milleadh gach a raibh sa teach agus ba mhór an feall a bhí déanta. Bhí caitheamh ina dhiaidh an bheart seo fiú acu siúd a bhí ag taobhú le taobh na poblachta sa gcogadh cathartha. Ba mhór an caillteanas an leabharlann mór luachmhar a bhí curtha i dtoll a chéile ag an gcéad Thiarna agus curtha leis ag an dara tiarna. Níor tugadh do na searbhóntaí a bhí ina gcónaí sa teach mór an oíche úd ach cúpla nóiméad chun nithe a bhí uathu a thabhairt leo roimh a dhéanfaí an dó. Ba ar stór an línedaigh agus ar ghiuirleídí cistine ba mhó a bhí a n-aird agus ba iad siúd a chaith siad amach ar lawn an tí mhóir in ionad na leabhair luachmhara a bhí sa leabharlann. Cé go bhfuair Máirtín Muiris cúiteamh de £17,000 as dó an tí chuir an gníomh úd as go mór dó agus go gearr ina dhiaidh

sin chuaigh sé chun cónaí i Sasana nó “ar dheoraíocht” mar a thug sé féin air. Cailleadh é i Lee-on-Solent ar an 11 Lúnasa 1927 in aois a thrí scór bliain. Níor phós sé riamh. Ba é a nia Micheál, mac a deartháir Seoirse a maraíodh sa gcéad chogadh mór a tháinig ina áit agus a ath-thóg teach an Spidéil in 1931.

Ba mhó cáil a bhain an tríú Tiarna Chill Aininn amach dhó féin ná aon duine de na Muirisigh a chuaigh roimhe ní amháin in nÉirinn ach ar fud na cruinne go háirithe mar phearsa mór spóirt idirnáisiúnta. Bhí sé ina uachtarán ar Chomhairle Oilimpeach an Domhain ó 1972 go dtí 1980.

Cé gur dhíol sé an teach sa Spidéal in 1960 choinnigh sé an teach eile ó dheas den bhóthar, Teach Aininn a bhí mar shéipéal ag na Protastúin a chuir fúthu sa Nead na blianta roimhe sin. Tá sé i seilbh na muintire fós agus is ann a thagann a chlann ar saoire ó am go chéile. Tá an chlann sin féin ag tarraing cáil ortha féin mar tá Redmond an mac is sine ag déanamh gaisce ina ghairm mar léiritheoir scannánaíochta. Fuair sé ainmniúchán an Acadaimh sa chatagóir mar phictiúir is fearr leis an scannán “The Reader” sa bhliain 2008. Tá aithne forleathan ar dhuine eile den chlann Micheál nó Mouse Morris mar thraenálaí capall. Ní ón ngaoth a fuair siad na deá thréithe sin mar ár ndóigh ba dual athar dóibh é. Bhí baint mhór aige san le Rásaí na Gaillimhe mar chathaoirleach ar choiste na rásaí ar feadh na mblianta. Bhí sé suimiúil go raibh baint nach beag aige le cúrsaí scannánaíochta agus go speisialta leis an stiúrthóir scannánaíochta John Ford nuair a déanadh an scannán cáiliúil *The Quiet Man*.

Níl amhras ar bith ach go raibh baint ag an bpáirtneireacht seo leis an gcleamhnas idir muintir Mhuiris agus muintir Fheinneadha a labhair me faoi ar ball beag. Go deimhin ba sa Spidéal ba mhian le John Ford an scannán a dhéanamh ach ní raibh óstan sách substaintiúil ann chun freastal ar an bhfiontar agus sin é an fáth gur i gCunga a roghnaíodh mar láthair don *Quiet Man* i 1952.

Is díol spéise é an dearcadh a bhí ag na Muirisigh ar an nGaeilge. Cé go raibh sí ar a thoil ag George agus gur labhair sé í go fonnmhar ní mba amhlaidh dá dheartháir, an chéad tiarna Micheál. Do réir a iníon Maud ní raibh aon ghean aige don tuairim gur chóir an Ghaeilge a bheith mar ábhar éigeantach scoile. Lean a mhac Máirtín an múnla céanna mar nuair a moladh rún ag cruinniú de Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag tús an chéid seo caite gur chóir go mbeadh an Ghaeilge ag teastáil chun post a fháil sa tseirbhís phoiblí, ba é an Muiríseach an t-aon chomhairleoir a vótáil i gcoinne an rúin. Mar sin féin bhí sé i láthair ag oscailt Choláiste Chonnacht i mí Lúnasa 1910 agus labhair sé go bríomhar ag moladh na h-ócaíde. Bhí dearcadh níos dearfaí ag an tríú Tiarna Micheál mar dúirt sé go mba údar díomá dhó nach raibh an teanga ar a thoil aige agus go raibh sé bródúil go raibh a chuid gasúir ag freastal ar scoil sa Spidéal agus ag foghlaim thrí mheán na Gaeilge. Is fiú a lua go raibh an tríú tiarna níos dioplómaitic ná an bheirt a chuaigh roimhe a bhí beo le linn ré a bhí éagsúil ar go leor bealaí. Níor cheil siad beirt a gcuid smaointe cé go raibh fhios acu nach iad ba mhó a thaitneodh leis a móramh. Ní raibh aon tréith den fheimineachas ag baint leo mar bhíodar bródúil as an oidhreacht ónar fáisceadh iad agus leis an mana clainne a bhí acu SI DEUS NOBISCUM QUIS CONTRA NOS (Má tá Dia linn, cé atá inár gcoinne).

Mo Chuimhne ar an Teilifís Bradach

Seosamh Ó Cuaig

An oíche ar taispeánadh an scannán faoin dornálaí Sean Ó Mainnín i Ros Muc bhí an Chrannóg lán go doras. Bhí muintir Ros Muc bródúil astu féin an oíche sin agus ar ndóigh bhí siad thar a bheith ríméadach as a raibh le feiceáil ar an scáileán acu. Ba tráthúil an ní é freisin gur trí TG4 a tháinig an scannán.

Ní dhéanann muintir Ros Muc dearmad aon uair go raibh baint mhór ag an méid a tharla sa gCrannóg sa mbliain 1987 le TG4 a bheith ann beag ná mór. Is mór an chreidiúint atá ag dul do Cheannaire TG4, Alan Esselmont, as ucht nach ndearna seisean dearmad air ach an oiread.

“I Ros Muc atá fréamhacha TG4,” a dúirt sé agus é ag cur an scannáin i láthair.

Fág faoi fhear na hAlban é. Ní minic a chuala muid craoltóirí Éireannacha á admháil, bíodh siad ag craoladh i mBéarla nó i nGaeilge. Déantar dearmad sách minic freisin ar bhaint Ros Muc le bunú Raidió na Gaeltachta.

Níl fúm anseo cuntas mion a thabhairt ar an gcaoi ar cuireadh an teilifís bradach ar an aer i Ros Muc. Fágfaidh mé faoi dhaoine eile é sin a dhéanamh. Ní fhéadfainn dearmad a dhéanamh, mar sin féin, ar dhaoine a raibh lámh acu san obair - Colm Ó Mainnín go speisialta, Piaras Ó Gaora agus, ar ndóigh an eagraíocht Cumhacht a chosain an tarchuradóir ar thaobh Chnoc Mordáin ar fhaitíos ruathair ó na Gardaí. Ba é Maidhc Ó Conaire a bhí i mbun slándála sa gCrannóg. Ormsa agus ar Cholm Ó Mainnín a cuireadh an dualgas Oireachtas na nGael a eagrú go speisialta i Ros Muc an chéad deireadh seachtaine de Dheireadh Fómhair le go bhféadfaí imeachtaí an Oireachtais sin a chraoladh ar an teilifís bradach. Ar ndóigh craoladh imeachtaí Oireachtas na nGael a bhí i Ros Muc i 1970 ar Shaor-raidió Chonamara. Macalla air sin a bhí anseo.

Cuireadh i mo leith ag an am gur fhan mé amach cuid mhaith as an iarracht de bharr mé a bheith ag obair i Raidió na Gaeltachta. Ní dóigh liom go raibh an breithiúnas sin cóir ná cothrom. Dúirt fear fiúntach liom ó shin a bhí i gceartlár na hoibre é féin go raibh an t-ádh dearg orm nár chaill mé mo phost le chomh mór agus a bhí mé luaite leis an teilifís bradach. Is cinnte go raibh iarrachtaí déanta agam féin agus ag daoine eile le tamall maith roimhe sin a leithéid de stáisiún a chur ar an aer.

Nuair a bhí mé ag obair leis an nuachtán “Amárach”, scríobh mé alt ag cur síos ar an gcóras teilifíse a bhí acu ar Oileáin Fharó nó na Scigirí mar a thugtar ar na hoileáin freisin. Tharla ina dhiaidh sin go ndeachaigh Donncha Ó hÉallaithe, Ruaidhrí Ó Tuairisg agus Pádraig de Bhaldráithe ar thuras farraige i mBád Chonraí, an St. Patrick. Spreag an t-alt iad le dhul ag fiosrú faoin gcóras teilifíse sna Scigirí.

Ar theacht abhaile dóibh, casadh Bob Quinn dóibh agus d’inis siad dhó faoin gcóras teilifíse a bhí ag muintir na Scigirí ina dteanga féin. Dúirt Bob gurbh fhiú féachaint leis an rud céanna a dhéanamh i gConamara agus Teilifís na Gaeltachta a bhunú.



Saor-raidió Chonamara

*Ag Tigh Vail Uí Fhlathartaigh, an Caorán Mór, an Cheathrú Rua
Seosamh Ó Tuairisg sa “stiúideo” [Pic. Tomás Ó Raighne]*

Ba é Bob a fuair an té a bhí in ann an tarchuradóir a chur le chéile leis an gcraoladh bradach a dhéanamh.

Rinne mé féin agus daoine eile iarrachtaí in imeacht na mblianta tarchuradóir a fháil le stáisiún mídhleathach teilifíse a chur ag craoladh. Is cuimhin liom uair a ndeachaigh mé féin agus cara maith liom ag bailiú airgid lena aghaidh. Gheall daoine flaithiúla suimeanna maíthe airgid dhúinn freisin.

Chuaigh muid ag triall ar Sheán Mac Stiofáin cuir i gcás - fear a bhí ina cheann foirne ar Shealadaigh an IRA tamall roimhe sin. Dúirt sé go bhfaigheadh sé £3,000 dhúinn as ciste éicint a raibh smacht fós aige air.

Thug muid cuairt ar fhear a raibh eolas aige ar bhealaí oibre rialtas Cumannach na Rúise. Mhínigh sé dhúinn go raibh sé le dhul ar cuairt chun na Rúise maidin lá arna mháireach ach ní mórán dóchais a bhí aige go bhfaigheadh muid aon *rouble* éasca óna Cumannaigh de bharr nach raibh conradh cultúrtha éicint sínithe acu fós le rialtas na hÉireann. Dá mbeadh, d’fhéadfaí traidhfil *roubles* a chur trí chumann éicint. Chuala mé ó shin go raibh bealaí eile ann lena dhéanamh ach má bhí ní bhfuair muid aon tuairisc orthu

ag an am.

Mar a tharla níor thóg muid airgead ó dhuine ar bith a gheall é. ‘Sé’n socrú a rinne muid leo go gcuirfeadh muid fios ar an airgead chomh luath agus a d’aimseodh muid tarchuireadóir. Níor aimsigh. Tháinig fear níba éifeachtaí inár ndiaidh a fuair tarchuireadóir.

Díospóireacht mhór amháin a tharla nuair a bhí an teilifís bradach le cur ar an aer i Ros Muc, argóint a thosaigh idir mé féin agus daoine eile faoi ar cheart Mír 31 den Acht Craolacháin a bhriseadh ar an aer. Ba sheo é an dlí a chuir cosc ar agallaimh le daoine as Sinn Féin. Bhí físeán ag Tommy Collins, léiritheoir scannán as Doire, den díospóireacht a tharla roimhe sin ag Ardtheis Shinn Féin nuair a bhí Gerry Adams agus Ruairí Ó Brádaigh ag dealú óna chéile. Díospóireacht den scoth a bhí inti. Dá gcráolfadh RTE an méid a dúradh, nó dá mbeadh cead acu é a chraoladh, ba mhór a chuideodh sé le próiseas na síochána a bhrostú.

Thuigfeadh duine ar bith a d’fheicfeadh é go raibh Gerry Adams ag dul bealach na síochána de réir a chéile. Creidim féin fós gurb é an toradh a bheadh air sin go gcríochnódh an cogadh ó thuaidh i bhfad níos tuisce ná mar a tharla.

Chuir mise in aghaidh an físeán a chraoladh ar an teilifís bradach mar gur thuig mé go rímhaith gurbh é sin a bheadh ina phríomhscéal ar na meáin chumarsáide ar maidin. Déarfaí nach raibh ionainn ach bolscairí ar son an IRA. Dhéanfaí dearmad den chás a bhí muid a chur chun cinn ar son seirbhíse buan teilifíse don Ghaeltacht.

Níorbh ionann sin agus a rá ar ndóigh nach raibh mé go mór in aghaidh Mhír 31 den Acht Craolacháin. I m’ainimse a thosaigh cúis Cheardchumann na nIriseoirí, an NUJ, le tabhairt go Cúirt na hEorpa i Strasbourg. Mattie Jó Shéamais a d’iarr orm é a dhéanamh. Ba é Mattie an t-ionadaí ceardchumainn a bhí againn i gCasla ag an am.

“An ndéanfaidh tú é?” a dúirt Mattie.

“Is mór an chúis bhróid dhom é a dhéanamh, a Mhattie” a dúirt mise.

“Ó CUAIG AND OTHERS V IRELAND” an teideal a bhí ar an gcúis i dtosach, leagan a raibh mé an-bhródúil as.

“BETTY PURCELL AND OTHERS” an t-ainm a bhí acu sa deireadh.

Ní bhfuair mé amach ariamh cé a d’athraigh é. Nuair a bhí an chúis críochnaithe i Strasbourg, bhí mé féin, fear na gCearta Sibhialta, Kevin Boyle agus Frank Clarke ag siúl i



Saor-raidió Chonamara

Colm Ó Donnachadha ag an deasc craolta [Pic. Tomás Ó Raighne]

dtreo an aerfoirt. D’fhiafraigh mé de Frank Clarke cén seans a bhí againn.

“Seans an-mhaith ar fad,” a dúirt sé, “d’éirigh go breá linn.”

Chuaigh mé anonn ag Kevin.

“Abhcóide é Frank,” ar seisean, “agus tá sé ag smaoineamh mar abhcóide, ach is cúis pholaitíochta í seo agus bheadh amhras orm.”

B’fhíor dhó. Chaill muid. Bhásaigh Kevin Boyle ó shin agus is é Frank Clarke Príomhbhreitheamh Éireann inniu.

Ach ar ais go Ros Muc linn. Nuair a léigh Charlie Haughey faoin gcráoladh bradach ghlaoigh sé ar Phríomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Ruán Ó Bric. Cheistigh sé é faoin gcráoladh bradach. “Get me a report on it,” a dúirt Charlie. Ba shin é an tús ar an gcuid oifigiúil den fheachtas ar son na teilifíse.



Ón gcarbhán go dtí Ceannáras TG4 i mBaile na hAbhann

Beagán Eolais faoi Chuid de Ghasúir mo Cheantair a bhí i Seanscoil Sailearna Fadó

Breandán Ó Tuairisg

Dáta	Ainm	Aois	Baile	Ceird an athar
Iúil 1869	Walsh, William	11 bl.	An Lochán Beag	'Weaver'. – cuid de sheanmhuintir John Joe agus Judeen na mBreathnaigh.
Iúil 1869	Waters, Patrick (Rod)	10 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. – Pádraig Ruaidí Ó Tuairisg; bhíodh sé ag gearradh adhmaid.
Aib 1872	Folan, James	10 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Séamus Beag Phroinsias – dúradh faoi gur an-fhear farraige a bhí ann. Bhíodh De Valera ar cuairt sa teach i dtús na dtríochaidí, ag foghlaim Gaeilge.
Meith 1870	Waters, Patrick John	7 bl.	An Lochán Beag	Athair Mhichael Mholly. Bhí teach ósta aige.
Meith 1872	McDermott, Edward	9 bl.	An Lochán Beag	Edward Pheaidí a maraíodh i bpléasc an 'Mine'.
Lún 1872	Walsh, Mathew	9 bl.	An Lochán Beag	'Widow'. Maitiú Breathnach?
Samh 1872	Feeney, Michael	11 bl.	An Lochán Beag	'Dealer'. Maidhc Sheáin. Bhíodh sé ag díol is ag céannacht do dhream áithrid.
Meith 1873	Waters, John	10 bl.	An Lochán Beag	Sean-athair Joe Shéainín Bhig. Bhíodh sé ag saibhéaracht le mo shean-athair, Pádraig Ruaidí. Tá an sábh agamsa i mo theach anois.
Iúil 1873	Flaherty, Martin	8 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Máirtín Shéainín Sheáin.
Lún 1873	Costello, Peter	12 bl.	An Lochán Beag	'Smith'. Peadar a' Ghabha. Ba leis Costello's Bar, Cotter's Bar, An Poitín Stil.
M Fómh 1874	Feeney, William	12 bl.	An Lochán Beag	'Dealer'. Sin iad a tháinig isteach sa scoil bheag a raibh Pádraig Robinson ina mháistir.
Iúil 1876	Walsh, Thomas	9 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Deartháir go Cholm Stiofáin Breathnach. Chuaigh sé go Meiriceá. Bhí sé ag obair ansin Lá 'le Stiofáin, thit crann air agus bhásaigh sé.
Iúil 1878	Flaherty, Coleman	8 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Deartháir go Bheartla Tom, sílim.
Aib 1872	Walsh, Patrick	6 bl.	An Lochán Beag	'Weaver'. Pádraig Breathnach, sean-athair John Joe agus Judeen na mBreathnaigh.
Beal 1872	Costello, John	5 bl.	An Lochán Beag	'Smith'. Deartháir go Pheadar a' Ghabha. Chuaigh sé sna póilíní.
Beal 1872	Walsh, William	6 bl.	An Lochán Beag	'Orphan'. Dilleachta.
Beal 1874	Kyne, Bartley	6 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Athair Bhid Bheartla Uí Chualáin, mo chomharsa a bhásaigh i 1981. Thug sí go leor eolais dom faoi na daoine.
Éan 1877	Waters, Michael	6 bl.	An Lochán Beag	Uncaile le Seáinín Beag Ó Tuairisg. Bhí sé sna póilíní agus fuair sé bás i Hong Kong.
11 Meith 1901	Keady, Tim	7 bl.	An Lochán Beag	Tadhg Mharcais. Fuair sé bás i bpléasc an 'Mine' agus tá sé curtha i Reilig an Chnoic.
D Fómh 1879	Costello, Patrick	3 bl.	An Lochán Beag	Pat a' Ghabha. Bhí a theach síos Bóithrín Tom Thaidhg. Tá teach ag Stiofan agus Treasa Uí Chonaire ar shuíomh Tigh Phat a' Ghabha.
Meith 1890	Flaherty, Joseph	4 bl.	An Lochán Beag	Joe Mháire Choilm a bhásaigh i bpléasc an 'Mine'. Tá sé curtha i reilig an Bhóthair Mhoir.
9 Beal 1893	Keady, Patrick	3 bl.	An Lochán Beag	Pádraig Mharcais. Is é a dheartháir, Tadhg, a bhásaigh i bpléasc an 'Mine'.
9 Beal 1893	Toole, Mathew	4 bl.	An Lochán Beag	Maitiú Mháirtín.
1 Éan 1887	Waters, Michael	13 bl.	An Lochán Beag	'Transferred from Fahey National School, Co. Galway.' Níl 'fhios agam cé hé.

2 Már 1923	Donohoe, Patrick	6 bl.	Castlemadden	'Landholder'. Bhásaigh Patrick ina bhuachaill óg.
5 Iúil 1926	Donohoe, Martin	6 bl.	Castlemadden	'Landholder'. Máirtín Choilmín Pháidín Nóra. Chuaigh deartháir eile leis, Johnny, don Astráil in éineacht le Pádraig Sheáinín Bhig (Tuairisg) agus Pete Pheadairín Ó Tuathail as an Lochán Beag. Sa gclann freisin bhí Máire a fuair bás go hóg agus Séara a bhí pósta le Meait Mhicilín – bhí mé ag freastal an aifrinn an lá ar phós siad in 1957.
1 M Fómh 1923	Folan, Pat	5 bl.	Castlemadden	'Landholder'. Mac le Seán Nóra.
2 Meith 1924	Folan, Joseph	3 bl.	Castlemadden	Deartháir Phat, mac eile le Seán Nóra.
18 Meith 1889	Walsh, Colman	4 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Colm Stiofáin. Bhí fear ar an mbaile, nach maireann, a rá liom go raibh searrach ag capall Choilm agus go raibh péire adharca ar an searrach. Cheap sé go raibh baint ag an diabhal leis.
20 Meith 1892	Hopkins, Thomas	4 bl.	An Lochán Beag	'Labourer'. Taimín Tom Thaidhg a mharaigh an 'Mine'. Tá sé curtha i Reilig an Bhóthair Mhóir.
25 Aib 1887	Naughton, Joseph	6 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Bhí teach aige thuas ag an gclái nua. Dhúin sé suas agus chuaigh sé go Meiriceá.
Aib 1880	Carr, John	9 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Uncail go Phádraig Chearra, Seán. Chuaigh sé go Meiriceá.
Márta 1886	Kyne, Frank	10 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Frainc Cháit. Tá balla an tí le feiceáil fós ar an mbaile thíos.
Samh 1886	Feeney, Coleman	5 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Deartháir le Pádraig Ó Finneadha (file). Bhásaigh sé go hóg.
Meith 1884	Feeney, Patrick	5 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Pádraig Sheáin Bhairbre. Rinne garmhac leis, Cóil, crois dheas ar leacht an 'Mine'.

Iontráil Spéisiúil Eile sa Rolla

Bealtaine 1880; Folan, John James; 5 bliana; as an Lochán Beag;
'Farmer' a bhí thíos do cheird an athar.

'Jack the Navy' a thugtaí air; bhí teach beag aige thuas ar an Aill Bhuí, suas ón gclái nua. Chuaigh sé sna *Connaught Rangers* óg go maith agus bhí sé ag troid san i gcath Ginchy in áit ar tugadh Loeze Wood air, nó 'Lousy Wood' mar a thug na saighdiúirí sa bhFrainc air in 1916, le linn an chéad Chogaidh Mhóir, agus rinneadh sléacht orthu ann. Ní raibh fanta ach fíorbheagán acu nuair a d'imigh na Gearmánaigh leo. Bhí siad fágtha ansin le bás a fháil. Ní raibh le n-ithe acu ach na coirp a bhí timpeall orthu nó gar dhóibh.

Tar éis cúig lá a chaitheamh ar an talamh tháinig saighdiúirí Meiriceánacha an bealach agus thug siad ag an ospidéal iad. Dúirt an dochtúir le Seán go gcaithfí an dá chois a bhaint dó má bhí sé le maireachtáil, ach bhí sé rólag le hobráid a chur air go ceann cúpla lá.

"You're not getting my legs anyhow," a dúirt Seán, agus d'éalaigh sé amach as an ospidéal chomh luath agus a bhí sé in ann corraí.

Níl 'fhios agam cá raibh sé ina dhiaidh sin, ach is cosúil go raibh sé san Afraic achar ina dhiaidh sin. Scríobh sé litir 'uig mo Dheaide, arbh é a chol ceathrar é, ag iarradh air asal a chur amach 'uige le é fhéin, a mhála agus a chóta mór a thabhairt ó áit go háit.

Chaith sé blianta fada san arm agus tháinig sé ar ais go hÉirinn, go Teach na mBocht i mBaile Locha Riach. Thug Bidín Mháirtín Choilm, máthair Phádraig Joe Chóil sna hAille, amach go dtí na hAille é le breathnú ina dhiaidh i dtús na bliana 1953 – san earrach, ceapaim. Bhí mé i mo sheasamh amuigh ag an ngeata nuair a chonaic mé a' rith aníos trasna an bhóthair é ó Tigh Shéamais Sheáin, an teach inar rugadh agus ar tóigeadh é agus a dhá chois air chomh maith is a bhí siad ariamh. Tháinig mé isteach ina dhiaidh, d'inis sé an scéal sin do mo dheaide agus is minic a chuala mé ag mo dheaide ina dhiaidh sin é, chomh maith le scéalta eile faoi.

Chuaigh siad soir Tigh Mholly ansin agus ní fhaca mé Jack ina dhiaidh sin. Rinne Bidín iarracht mhór aire a thabhairt dó ach níorbh fhéidir é. Ní raibh an tsláinte an-mhaith ag Bidín agus cuireadh ar ais i dTeach na mBocht é. Is ansin a fuair sé bás.

Sin píosa beag faoi shaol Sheán Mháire Ruaidí, "Jack the Navy". Bhí deirfiúr aige, Máirín, bean Phat Pheadidí, agus bhí deartháir leis sa teach, Ruaidí Shéamais Sheáin, a bhí bodhar agus balbh. Bhí Séamas Sheáin pósta le Máire Ruaidí, deirfiúr le mo dheaidé, Pádraig Ruaidí.

Seo Cuid de na Cailíní a bhí i Seanscoil Sailearna Sna Blianta Sin

10 Meith 1896	Coyne, Bridget	3 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Bid Bheartla Uí Chualáin, mo chomharsa maith a bhásaigh in 1981. Thug Bid go leor páistí ar an saol chomh maith leis na mairbh a chóiriú
18 Iúil 1898	Walsh, Mary P	6 bl.	An Lochán Beag	'Weaver'. Máthair Judeen Uí Chonghaile agus John Joe na mBreathaigh, Cnoc Mhuire.
17 Meith 1901	McDermott, Mary	5 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Máire Pheaidí. Bhí sí in Portland Maine nuair a bhásaigh a hathair i bpléasc an 'Mine'.
9 M Fómh 1902	Walsh, Séara	6 bl.	An Lochán Beag	'Weaver'. Séara an Bhreathnaigh. Bhí aithne agam uirthi i bPortland Maine, 1965.
1 M Fómh 1886	McDermott, Mary	9 bl.	An Lochán Beag	'Farmer'. Deirfiúr le Edward Pheaidí. Chuaigh sí go Meiriceá in aois a 16 bliana.
1 M Fómh 1886	Folan, Bridget	8 bl.	An Lochán Beag	Bríd Shéamais Sheáin a bhí pósta le Máirtín Choilm sna hAille; sean-athair Phádraigín Joe.
12 Meith 1894	Coyne, Mary B	8 bl.	An Lochán Beag	Deirfiúr le Bid Bheartla. Chuaigh sí go Meiriceá ina bean óg.
1 Iúil 1906	Feeney, Honor	7 bl.	An Lochán Beag	Deirfiúr go Ned Sheáin. Chuaigh sí go Meiriceá.
1 M Fómh 1880	Kyne, Eliza	6 bl.	An Lochán Beag	Deirfiúr le Táilliúr Johnny; sean-aintín do Phaddy an Táilliúra.
15 M Fómh 1893	Hopkins, Honor	5 bl.	An Lochán Beag	Nóra Tom Thaidhg; bhí sí ag obair in Oifig an Phosta sa Spidéal; deirfiúr le Taimín a bhásaigh i bpleas an 'Mine'.
9 Beal 1894	Coyne, Ellen	4 bl.	An Lochán Beag	Deirfiúr le Johnny Mhaidhc Ó Cadhain.
12 Lún 1895	McGinn, Barbara	5 bl.	An Lochán Beag	Iníon le Liam Ging.
1 Iúil 1889	McGinn, Catherine	4 bl.	An Lochán Beag	Iníon le Liam Ging. Níl aon duine acu fanta sa gceantar.
27 Iúil 1895	Walsh, Bridget	3 bl.	An Lochán Beag	Aintín go Judeen agus John Joe na mBreathnaigh. Bhí aithne agam ar Delia. Duine álainn.
1 Iúil 1902	Waters, Mary	6 bl.	An Lochán Beag	Deirfiúr le Seánín Beag Ó Tuairisg. Fuair sí bás leis an fluú in 1918.



Seanscoil Sailearna sna blianta siar

Seanphictiúir ón gCeantar



Teidil na bPictiúr:

1. Breandán Mháirtín Mhóir, Neansaí Mháirtín Bheartla agus Marie Uí Thuairisg
2. Cóil Ruaidí Ó Tuairisg, an trathnóna a bhásaigh sé
3. Ó chlé, Máire Chóil Choilm as an Lochán Beag, a mac Pádraig a bhásaigh le gairid i mBostún, agus Nóirín Chóil Choilm
4. Michael Mholly agus Máirtín Seoighe as an Lochán Beag in Eanáir na bliana 1971
5. Róisín Ní Thuairisg as an Lochán Beag in éineacht lena Deaideo, Pakie Lynch, nuair a bhí sé i bhfoisceacht cúpla mí den chéad

An *Battery*, Túr Martello Ros an Mhíl

Máirín Mhic Lochlainn

Sheas mé taobh amuigh den BATTERY cúpla geábh le roinnt bliana anuas, agus mé ag breathnú suas ar an doras dúshlánach, agus ar an rópa atá ag síleadh anuas as! Ag cuimhneamh ar dhul isteach ann a bhím, ach theip ar mo mhisneach chuile gheábh go dtí an lá cheana, agus thug mé faoi, ach ní dheachaigh mé thar an doras. Mar sin tá orm cuimhní cinn agus cuntas a thug mo uncail, Colm Ó Maoileoin, ar an mBattery a úsáid sa bpísín seo atá curtha le chéile agam faoi.

Déanta as cloch aoil atá an túr seo, agus de réir scéil is amach as Árainn a tháinig an chloch, agus chuile seans gur fíor é, mar níl aon chloch aoil thart sa gceantar seo, mar is eolas dúinn. Tá balla thuaidh an túir thart ar ocht dtroithe ar tiús, agus tá an balla dheas níos tibhe agus níos láidre fós, le go mbeadh sé in ann seasamh i gcoinne ionsaí gunnaí móra, mar is ón taobh sin a thioctadh na longa cogaidh, dá dtiocfadh siad anoir an cuan. Tá doras an túir ocht dtroithe ós cionn talún, agus tá barra iarainn ag a íochtar agus barraí ag íochtar an dá fhuinneog atá air le nach mbeadh aon duine in ann teacht isteach tríothu.

Tá carnán clocha thíos faoin doras sa lá atá inniu ann, agus tá píosa de rópa mór láidir ceangailte timpeall an bharra iarainn atá ag íochtar dorais, agus is féidir breith air seo le thú féin a tharraingt suas go dtí an doras agus isteach sa túr – nó sin a rinne muid is muid inár ngasúir, agus b'shin a rinne ár sinsir romhainn. Bhí míle fainic curtha orainn gan dul isteach ann, ach chuaigh, mar bíonn an óige fíorach agus dúshlánach, agus chuir mise fainic ar mo chuid gasúir féin gan dul isteach ann, ach chuaigh, agus cé a thógfadh orthu é. Seans gur rópa a bhíodh ceangailte den bharra iarainn ag íochtar an dorais an bealach isteach a bhíodh acu fadó.

Nuair a sheasann duine i ndoras an BATTERY agus breathnú ina thimpeall, feiceann sé nó sí cé chomh cruinn is a bhí an túr tráth, deirim tráth, mar sa lá atá inniu tá píosa mór den bharr leagtha, nó caite anuas. Bhí staighre ag dul síos go híochtar an túir, sé troigh nó mar sin, agus thíos ag íochtar an staighre bhí carnán cloch, agus tobar freisin agus bhíodh leac aolchloiche á chlúdach tráth. B'fhéidir leat ansin, dul suas balla an tseomra bhig a bhí thíos in íochtar, agus dul thríd an bhfuinneog agus suas an staighre go dtí an barr. Thuas ansin atá an gunna mór, agus tá na barraí iarainn ar a raibh sé leagtha caite ar urlár an dín. Bhíodh balla cruinn i do thimpeall nuair a shroichfeá an barr, agus is air sin a thugtaí i dtéarmaí míleata an t-uchtbharr nó an *parapet* mar a thugtar air sa mBéarla. Bhíodh barraí móra iarainn i bhfostú ar an urlár, agus is orthu sin a bhíodh an gunna mór ina shuí, agus d'fhéadfaí é seo a chasadh thart de réir mar a d'fheilfeadh. Tá luaidhe idir na barraí seo agus an balla lena gcoinneáil le chéile, agus cuireann sé sin lena chuid láidreachta.

De réir cosúlachta, báid mhóra a thug an chloch aoil as Árainn leis an mBattery a dhéanamh, agus d'úsáid siad unlas, nó *windlass*, leis na clocha a thógáil as na báid agus

a tharraingt suas an cladach go dtí an *Battery*. Ach, céard a d'úsáid siad istigh in Árainn leis na clocha a chur sna báid, níl 'fhios agam, mar níor chuala mé an chuid sin den scéal ariamh. Bhíodh scéilín beag ag m'athair agus bhí an scéal céanna i gcuntas m'uncail freisin, faoi fhear as Tóin an Chnoic a bhí ag obair ansin, a ndeachaigh a bhriste i bhfostú san unlas agus crochadh leathbealaigh suas san aer é. Bhí an t-ádh leis gur chuala an fear ag barr a chuid béicíola agus gur stop sé ag casadh, agus gur ligeadh síos an fear a bhí i bhfostú.

Bhí fear i Ros an Mhíl darbh ainm Tomás Mac Eoin le linn óige m'athar agus uncail Colm a bhíodh ag maíomh go raibh a sheanathair ag obair mar shaor cloiche nuair a bhí an *Battery* á thógáil, agus ar ndóigh chuile sheans gurbh ag inseacht na firinne a bhí sé.

Anois, bhíodh tithe ag na saighdiúirí Sasanacha ar chúil an *Battery*, agus iontu sin a bhíodh siad ag cur fúthu. Deireann m'uncail, Colm Ó Maoileoin*, ina thuairisc go bhfaca a mháthair na saighdiúirí agus iad gléasta amach ina gcuid *uniforms* – bristí dúghorma le stríoc dhearg síos lena dtaobh, agus caipín a raibh speic ghorm uirthi agus coróin ghorm le barr dearg. Chuala Colm bean eile ag cur síos ar dhamhsa a bhí sa *mBattery* uair agus go raibh an-oíche go deo acu. Tá muid anois ag caint ar dheireadh na 19ú haoise.

Deirtear go bhfuil iníon oifigeach a bhí ar dualgas ansin curtha i reilig Mhaighrois, agus seans nach bhfuil aon duine beo anois a mbeadh 'fhios acu cá bhfuil a huaigh, cé go ndeireann Colm go bhfuil leac bhreá uirthi – go ndéana Dia grásta uirthi.

De réir an tseanchais, nuair a d'fhág na saighdiúirí an *Battery*, chuaigh Stiofán de Búrca as Baile an tSléibhe agus a bhean chun cónaí ann; ó tharla nach raibh teach acu chuir siad fúthu sa *mBattery*. Lig an Búrcach air fhéin gurbh iad na Sasanaigh a chuir ansin é le aire a thabhairt den áit. Bhí sé ráite freisin go ndearna Stiofán iarracht tráth ar Shéamus Ó Maoileoin, mo sheanathair, a chaitheamh amach as garraí a bhí aige in aice láimhe, agus nuair a chuaigh Séamus agus a thriúr dearthár i ndiaidh an Bhúrcaigh gur rith sé isteach sa *mBattery* – go ndéana Dia trócaire orthu ar fad.

De réir cosúlachta, bhí oideachas ar Stiofán mar deirtear gur scríobh sé go Sasana nó go Baile Átha Cliath ag iarraidh ar na húdaráis caoi a chur ar an díon leis an mbraon anuas a stopadh, agus gurbh é an freagra a fuair sé ná é a chaitheamh amach as. Bhí sé ráite freisin go raibh dearthair ag Stiofán a

bhí an-mhór leis na saighdiúirí, agus mar sin nár chuir aon duine isteach ná amach air an fhad is a bhí sé ann, ar fhaitíos go bhfógródh sé an dlí orthu.

Ba é Stiofán an duine deireanach a chuir faoi sa mBattery, agus d'fhan an braon ag teacht anuas go dtí gur lobhadh an doras, agus gur thit an seomra thíos staighre as a chéile. Ba iad na Tuairiscí, an dream a bhí ag cur fúthu sa stáisiún cósta i mBaile an tSléibhe, a bhíodh ag tabhairt aire don BATTERY i ndeireadh ré agus chuireadh siad cóta nua aoil air chuile bhliain. Tar éis do na Tuairiscí an áit a fhágáil ní raibh aon duine ag tabhairt aire do Thúr Martello Ros an Mhíl ariamh ó shin. Ach tá sé ansiúd ina sheasamh go maorga go dtí an

lá atá inniu ann, agus cé gur dearnadh iarracht é a chur in aer le maide geiligníte ag tús na seachtóidí, níor baineadh croitheadh as fiú, cé gur cloiseadh an phléasc tamall maith ó bhaile.

** Bé Colm Ó Maoileoin m'uncail agus d'úsáid Amanda Reid, bean a scríobh páipéar faoin mBattery, cuid den mhéid a scríobh seisean faoin mBattery siar sna 1920í, agus d'úsáid mise an cuntas sin mar chúlra don phíosa thuas, agus níl sé chomh difriúil sin leis an méid a chuala mé cois teallaigh ó mo Dheaide agus mé i mo chailín óg i Ros an Mhíl. Tá an leagan Béarla dhe seo le fáil ar an Idirlíon.*



*Peigín Uí Thuairisg (bean Phádraig Ruaidí, Peigín Ní Chonghaile as an gCloch Mhóir sular phós sí)
agus Maidhc Phádraig Ruaidí (Ó Thuairisg) as an Lochán Beag*

Go Kilimanjaro

Donncha Tim Ó Conghaile & Gearóid Willy Ó Fátharta

Ar an 8ú Iúil thug muid aghaidh ar an Tansáin chun tabhairt faoin sliabh is airde san Afraic a dhreapadh, Sliabh Kilimanjaro (Uhuru Peak). Bhuail muid lenár gcomhghleacaithe ar fad in aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhí cúigear déag eile ag tabhairt faoin dúshlán céanna. Ina measc bhí ceannaire an ghrúpa, Mary Gunning ón gcomhlacht Earth's Edge agus an dochtúir Edel McEntee. Ón gcéad nóiméad sin, ba léir go mbeadh atmaisféar gealgháireach agus réidh i measc na ndreapadóirí uile.

Seachtain ina iomláine a bhí muid ar an sliabh é féin. Seo briseadh síos beag ar na laethanta agus an airde ag a raibh gach campa.

Lá 1	Geata Machame go Campa Machame	2980m
Lá 2	Campa Machame go Campa Shira	3840m
Lá 3	Campa Shira go Campa Barranco	3950m
Lá 4	Campa Barranco go Campa Karranga	4000m
Lá 5	Campa Karranga go Campa Barafu	4550m
Lá 6	Campa Barafu go Uhuru Peak	
	go Campa Mweka	5896m - 3100m
Lá 7	Campa Mweka go Geata Mweka	1650m

Seo mar a bhí na laethanta socraithe amach:

06:30rn Éirí

07:00rn Bricfeasta

07:30rn Pacáil agus trealamh an lae a ullmhú

08:00rn Siúl ar feadh 8-10 uair an chloig

17:00in Socrú suas campai & ligean scíth

18:30in Dinnéar

20:00in Codladh (más féidir)

Ó bhun an tsléibhe suas chomh fada le 3500m, is trí fhoraois thiubh a thug ár gcosán muid. As sin ar aghaidh, d'oscail an timpeallacht suas ina fhásach alpach, lom, áit ina raibh corr bheagán ag fás ann de bharr an airde, easpa ocsaigin, triomach agus an fuacht ribeanta san oíche. Is mar sin a lean an tírdhreach go dtí gur bhain muid amach an mullach, áit ina raibh oighearshruthanna ollmhóra suite.

Ar feadh an ama bhí orainn a bheith thar a bheith díograiseach i dtaobh na comhairle a tugadh dúinn go laethúil faoi chúrsaí leighis agus sábhailteachta. Níor cuireadh iachall orainn riamh taibléidí nó leighis a ghlacadh, ach moladh dúinn céard ba cheart a ghlacadh chun an seans is fearr a thabhairt dúinn féin dul go barr sléibhe. Chabhraigh na taibléidí leis an gcorp a theacht i dtaithí ar an aer a bhí ag fáil níos tanaí, gach céim a ndeachaigh muid in airde. Cuireadh brú orainn idir 5 agus 6 lítear uisce a ól sa lá, arís chun cabhrú leis an gcorp agus muid ag dreapadh. Is deacair a léiriú an tábhacht a bhain leis na mionsonraí seo a tugadh chun tinneas a sheachaint. Buíochas mhór don dochtúir Edel a bhí linn



Donncha Ó Conghaile agus Gearóid Willie Ó Fátharta ag bronnadh seic ar Joe Burke (sa lár) ó Pieta House. Rinneadh an bronnadh sa Maldron Hotel i nGaillimh ar an 12 Deireadh Fómhair 2017



Donncha agus Gearóid ar bharr an tsléibhe

chuile chéim den bhealach.

Ceann de na buntáistí le leagan amach an aistir ná go raibh muid ag drepadh go hard i rith an lae agus ag codladh ag airde níos ísle ag timpeall 4000m istoíche, arís, seo chun seans a thabhairt don chorp réiteach le dul chun cinn gan aon tinneas.

Ar an meán, bhí siúlóid idir 8-10 n-uaire an chloig á dhéanamh againn go laethúil ach, gan dabht is é an t-aistear deireanach ó Champa Barafu go dtí Uhuru Peak an tsiúlóid ba dheacra. D'fhág muid an campa ag meán oíche agus ar aghaidh linn sa dorchadas ag teocht -10C, go dtí éirí na gréine timpeall 06:30rn. Ba cúis dóchais é éirí na gréine mar ba léir dúinn ag an bpointe sin an sprioc, thuas go hard os ár gcionn. Cé go raibh an sprioc á fheiceáil againn, mhothaigh sé nach raibh aon dul chun cinn á dhéanamh againn ar feadh píosaí móra den siúl áirithe sin. Ag an am dúshlánach seo, agus muid ag tuirsiú, bhí amhránaíocht agus cantaireacht na gcúntóirí áitiúla spreagúil agus thugadar ardú meanma dúinn nuair a bhí sé de dhíth orainn. Sa deireadh, shroich aon duine dhéag againn ceann scríbe, an pointe is airde san Afraic, Uhuru Peak ag 5895m. Bhí ríméad agus bród orainn ag an am sin, ach níor bhuail sé i gceart muid go dtí go raibh muid ag breathnú ar ais suas ar “Khibo” agus muid thíos fúithi arís.

Ba sheans iontach é an turas seo dúinn cúpla pingin a bhailiú do chúis chomh tábhachtach le Pieta House. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh lenár muintir, cairde agus muintir na h-áite a thug tacaíocht dúinn ar chuile bhealach. Go mór mór ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le Scoil Sailearna, Gaelscoil de hÍde Uarán Mór, CLG Micheál Breathnach, Galf Chumann Oileáin Chonamara, Comhar

Creidmheasa Cholm Cille, Siopa an Phobail agus Goodman Medical as ucht a gcuid feachtas bailiúcháin airgid agus do Raidió na Gaeltachta a chabhraigh linn an scéal a scaipeadh.



Gearóid agus Donncha ag bun an tsléibhe

Peter Folan (Peadar Mac Fhualáin)

Príomhchonstábla san RIC

1913-1921

Ruaidhrí Ó Tuairisg

Rinne Peadar Mac Fhualáin cur síos ar a shaol san RIC i dtuairisc a thug sé don Bhiúró Staire Míleata sa mbliain 1947. Is i mBéarla a thug sé an tuairisc. Sa bPáirc, soir ón Spidéal a rugadh Peadar sa mbliain 1896. Máirtín a bhí ar a athair agus Mary Geraghty a bhí ar a mháthair. Bhí deichniúr sa gclann, ceathrar dearthár agus cúigear deirfiúr. Ba deartháir é le Johnny Folan, a raibh siopa aige i sráidbhaile an Spidéil tráth. Bhí Peadar pósta le Mairéad Bairéad as Magh Cuillinn, múinteoir i mBaile Átha Cliath.

Tá cur síos ar a chuid oibre aige mar thuairisceoir ar chruinnithe i nGaeilge ar fud na tíre, ar Sheachtain na Cásca 1916 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus ar na blianta suas go dtí 1921.

Thosaigh sé le tuairisc faoi Shéamus Ó Muilleagha, in 1908 as Oirthear na Gaillimhe, eagraí le Conradh na Gaeilge. Lean sé Séamus timpeall na tíre. Bhí Séamus ag plé le ceist na Gaeilge, ach bhí sé ag trácht ar na feilmeacha móra a bhí ag daoine agus gan tada ag daoine eile. Bhíodh sé ag moladh do dhaoine beithigh a ruaigeadh den talamh sin, rud a rinneadh go minic. Dá mbeadh Peadar sa lucht éisteachta bhí Séamus cúramach faoina chuid cainte agus níor cuireadh an dlí ariamh air.

Chuir Peadar an t-eolas ar fad a bhí faighte aige go Caisleán Bhaile Átha Cliath. Scríobh sé tuairisc ar chruinniú a bhí i nGaeilge ag Eoin Mac Néill i gCill Áirne agus cruinniú eile i mBéarla in Ard Mhacha in 1914. Labhair Mac Néill faoin dea-bhealach a chaith na Sasanaigh le hÓglaigh Carson agus chomh dona is a caitheadh le Caitlicigh ó dheas. Baineadh úsáid as abairt a d'úsáid sé *'I say this country is a nation, a nation that is not defeated and a nation that cannot be defeated'* ag a chúirt mhíleata. Bhí Peadar mar fhinné ann. Gearradh pionós saoil ar Eoin Mac Néill tar éis an Éirí Amach.

Dúirt Peadar ina thuairisc, *'The second shot of the Rising was fired at me'*. Chaith sé Seachtain na Cásca ar fad sa gCaisleán, lá agus oíche gan dul abhaile. Nuair a tháinig buíon den *Citizen Army* chomh fada le geata an Chaisleáin bhí an Constábla O'Brien ag an ngeata. Ní raibh fhios ag O'Brien go raibh réabhlóid tosaíthe agus dúirt sé leo bailiú leo suas Sráid an Chaisleáin. Chaith Sean Connolly ón *Citizen Army*



Peadar Mac Fhualáin

an chéad urchar den Éirí Amach leis agus maraíodh é. Bhí Peadar ina sheasamh ag fuinneog in aice láimhe, réidh le dul abhaile agus caitheadh leis. Briseadh plána gloine ach

níor buaileadh é. Chaith sé é féin ar an talamh. Chuaigh na hÓglaigh isteach i seomra an gharda.

Ní raibh fhios ag Peadar céard a tharla ansin. Dúirt sé go bhféadfadh siad an Caisleán a thógáil mar ní raibh ach cúpla saighdiúir ann. Ní raibh siad ag súil le haon trioblóid mar gheall ar an bhfógra a bhí curtha amach ag Eoin Mac Néill. Chuaigh cuid de na hÓglaigh isteach in Oifig na Rátaí in aice láimhe.

Chuaigh Peadar ar ais ag obair sa leabharlann sa gCaisleán. Dúirt sé go bhfaca sé saighdiúir Sasanach á mharú ó Oifig na Rátaí. Ní fhaca sé tada eile den Éirí Amach. Tháinig saighdiúirí ón gCurrach thart ar 7.30 tráthnóna.

Bhí air féachaint ar chuile alt Gaeilge as chuile pháipéar sa tír agus ní dhearna sé cinsireacht ar aon phíos. Bhí air Leabhar Phádraig Uí Chonaire 'Seacht mBua an Éirí Amach' a léamh. Níor ghearr sé tada as.

Ó 1919 amach, bhí Peadar ina rúnaí ar chiste a heagraíodh le cúnamh a thabhairt do bhaintreachaí agus clann lucht RIC a maraíodh.

Casadh Mícheál Ó Coileáin air nuair a bhí sé ar saoire as Londain. Bhí deartháir bhean Pheadair, Michael Barrett, ina chonstábla i gCloch na Caoilte agus bhí sé cairdiúil le muintir Uí Choileáin.

Bhí Peadar cairdiúil le fear as Gaillimh, Michael McHugh a bhí ina iriseoir. Dúirt Peadar go raibh fonn air éirí as an RIC. Dúirt McHugh leis fanacht ann, go bhféadfadh sé a bheith úsáideach don ghluaiseacht náisiúnta. Bhí daoine eile sa gCaisleán 'úsáideach' freisin ach ní raibh fhios ag Peadar cé hiad. Thosaigh sé ag tabhairt eolais agus cóipeanna de dhoiciméid rúnda amach as an gCaisleán. Chaith an tIRA 21 lá á sheiceáil.

Uair amháin, bhí liosta déanta amach ag arm Shasana de chuile dhuine a bhí san IRA i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath lena ngabháil. Bhí an t-am socraithe. Chuir Peadar an t-eolas ar fáil don IRA. Nuair a rinneadh an ruathar ní raibh duine amháin sa mbaile. Thuig na húdaráis go raibh duine éigin ag sceitheadh ach níor bhraith éinne Peadar. Choinnigh sé gunnaí agus armlón ina theach go minic do na hÓglaigh.

Oíche amháin thug na *Auxiliaries* ruathar faoi áit Mhichíl Uí Choileáin i gCearnóg Mhuinseo. D'éirigh leis éalú amach trí fhuinneog ar dhíon an tí agus bhí sé taobh amuigh den teach i measc an lucht féachana. Ar a bhealach ag obair ar maidin do Pheadar, chas a chara Michael McHugh leis. D'inis sé do Pheadar faoi eachtraí na hoíche agus d'fhiafraigh sé de an raibh seans ar bith cúig ghunna láimhe an-tábhachtacha (*Parabellum*) a tógadh as an teach a fháil ar ais don Choileánach.

D'éirigh le Peadar na gunnaí a fháil sa gCaisleán agus iad a chur i dtaisce. Nuair a thug na hoifigí airm faoi deara go raibh siad ar iarraidh bhí siad ar buile. Cheap siad gurbh iad na *Black and Tans* a bhí leis na *Auxiliaries* an oíche roimhe sin a ghoid iad. Ag am lóin chas sé le McHugh agus rinneadh socrú go mbeadh na gunnaí aige tráthnóna. Lá arna mháireach fuair sé litir ón gCoileánach ag glacadh buíochais. Faoin am seo bhí pas aige ón IRA.

Dúirt Maidhcín Dan Ó Droighneán as an Tuar Beag liom nach raibh aon ghean ag a uncail, Mícheál Ó Droighneán, O/C Bhriogáid Oirthear Chonamara den IRA 1920/21, ar Pheadar. Bhí aithne mhaith aige air ach ar ndóigh ní raibh

aon tuairim aige go raibh sé ag cuidiú leis an IRA. Chas sé ar Pheadar lá i mBaile Átha Cliath agus ní raibh aon fhonn air labhairt le Peadar. Dúirt Peadar leis go raibh eolas aige faoi imeachtaí Mhichíl agus go raibh chuile shórt curtha ina cheart aige do Mhícheál. Ní mórán aird a thug Mícheál air mar níor chreid sé é. Tharraing sé anuas ag Ó Coileáin é ina dhiaidh sin. Dúirt Ó Coileáin go raibh aithne mhaith aige ar Pheadar. '*He was alright*' agus rinne sé gáire beag. Dúirt Mícheál go raibh níos mó measa aige ar Pheadar ina dhiaidh sin. Dúirt Peadar nach droch-dhream a bhí sna *Auxiliaries*. Bhí siad ag obair leis sa gCaisleán ach ba drochdhiabhail a bhí sna *Tans* dar leis.

Nuair a scoireadh an RIC tháinig sé ar ais go dtí an Spidéal. Bhí sé ina chónaí i dteach a bhí san áit a bhfuil Coláiste Chroí Mhuire anois ar tugadh 'An Nead' air. Bhí post aige ag tiomáint veain Poist. Thug muintir na háite Peadar an Mhail air.

Bunaíodh Coláiste Croí Mhuire sa mbliain 1945 agus d'imigh Peadar agus a bhean ar ais go Baile Átha Cliath. Fuair sé bás ar an naoú lá d'Fheabhra, 1957. Tá sé féin agus a bhean, Mairéad, curtha i Reilig Ghlas Naíon.

Buíochas le hEnda Folan, Bearna, nia le Peadar, a thug go leor eolais agus pictiúir dom, do bhean Enda, Geraldine, a phéinteáil an pictiúr de Pheadar, do Mhaidhcín Dan Ó Droighneán, do Dhónal Ó Droighneán agus do Bhreandán Ó Tuairisg a thug an leagan Béarla dom a fuair sé ó Geri Huppe, New Hampshire.



An Leacht Uaighe atá ar Pheadar Mac Fhualáin

Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige

Máirín Mhic Lochlainn

I mí na Márta, 2016 shocraigh grúpa ‘díograiseoirí’ tús a chur le ‘Seisiúin Ghaeilge’ i gceantar an Spidéil, agus ghlaodar Club Foghlaimeoirí Gaeilge an Spidéil orthu féin. Athraíodh an t-ainm ó shin, mar go mbíonn foghlaimeoirí as ceantar Chois Fharraige ar fad ag freastal ar na seisiúin seo. Go deimhin féin, tagann foghlaimeoirí ó chomh fada ó bhaile leis an gCeathrú Rua chuig an seisiún a bhíonn ar siúl sa gCrúiscín Lán chuile mhaidin Dé Máirt le bliain go leith anois.

Glaóim ‘díograiseoirí’ ar an dream atá sa ngrúpa seo mar gur theastaigh uathu tabhairt faoin nGaeilge a fhoghlaim ar bhealach eile, agus sin atá á dhéanamh acu ó shin i leith. Bhí idir foghlaimeoirí agus cainteoirí dúchasacha páirteach sa gClub seo, agus go deimhin tá fós. Theastaigh uathu ar fad béim a chur ar an teanga labhartha ach ag an am céanna bheadh cúrsaí gramadaí á míniú do na foghlaimeoirí. Bhí roinnt mhaith de na foghlaimeoirí seo ag cur fúthu sa gceantar le roinnt blianta, agus cuid acu le blianta fada.

Bhí an gearán céanna acu ar fad, agus b’shin é ‘go mbíttí á bhfreagairt i mBéarla nuair a thugtaí faoi deara gur dream iad nach raibh Gaeilge an cheantair acu, nó nach raibh an Ghaeilge ar a dtail acu.’ Ar ndóigh chuir sé sin laghmhisneach orthu, ní nach hionadh. Agus anois, de réir a chéile, tá a muinín ag teacht ar ais acu faoi stiúir Mheaití Joe Shéamuis Uí Fhatharta agus Mháirtín Uí Chadhain.

Tá méadú agus forbairt tagtha ar an gClub ó bunaíodh é. Anois, chomh maith le seisiún na Máirte, tagann cuid den ghrúpa le chéile tráthnóna Dé Céadaoin ag foghlaim dráma a chum Máirín Mhic Lochlainn go speisialta dóibh, agus beidh siad á léamh go drámatúil Tigh Giblin ar an 2ú Nollaig. Arís, tagann cuid den chliar ón gCeathrú Rua le páirt a ghlacadh

sa dráma.

Chomh maith leis sin, bíonn Club Leabhar ar siúl sa gCrúiscín ag meán lae chuile Shatharn, agus bíonn na foghlaimeoirí ag léamh leabhra do pháistí, agus ag baint an-taitneamh go deo astu. Tosaíodh ar ‘chluichí’ a imirt Tigh Giblin an mhí seo caite, agus beifear ag imirt cluichí difriúla uair sa mí as seo amach. Tosaíodh le cluichí cártaí faoi stiúir Mháire Nic Fhinn, agus beifear ag tabhairt faoi thomhais focal, *Scrabble* as Gaeilge, An Crochadóir, srl., i rith an gheimhridh, agus b’fhéidir níos faide.

Tá leabharlann beag curtha le chéile ag Nóra Nic Oireachtaigh, agus is bronntanais a fuaireamar is mó atá sna leabhra atá againn, agus tá muid buíoch d’Údarás na Gaeltachta, Cumann Forbartha Chois Fharraige agus Cló Iar-Chonnachta as ucht a gcuid tacaíochta.

Téann an grúpa ar chorr shiúlóid freisin, agus go dtí seo tugadh cuairt ar shuíomh an *Mine*, ar an áit a rugadh Mícheál Breathnach, ar thoibreacha Cholm Cille ar an mBánrainn, ar Thoit Chonáin ar an gCaorán, ar Stáisiún an Gharda Cósta i Ros an Mhíl agus ar an gCillín ar an gCeathrú Rua. Agus arís i mbliana tháinig ár gcairde as Baile Átha Cliath, siad sin tuismitheoirí na nGael Óg, ar cuairt againn agus bhí an-oíche agus an-mhaidin againn ina dteannta.

Caithfidh muid freisin ár mbuíochas a ghabhail leis an gCrúiscín Lán agus le Tigh Giblin sa Spidéal as ucht cead a thabhairt dúinn ár gcuid Gaeilge a chleachtadh agus a fheabhsú. Táthar faoi choimín ag Coiste Phlean Gaeilge Chois Fharraige freisin, as ucht a gcabhair agus a gcúnamh agus leis na hÁisitheoirí Máirín Uí Choisdealbha, Máirín Mhic Risteáird agus Gearóid Ó Fátharta a sheasann sa mbearna bhaoil nuair is gá.

An Líon Scoláirí i Scoileanna Chois Fharraige sa Scoilbhliain 2017-2018

Scoil	Príomhoide	Líon iomlán scoláirí ar an rolla	Líon scoláirí a d’fhág an scoil in 2017	Líon scoláirí a thosaigh sa scoil in 2017	Líon scoláirí i rang a 6 sa scoil i mbliana
Scoil Cholm Cille, Ros an Mhíl	Síle Nic Con Iomaire	56	10	5	6
SN Cholmcille, An Tulaigh	Úna Uí Dhireáin	113	15	7	18
Scoil Sailearna, An Cnoc	Fearghas Mac Lochlainn	198	28	24	22
Scoil Éinne, An Spidéal	Pádraigin Ní Lionnáin	221	26	28	31
Col. Cholmcille, An Cnoc*	Peadar Ó Sé	171	31	15	-
Col. Chroí Mhuire, An Spidéal	Triona Ní Mhurchú	195	29	53	-

*Cuid de Choláiste Cholmcille is ea Coláiste Eoin in Inis Meáin, áit a raibh 42 scoláire i mbliana.

Máire Ní Fhlathartaigh agus Máirín Nic Lochlainn a bhailigh an t-eolas

Aistí faoi Logainmneacha Áitiúla an Cheantair

Scolairí ó Choláiste Cholmcille

Ros an Mhíl

Is baile é Ros an Mhíl atá thart ar fiche míle siar ó Chathair na Gaillimhe. Tá cúpla baile sa gceantar - Barr Roisín, Baile Láir, Tóin an Chnoic, Baile an tSléibhe agus baile nach bhfuil ann níos mó - An tSeanbhaile.

I Ros an Mhíl tá séipéal againn, Séipéal Chill Threasa, tá siopa, Tigh Thaidhgín agus Scoil Cholmcille, Ros an Mhíl- an bunscoil áitiúil. Tá go leor logainmneacha sa gceantar. Ciallaíonn logainm áit-ainm. Seo an mhíniú atá le logainmneacha Ros an Mhíl.

Ros an Mhíl: Tá dhá mhíniú leis an logainm seo. Dúirt dream amháin gur chiallaigh sé talamh le fear darbh ainm Mícheál. Dúirt dream eile gur míol mór a tháinig i dtír ann agus gur as sin a tháinig an t-ainm Ros an Mhíl. Ciallaíonn ‘ros’ píosa talún atá timpeallaithe ag uisce ar thrí thaobh.

Barr Roisín: Barr coille bige. Bhíodh go leor crainnte anseo fadó ach níl níos mó, mar nuair a tháinig na Sasanaigh ghearr siad síos na crainnte chun longa a dhéanamh.

Baile Láir: Tá an míniú san ainm; tá an baile seo i lár Ros an Mhíl.

Tóin an Chnoic: Baile atá tógtha ar thaobh cnoic.

Baile an tSléibhe: Is baile é atá tógtha go huile ar chnoc.

An Seanbhaile: Sa leabhar *Connemara* le Tim Robinson, tá cur síos ar an mbaile seo. Thart ar am an Ghorta Mhóir, tá sé ráite gur dhíbir na tiarnaí talúna a bhí san áit ag an am, na Blácaigh, na daoine a bhí ina gcónaí ann mar go raibh an talamh go maith. Chuir na daoine seo fúthu ansin i mBaile an tSléibhe. Níl fágtha anseo anois ach na ballaí de na tithe a bhí ann fadó; formhór na dtithe níl aon duine ina gcónaí iontu anois:

“An Seanbhaile! The Old Village, the ruins of which are scattered among the small fields; it is said that the Blakes evicted the tenants from this rather better land and made them settle in Baile an tSléibhe, around the time of the famine.”

Tá go leor staire ag baint le Ros an Mhíl, cosúil leis an túr Martello nó “An Battery” mar a ghlaoitear air. Tógadh an túr seo i dtús an naoú haois déag chun an áit a chosaint ón Fhrainc. Ar aghaidh “An Battery” amuigh sa bhfarraige, tá cloch darbh ainm “An Cannon”. Tá sé cloiste agam go raibh baint ag an gCannon a bhí sa mBattery leis an gcloch seo.

Áit stairiúil eile i Ros an Mhíl ná Garraí na bPáistí. Reilig atá anseo inar adhlacadh páistí nach raibh baiste. Fadó ní raibh cead daoine nach raibh baiste a adhlacadh i reilig bheannaithe. Go hiondúil, bhíodh píosa talún taobh amuigh den reilig – idir an mhuir agus an reilig – fágtha lena aghaidh seo. Mar gheall air seo, baisteadh páistí chomh luath agus ab fhéidir, ach faraor, ní mar sin a tharla i gcónaí. Uaireanta fuair páistí bás go luath tar éis a mbreithe. Bhí bás páistí coitianta go maith fadó.

Tá páirc peile i Ros an Mhíl, freisin, darbh ainm “An Chanáil”. Fiú go bhfuil páirc ann, níl ár bhfoireann féin againn

i Ros an Mhíl mar go bhfuil an áit mar pháirt de pharóiste an Spidéil. Is é an fáth a bhfuil “An Chanáil” mar ainm ar an bpáirc ná go bhfuil draein uisce ar ‘chaon taobh den bhóthar atá ag dul thar an bpáirc.

Tá dhá chéibh againn i Ros an Mhíl, ceann mór amháin as a n-imíonn na báid mhóra go hÁrainn agus céibh bheag darbh ainm Caladh na Muice. Tá Caladh na Muice síos ó chrosbhóthar Ros an Mhíl, roimh an gcéibh nua, agus is as seo a bhíodh daoine ag tabhairt muca le díol go Gaillimh i mbáid fadó.

Is áit stairiúil é Ros a ‘Mhíl, áit a bhfuil go leor le feiceáil ann cé go bhfuil sé beag agus táim an-bhródúil as mo bhaile dúchais.

Arianna Nic Dhonnacha. Bl. 5

An Cheathrú Rua

An Cheathrú Rua! M’áit chónaithe. Deir suíomh idirlín na Ceathrún Rua gur baile agus ceantar álainn é atá i gcroílár Shlí an Atlantaigh Fhiáin in iarthar na hÉireann. Tá sé sin fíor ach ní mhíníonn an abairt bheag sin cé chomh hálainn agus atá an áit.

Tugtar “An Cheathrú Rua” ar an áit mar gur píosa talún rua nó garbh atá i gceist. Deirtear go raibh chuile dhuine ina gcónaí in aice leis an gcósta ar dtús mar go raibh luach saothair le fáil ansin. De réir mar a thosaigh daoine ag tógáil bóithre, thosaigh daoine ag tógáil tithe níos gaire do shráidbhaile na Ceathrún Rua mar atá aithne againn anois air. Tá sé suite idir Chuan Chasla agus Chuan an Fhír Mhóir, i lár Chonamara agus i lár na Gaeltachta.

Deir staitisticí gur cainteoirí dúchasacha Gaeilge iad 839 de mhuintir an bhaile. Tá dhá scoil sa mbaile, Scoil Náisiúnta Mhic Dara agus Scoil Chuimsitheach Chiaráin agus tá an teagasc sa bpéire go hiomlán trí Ghaeilge. Mar gheall air seo, tá Gaeilge ag gasúir an bhaile ó aois an-óg. Tá imeachtaí an bhaile trí mheán na Gaeilge chomh maith. Tá an Cheathrú Rua an-tógtha leis an spórt agus tá na foirne spóirt ar fad ag obair trí mheán na Gaeilge. Tá peil Ghaelach, sacar, agus rugbaí le fáil ar an gCeathrú Rua. Tugann sé seans do dhaoine taitneamh a bhaint as an spórt agus úsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge.

Tá comhlachtaí lán-Ghaeilge timpeall na háite, cosúil le Raidió na Gaeltachta agus Acadamh na hOllscoile. Chomh maith leis sin, tá An Crompán againn, foirgneamh le halla spóirt, seomraí ranga agus seomraí cruinnithe le haon sórt imeacht nó ócáid lán-Ghaeilge atá daoine ag iarraidh a chur ar fáil.

I rith an tsamhraidh agus na Cásca bíonn dhá choláiste Ghaeilge ag feidhmiú, Coláiste Columba agus Coláiste Chiaráin agus tagann níos mó ná trí chéad scoláire ó thimpeall na tíre go dtí an dá choláiste chun Gaeilge a fhoghlaim agus taitneamh a bhaint as ár gceantar álainn.

Maidir leis an timpeallacht, 'sé Trá an Dóilín, trá álainn coiréalach, ceann de na rudaí is tarraingtí do thurasóirí. Mar gheall gur trá coiréalach é is áit fíorshuimiúil agus éagsúil é. Téann daoine síos ann le snámh agus seoltóireacht san uisce glan trédhearcach nó le pictiúir a thógáil nó a phéinteáil de na radharcanna iontacha. Tá brat gorm bainte amach ag an trá mar gheall ar ghlaineacht agus sábháilteacht.

Chomh maith le Trá an Dóilín tá trá eile suimiúil ar an gCeathrú Rua, sin é Trá Bharr an Doire. Tá an trá féin go hálainn agus in aice leis an reilig agus teampall Bharr an Doire. 'Sé teampall Bharr an Doire an fothrach is sine sa gCeathrú Rua. Deirtear gur thóg Naomh Smochán as Árainn an teampall in aon oíche amháin. Maidir leis an seanreilig, deir daoine go bhfuil ar a laghad duine amháin as chuile chontae sa tír curtha ann.

An rud is fearr liomsa faoi m'áit chónaithe ná paráid na Féile Pádraig. Chuile bhliain tagann muintir an bhaile agus daoine óna bailte timpeall go dtí sráidbhaile an Cheathrú Rua chun breathnú ar an bparáid mhór. Bíonn an oiread daoine ag siúl sa bparáid, scoileanna agus naíonraí, gnólaictaí áitiúla agus go leor eile. Bíonn duaiseanna le buachaint chuile bhliain agus mar sin cuireann daoine a lán iarrachta isteach ann. Déanann daoine flótaí móra agus iad fíordhathannach, ag tagairt do rudaí a bhí i mbéal an phobail i rith na bliana. Is breá liom féin an seó a chuireann an fhoireann rugbaí, *An Ghaeltacht*, ar fáil a fheiceáil mar déanann siad *haka* atá cumtha acu féin don pharáid, gléasta i sciortaí *hula* agus péint ar a n-aghaidheanna. Ag deireadh na paráide bíonn bronnadh duaiseanna ann.

Tar éis na paráide téann daoine isteach sa siopa áitiúil le huachtair reoite 99 glasa a cheannach in onóir an lae speisialta. Bíonn na tithe tábhairne lán go béal chomh maith, iad líonta le ceol, comhrá agus craic. Bíonn imeachtaí i Halla Éinne do na gasúir ar fad agus truicail taobh amuigh de. Bíonn daoine ar fud an tsráidbhaile agus iad lán le gliondar agus fuinneamh. Ní bhíonn duine le feiceáil gan meangadh gáire ar a n-aghaidh.

"Baile agus ceantar álainn i gcroílár Shlí an Atlantaigh Fhiáin in iarthar na hÉireann". Ón suíomh idirlín sin an méid a bheadh ar eolas agat faoi m'áit cónaithe. Ach go mbeidh tú i do chónaí ann, ní bheidh a fhios agat go díreach cé chomh speisialta agus atá sé.

Teresa Clifford. Bl. 5

Barr an Doire

Tá cónaí ormsa ar bhóthar beag darbh ainm Barr an Doire ar an gCeathrú Rua. Coill a bhí i mBarr an Doire ar dtús agus tá Barr an Doire suite 400 méadar ó bhaile na Ceathrú Rua.

Ag deireadh mo bhóthair tá trá agus reilig suite. Deirtear go bhfuil duine ar a laghad as chuile chontae in Éirinn curtha



Na húdair: Domhnall Ó Braonáin, Aifric Ní Scoláí, Arianna Nic Dhonnacha, Theresa Clifford agus Shaunah Ní Loideáin.

sa reilig sin. Gach Domhnach Cásca léitear aifreann sa reilig ag a cúig a chlog ar maidin. Tá teampall Bharr an Doire suite in aice na reilige. Is é an teampall seo an fothrach is sine atá ar fáil sa gCeathrú Rua. Ceaptar gur tógadh é thart ar an cúigiú céad déag, mar gheall ar an doras gotach atá air agus an fhuinneog leis an dearadh cuarlíneach. Deirtear gur thóg Naomh Smochán é, a tháinig as Árainn.

Tá an Cheathrú Rua suite idir Chuan Chasla agus Chuan an Fhir Mhóir, 40m ciliméadar siar ó chathair na Gaillimhe. Tugtar Paróiste an Chillín ar an áit freisin mar gheall ar an teampall atá thíos i mBarr an Doire. Bhíodh séipéal beag ar bharr chnocán Bharr an Doire freisin ach leag na Sasanaigh é. Sa tseanaimsir théadh na daoine timpeall le hasail nó capaill agus cairt á dtarraingt acu. San am sin, bhí siopa beag grósaera ann agus áit freisin ag dochtúir agus fiacloir. Nuair a bhíodh na daoine ag iarraidh a gcuid beithigh agus a gcuid ainmhithe a dhíol bhíodh orthu dul an bealach fada ón gCeathrú Rua go Bearna de shiúl na gcos.

Sa mbaile anois tá dhá shiopa ghrósaera, siopa crua-earraí, siopa spóirt, dhá ghruagaire, clinic sláinte, trí bhialann, dhá chaifé, óstán, cógaslann, leabharlann, teach tórraimh agus ceithre theach tábhairne. Is mór an difríocht atá ann ón am fadó.

Tá bunscoil agus meánscoil ann agus an teagasc á dhéanamh trí mheán na Gaeilge iontu. Is í an Ghaeilge príomhtheanga na háite. Sa samhradh tagann déagóirí as contaetha ar fud na hÉireann anseo chun Gaeilge a fhoghlaim. Fanann siad le teaghlaigh áitiúla ar feadh trí seachtainí.

Trí chiliméadar go leith ón mbaile tá Trá an Dóilín a bhfuil cáil air mar gheall ar an gcoiréal mín atá le fáil ann. Ní coiréal ceart atá ann ar chor ar bith ach alga cóiréilíneach. Tá an trá seo go hálainn. Tagann go leor cuairteoirí chuile bhliain chun é a fheiceáil.

Tá cáil ar an gCeathrú Rua freisin mar gheall ar na báid ar a dtugtar “Huicéir na Gaillimhe”. Bíonn Féile an Dóilín ar siúl gach Lúnasa, an fhéile is mó dá leithéid in Éirinn. Bíonn na “Báid Mhóra” agus na “Leathbháid” páirteach ann. Bhíodh na báid seo in úsáid fadó le móin a thabhairt go hÁrainn agus go Co. an Chláir. D’úsáid siad na báid seo freisin le droimleac a thabhairt ó Árainn go dtí an reilig i mBarr an Doire. Gleoiteoga an t-ainm a bhí ar na báid níos lú a d’úsáidtí le hiascach. Tá na báid seo le feiceáil i gCaladh Thaidhg, an phríomhchéibh a d’úsáidtí sa Cheathrú Rua. Ón gcéibh seo ar an lá breá, is féidir sléibhte Chonamara, Na Beanna Beola, a fheiceáil. Sa lá atá inniu ann an príomhrud a dhéanann na báid seo ná rásaíocht. Ceann de na báid is cáiliúla sa gCeathrú Rua is ea “An Mhaighdean Mhara”.

Bíonn rásaí currach ar siúl ar Loch an Mhuilinn, an loch is gaire den bhaile, gach bliain. Bíonn an fhéile “Cruinniú na mBád” ar siúl gach bliain ón gCeathrú Rua go Cinn Mhara trí chuan na Gaillimhe. Tá club spóirt ar an gCeathrú Rua freisin agus CLG na Ceathrúin Ruaidhe an t-ainm atá air. Bíonn siad ag traenáil ar Pháirc an Chathánaigh. Tá páirc spraoi do ghasúir tógtha díreach in aice na páirce seo.

Sin turas trí m’áit cónaithe agus caithfidh tú a rá go bhfuil rudaí suimiúla le fáil ann.

Sauna Ní Loideáin Bliain 5

Clochar na Locha

Clochar na Locha an t-ainm atá ar an áit a bhfuil cónaí ormsa. Tagann an t-ainm ó Loch Chearra agus sa chás seo ciallaíonn “clochar” áit chlochach, charraigeach ar an gciathrach.

Tá an áit suite ó thuaidh don Tulach Fhada, ar bhóthar Chlochar na gCon i gceantar an Locháin Bhig. Tá sé thart ar dhá mhíle ón gcladach agus beagán ós cionn míle ón bpríomhbhóthar. Tá sé ar cheann de na háiteanna is airde i gCois Fharraige. Tá marc airde na Suirbhéireachta Ordanáise ar chloch bhóthar an phortaigh a léiríonn go bhfuil muid 250 troigh ós cionn leibhéal na farraige. Trí theach atá i gClochar na Locha agus is tithe nua atá i bpéire acu. Idir na trí theach tá thart ar dheichniúr ina gcónaí ar an mbaile. Tá neart capall agus beithigh ar an talamh agus bíonn móin á baint ar an bportach.

Cé go mb’fhéidir go gceapfa gur áit iargúlta í Clochar na Locha, is áit í a mbíonn tarraingt uirthi i rith an tsamhraidh nuair a bhíonn daoine ag baint na móna. Bíonn go leor daoine ag siúl is ag spaisteoireacht ann freisin mar go bhfuil feiceáil ar Loch Chearra agus amach ar Chuan na Gaillimhe ón áit.

Ceantar caomhnaithe dúlra atá ann freisin. Tá giorraithe, cearca fraoigh agus pocaidí gaoithe go fairsing. Fraoch agus cíb is mó atá ar an talamh agus tá an ceannbhán bán ag fás go coitianta, rud a chiallaíonn go bhfuil an áit saor ó thruailliú. Tá an magairlín meidhreath fairsing go maith ann cé go bhfuil siad neamhchoitianta timpeall na tíre.

Thíos ag Loch Chearra bíonn corréisc ag neadú cois locha. Tá bricíní beaga sa loch agus bíonn lachain agus ealaí ann go minic. Ainmníodh Loch Chearra i ndiaidh mhuintir Chearra atá ina gcónaí sa gceantar leis na céadta bliain. Luaitear Micil Mhic Cearra le Scorach Ghlionnáin, laoch a bhí sa gceantar thart ar 1830. Bhí sé ar dhuine de na daoine a chabhraigh leis an Scorach agus é ag goid ó na daoine saibhre agus á roinnt le bochtáin na háite.

Tá tagairtí ag Peadar Mac Tuathaláin sa leabhar “Peadar

Chois Fharraige” de Chlochar na Locha agus don cháil a bhí ar mhuintir Chlochair as an bhfiach. De réir an méid atá scríofa bhí cúnna maithe seilge acu.

Ós ag caint é ar rudaí a raibh an-cháil orthu i gClochar na Locha, bhíodh cáil fadó ar an bpoitín as Clochar na Locha. Tá ceadúnas anois faighte ag duine de bhunús na háite le poitín a dhéanamh go dleathach agus tá sé á dhéanamh i mBóthar na Trá. “Micil” an t-ainm atá ar an bpoitín i gcuimhne Mhicil Chearra, fear a dhéanadh an poitín i gClochar an Locha fadó. Bé seo athair Jimí Chearra, fear áitiúil a bhfuil a chuid seanchais foilsithe i bhfoirm leabhair aige.

Áit álainn é Clochar an Locha agus tá an-bhród orm go bhfuil mé i mo chónaí ann.

Aifric Ní Scolat, Bliain 5

An Teach Mór

As an Teach Mór mé, baile beag ar an gcósta i gceantar Indreabhán. Tá baile an Tí Mhóir roinnte ina dhá leith, Teach Mór thoir agus Teach Mór thiar. Tá mise i mo chónaí sa Teach Mór thiar.

‘S é an fáth gurb é an Teach Mór atá ar bhaile beag se’againn féin ná go raibh tiarna talún, Mac Giolla Phádraig ina chónaí ann, i dteach mór. Is ar Bhóthar an Stóir nó an Bóthar Nua mar atá aithne againne air, a bhí an teach agus is féidir fothracha an tí a fheiceáil fós i gceann de na garrantaí.

Tá an Bóthar Nua díreach taobh thoir den bhóithrín se’againne. Níl mé baileach cinnte cén fáth gurb é an Bóthar Nua a tugadh air ach go mb’fhéidir gur tógadh níos deireanaí ná na bóithre eile é agus é chomh díreach le dorú. Tugadh Bóthar an Stóir air mar gur thug an rialtas isteach scéim na dtrátaí sna caogaidí agus gur cuireadh stór trátaí ar an mbóithrín céanna. Tá trá ag íochtar an bhóithrín sin agus sé an trá mór a thug muid air agus muid ag fás aníos mar go bhfuil sé damanta mór.

Taobh thiar den bhóithrín sin tá an bóithrín se’againne féin, Bóithrín Chleansaigh. Sin é an t-ainm atá ar an mbóthar mar go raibh Na Cleansaigh ina gcónaí ann fadó. Tá na seantithe le feiceáil fós ar an mbóithrín.

Ag íochtar Bhóithrín Chleansaigh tá Cuainín na Searraigh. Is cuainín beag bídeach í agus tá dhá scéal cloiste agam ó mo dhaideo faoin ainm. Ceann acu ná go ndeachaigh long lán le capaill go tóin poill agus gur isteach anseo a tháinig na capaill i dtír agus an dara ceann ná dhá mbeadh láir le searrach a bhreith, go dtabharfadh an feirmeoir síos san uisce sáile í len í a chuir ar a suaimhneas agus í ag tabhairt an tsearraigh ar an saol. Díreach siar ón gcuinín tá Dumhach na Leanbh. Is scéal brónach atá ag baint leis seo mar gur ann a cuireadh gasúir a cailleadh sular baistíodh iad.

Má théann tú píosa beag eile siar uaidh sin, buaifidh tú an bóithrín is faide siar agus tráthúil go leor is é an Bóthar Thiar an t-ainm atá air.

Tá trí bhóithrín eile ar an mbaile seo ach níl eolas ar bith agam fúthu ach go dtéann siad suas barr an bhaile agus chomh fada leis an bportach.

Tá sean-oifig an phoist ar an mbaile freisin a dúnadh cúpla bliain ó shin agus tá caint ar é a iompú isteach ina áras do sheandaoine amach anseo. Feicfidh muid linn.

Sin anois mise agus mo thuras tríd mo bhaile dúchais. Tá stíl agam gur bhain tú sásamh as agus gur mheall sé tú aithne a chuir ar do bhaile féin.

Domhnall Ó Braonáin, Bliain 5

Cláí na Teorann

Máirín Mhic Lochlainn

Is iomaí sin scéal atá cloiste agus léite agam faoin drochbhail a cuireadh ar pháistí a rugadh do mháithreacha nach raibh pósta san am a d'imigh agus ar ndóigh an drochbhail a cuireadh ar na máithreacha freisin. Ach, tá scéalta eile nach bhfuil mórán cainte déanta fúthu fós, agus 'siad sin ná na scéalta a bhaineann leis na páistí a rugadh marbh, nó fuair bás gan iad a bheith baiste. Má fuair siad bás san ospidéal is deachar a rá cár cuireadh iad, agus má fuair siad bás sa mbaile cuireadh iad faoi chlaí na teorann nó i nDumhach na Leanaí.

Rinne Seán Leainde as Ros an Mhíl, go ndéana Dia trócaire air, clár dár teideal *Cláí na Teorann* ar Raidió na Gaeltachta faoi na páistí bochta seo agus labhair sé le roinnt daoine as ceantar Chois Fharraige, cuid acu as ceantar Ros an Mhíl agus cúpla duine eile as ceantar an Chnoic agus na hAille, agus ba é an scéal céanna a bhí acu ar fad *'go gcuirtí páistí nach mbíodh baiste faoi chlaí na teorann fadó go hiondúil, agus amanntaí eile i nDumhach na Leanaí'*.

Bhí scéal ag bean amháin faoi *'pháiste a cuireadh i lár na hoíche faoi chlaí na teorann. Thíos i mbosca bróga a cuireadh é.'* a dúirt sí. Agus chomh fada le na tuairm, *'ní raibh fios ar bith ag muintir an bhaile faoi'*.

De réir an scéil, 'sé an chaoi a leagtaí an cláí teorann idir dhá bhaile agus ansin chuirte an páistín a bhíodh istigh i mbosca bróg nó eile méid áithrid achair faoin talamh, agus bhiorófaí an cláí os cionn an choirp arís. Chomh maith leis seo, bhíodh Dumhach na Leanaí i mbailte áithride; tá ceann ar an seanbhaile i Ros an Mhíl, tá ceann ar an Lochán Beag agus ar an Púirín, agus go leor leor áiteacha nach iad. I nDumhach na Leanaí i Ros an Mhíl, tá clocha ag marcáil áiteacha inár cuireadh páistí áithride, ach níl cinnte an bhfuil cloch os cionn chuile chorp dá cuireadh ann.

'Sé an chaoi a dtuigimse an scéal, ná gur ghlac an seandream leis go mba mhallacht ó Dhia é go saolófaí páiste marbh nó go bhfaigheadh páiste bás sula mbaistfí é nó í. Chuile sheans go raibh baint aige seo leis an tuisceant a bhí ag Caitlicigh fadó ar Liombó, b'shin é an áit ina bhfágfaí duine go deo na ndeor – i bhfocla eile, ní raibh seans ag an gcorp sin dul go flaithis Dé choíchin. De réir dhlí na hEaglaise, ní fhéadfaí duine nach raibh baiste a chur i reilig choisricthe. Dá dtiocfaí go purgadóir, bheadh go chuid peacaí maite duit uair éigin, nuair a bheadh do dhóthain airgid íoctha leis an eaglais le haifrinn a léamh ar shon d'anama. Ach níl Liombó anois ann, agus níl mé cinnte an bhfuil purgadóir ann nó as. Nár bhocht an bhail a chuir an Eaglais orainn agus chreid muid chuile rud a dúirt siad linn. Bheadh cláí na teorann cosúil le Liombó silim, an cláí idir dhá bhaile, liombó idir dhá shaol, agus gan seans dul thar teorainn i gceachtar den dá áit.

Seo rann beag a dúirt bean éigin ar an gclár faoi chlaí na teorann, faoi fhile éigin ar shín an sagart a sheaicéad chuige agus d'iarr air é bhaiste. Níl fhios agamsa cérbh é an sagart ná an file, agus níl fhios agam nach an oiread an raibh fhios ag an

mbean a dúirt an dán cérbh iad. Ach seo é an dán:

Baistim tú a linbh gan tóin gan ceann
Gan uisce, gan fuisce, gan fíon, gan léann
D'ainm a linbh ní féidir a fháil
Ach gur olann tú a dathú is a d'fhás ar an gcaora bhán.

Tá fhios againn ar fad go bhfuil sé mar chleachtas ag Éireannaigh píosa magaidh a dhéanamh faoi rudaí tromchúiseacha agus gurb é seo an bealach atá acu le dul i ngleic le drochrudaí a tharlaíonn nó a dhéantar. B'fhéidir gurb é sin an chiall atá leis an rann thuas, ach ní ansin ach mo bharúilse.

Thugtaí baiste urláir do pháiste a bheadh lag nuair a bheirtí é nó í, ach dá mbeadh an páiste marbh ní dhéantaí é nó í a bhaiste ar chor ar bith, agus choinníte an scéal faoi rún. Labhair fear amháin a bhí ar an gclár *Cláí na Teorann* go raibh trí dheirfiúr leis curtha faoi chlaí na teorann, agus nach raibh fhios aige tada beo fúthu nó gur inis fear as an mbaile dó é, agus labhair bean eile a bhfuil beirt deirfiúr léi curtha faoi chlaí na teorann, agus bhí an scéal fúthu cloiste ag baile aicise.

Is dóigh go mbíodh náire ar na daoine nuair a bheirtí páiste marbh agus gurbh é sin an fáth go gcoinníte an breith faoi rún. Chuile sheans nach bhfeicfeadh aon duine an páiste sin ach amháin an bhean chabhrach agus fear an tí a mbíodh air an leanbh a chur. Ba bhocht an scéal é gan aon dabht agus chuile sheans nach bhfaigheadh an mháthair amharc ar bith ar an leanbh. Caithfear cuimhneamh go bhfuil ceisteanna le freagairt faoi céard a tharlaíodh do na páistí a rugadh marbh istigh san ospidéal? Seans nach mbeidh freagra na ceiste sin le fáil do deo. Seans freisin, gur gearr a bheidh fios ag na daoine cá bhfuil na cláí na teorann inár cuireadh a gcuid gaolta, ná ag cuid mhaith go bhfuil gaolta leo curtha i gcláí na teorann ar a mbaile féin.

Caithfidh muid cuimhneamh freisin nach mbíodh cead ag bean dul amach go ceann sé seachtainí tar éis bhreith an linbh nó, i bhfocla eile go dtí go mbíodh sí glanta. Ní bhíodh an mháthair i láthair ag baiste a páiste sna blianta sin nach an oiread. Má rugadh páiste in ospidéal baisteadh istigh san ospidéal é nó í agus má rugadh an páiste sa mbaile ba í an tseanmháthair nó an Cara i gCríost (caras críostaí) a thugadh an páiste chuig an séipéal.

Nach mór is fiú go bhfuil an saol athruithe!

An Club Óige

Gormfhlaith Ní Thuairisg

Déanta na firinne, ba go drogallach a ghlac baill nua choiste Chlub Óige Lurgan lena gcuid cúramai bliain ó shin. Nach raibh aon duine eile a dhéanfadh é? Cé a d'fhéadfadh paca déagóirí a láimhseáil?

Ach ní raibh aon dul as. Bhí obair na gcapall déanta ag an dream a bhí ina bhun le roinnt mhaith blianta, ach bhí a gcuid gasúr féin bogtha ar aghaidh agus bhí siadsan ag iarraidh bogadh ar aghaidh iad féin. Mura seasfadh duine éicint isteach, b'shin deireadh leis an gclub. Agus cén chaoi a bhféadfadh muid scaoileadh le ceann de na clubanna óige ab fhadbhunaithe sa tír?

Is cuimhin le cuid againn an club sin sna hochtóidí nuair a chuir tuismitheoirí ag an am dua orthu fhéin le spás agus siamsaíocht a chur ar fáil don ghlúin óg nuair nach raibh oiread deiseanna ann agus atá anois. Níor thuig muid ag an am an méid a bhí siad a thabhairt dúinn. Ach tuigean muid anois é.

Agus tá dúshlán nua le sárú ag glúin óg an lae inniu. Tá níos mó ar siúl ag go leor acu – tá siad ag plé le hobair scoile, le spórt, le ceol – agus tá na meáin shóisialta lárnach ina saol ar bhealach a bhfuil sé deacair ag éinne atá os cionn deich mbliana fichead a thuiscint.

Sin é an fáth go bhfuil tábhacht níos mó ná riamh leis an dá uair a chloig trathnóna Dé hAoine nuair nach mbíonn brú orthu, nuair nach gcaithfidh siad aon rud ar leith a dhéanamh ach a bheith i dteannta a chéile, áit a bhfuil deiseanna siamsaíochta, spóirt, éisteacht le ceol nó – an rud is tábhachtaí uilig b'fhéidir – a bheith ag “messáil” le chéile. Agus ní féidir dearmad a dhéanamh ar na deiseanna eile – an seans casadh le clubanna óige eile agus aithne a chur ar dhaoine óga as áiteacha eile i gConamara nó níos faide ó bhaile.

Bíonn na daoine óga ar bís le dul chuig sraith sacair na

gclubanna óige, isteach ag scátáil faoi Nollaig i nGaillimh nó suas chuig “Eilemental” (fiú má bhí siad ite ag míoltóga beagal). Baintear sásamh i gcónaí chomh maith as an gcomórtas tallainne idirclubanna, agus ghlac dá dhream iontacha páirt i gcomórtas Xfachtóir na bliana seo– na cailíní as an tríú bliain a chuaigh chuig an gcaobh ceannais lena gcuid ceoil – agus an grúpa eisceachtúil a rinne “An Mine”, a thug leo Craobh na hEireann sa gcomórtas náisiúnta i mbliana i Múscraí agus a chuir ar stáitse é chomh maith anseo sa mbaile, le linn an chomórtha ar an tragóid. Rinne siad éacht.

Ar ndóigh, is ar scáth a chéile a mhaireann muid. Tá chuile thacaíocht á fháil ag an gclub óige ó Joanne & Barry in Óige na Gaeltachta agus iad i gcónaí ann le comhairle a chur orainn. Tá moladh ar leith tuilte ag Cumann Forbartha Chois Fharraige, a thuigean chomh tábhachtach agus atá sé go mbeadh daoine óga páirteach in imeachtaí móra pobail. Tá muid an-bhuíoch do Josie Chóilí Óg a rinne léiriú gairmiúil, snasta ar “An Mine” nuair a chuaigh é féin ag plé leis inár dteannta agus a réitigh thar barr leis an gcliar! Agus ar ndóigh, tá áit speisialta inar gcroí do Mhicheál Ó Foighil, agus an deis a thugann seisean do bhaill an Chlub Óige a bheith páirteach in imeachtaí Choláiste Lurgan chuile shamhraidh, deis, chomh fada agus is eol dúinn, nach mbíonn ar fáil ag an óige in aon cheantar Gaeltachta eile.

Ach siad an dream is mó atá le moladh as chomh maith agus atá an Club Óige, na daoine óga féin. Mar a dúirt mé, bhí muid drogallach tosú ag plé le déagóirí – tá drochcháil orthu! Bhí dul amú orainn agus dul amú mór. Ní fhéadfá a bheith in éineacht le dream gasúir níos deise, níos múinte, níos oscailte agus níos spráúla ná iad. Is pribhléid é aithne a chur orthu, agus is mór an chreidiúint iad. Go mba fada buan iad agus an Club Óige as a bhfuil muid chomh bródúil.



Cuid de Chlub Óige Lurgan

Sacar i gCois Fharraige faoi Bhláth

Leon Mac Lochlainn (Captaen fhoireann sacair Chois Fharraige 2017)

Bunaíodh Cumann Sacair Chois Fharraige sa bhliain 2004. Cuireadh foirne chun páirce faoi 14, faoi 16, faoi 18, chomh maith le foireann sóisir agus tugadh deis do chách ó cheantar Chois Fharraige sacar a imirt le foireann áitiúil, in áit dul ag imirt i nGaillimh nó le Cumann Sacair Mhac Dara ar an gCeathrú Rua.

Níor thóg sé i bhfad a fheiceáil go raibh neart tallainne sacair timpeall na háite. Aimsíodh bainisteoirí den chéad scoth do na foirne faoi aois chun tús breá a chur le C.S.C.F: Martin Taggart, Ryan Finnegan, Gearóid Ó Curraoin, Aodán Ó Maoileoin, Alec Ó Coisdealbha agus Michael Ó Longáin. Sula i bhfad, bhí foirne faoi aois ag bhuachaint sraitheanna agus comórtais éagsúla. D'éirigh leis an bhfoireann faoi 16 sraith a bhuachaint in 2005 le Martin Taggart i gceannas. Arís in 2006 rinne Gearóid Ó Curraoin agus Aodhán Ó Maoileoin foireann fíorláidir faoi 15 a stiúradh agus d'éirigh leo an tsraith agus an cluiche ceannais don chorn a bhuachaint i Terryland. Thóg sé bliain nó dó eile sula raibh foirne Chois Fharraige ar bharr arís nuair a sheol Alec Ó Coisdealbha agus Michael Ó Longáin foireann faoi 15 chuig barr na sraithe. Bhí an tríú duais mhór bronnata ar sháirimreoirí sacair ó cheantar Chois Fharraige.

Le linn na trí bliana déag ó bunaíodh an Club, ní raibh rudaí chomh héasca ag an bhfoireann sóisir. Thóg sé tamall dul i gcleachta ar an gcluiche agus conas foireann sacair a stiúrú i gceart. É sin ráite, d'éirigh leis an gclub foireann a chur amach bliain ina aghaidh bliana agus tá an Club fíorbhuíoch do daoine ar nós Gearóid Ó Curraoin, Aodhán Ó Maoileoin, Páraic

Neachtain, Dave Beaglaioich agus go leor eile a d'oibrigh chun C.S.C.F a tabhairt chun cinn ón gcéad lá. Sna blianta sin, d'éirigh leis an bhfoireann sóisir an dara háit a shroichint faoi dhó, dhá bhliain i ndiadh a cheile. Faoi stiúir Páraic Neachtain, Shane Tiernan agus Dave Gormley, d'éirigh le Cois Fharraige ardú céime a fháil ón gCeathrú Sraith go dtí an Dara Sraith i nGaillimh ach theip orainn corn d'aon sórt a bhuachaint.

Ach ar an 28ú de mhí Bealtaine 2017 bhí rudaí le n-athrú. Théis 9 gcluiche gan cailliúint, bhí Cumann Sacair Chois Fharraige i gCluiche Ceannais Chonnachta, in aghaidh *East United*, foireann as an gcéad sraithe ó Ghaillimh, i bPáirc Eamonn Deacy. Roimh an gcluiche, níor tugadh mórán seans do Chois Fharraige an cluiche ceannais a bhuachaint. Ach mhúin muid ceacht maith dóibh siúd nár thug aitheantas dúinn roimh ré, mar tar éis 25 nóiméad bhí muid trí chúl chun cinn, péire faighte ag Chris Ó Biadha agus cúl breá eile aimsithe ag Donal Kelly roimh an mbriseadh. Bhí *East United* buailte cheana féin. D'éirigh le Michael Ó Conaire an ceathrú cúl a aimsiú sa dara leath sula bhfuair *East United* cúl roimh dheireadh an chluiche. Chríochnaigh sé 4-1 agus Cois Fharraige ainmnithe mar sheaimpíní Chonnachta. Tar éis 14 bliain ar an bhfód gan corn, bhí imreoirí sacair Chois Fharraige ag fáil aitheantais ó chuile duine faoi dheireadh. Tá súil ag lucht bainistíochta na foirne - Niall Mac Diarmada, Aodhán Ó Mhaoileoin agus John Dunworth - gur féidir leanacht ar aghaidh i mbliana leis an dea-obair agus sraith a bhuachaint leis an gcluiche sacair i gceantar Chois Fharraige a tabhairt chuig an gcéad réimse eile.



Foireann Sacair Chois Fharraige, an bhainistíocht agus na traenálaith, a bhuaigh Sciath Chonnachta in 2017

Ar chúil, ó chlé: Ann Marie Brennan (Ionadaí na nUrraithe), Niall Mac Diarmada, Aodán Ó Maoileoin, Declan Ó Cualáin, Tomás Ó Conghaile, Cuán Mac Dubhghaill, Eoin Ó Céidigh, Eoin Ó Coistealbha, Cathal Ó Conghaile, Dara Mac Dubhghaill, Luke Ó Riada, Seán Ó Donnacha, John Dunworth.

Chun tosaigh, ó chlé: Chris Ó Biadha, Ciarán Seoighe, Michael Ó Conaire, Leon Mac Lochlainn (Capt.), Dónal Ó Ceallaigh, Máirtín Ó Curraoin, Cóil Ó Coistealbha, Liam Mac Donnacha, Gearóid Ó Curraoin. [Pic. Donncha Ó hÉallaithe]

Cumann Liathróid Láimhe MB

Mairéad Ní Thuathail

Tá fás thar cuimse tagtha ar an líon imreoirí liathróid láimhe sa gceantar le blianta beaga anuas. Cumann fíorghníomhach muid agus muid ag glacadh páirte i gcomórtais ar fud na tíre agus go deimhin, ar fud an domhain. Pinniúr 40 x 20 d'ard chaighdeán, le balla cúil gloine agus áit féachana den scoth atá againn anseo ar an gCnoc. Thógamar cúirt Aon Bhalla seachtrach in 2016 ar a chúil agus tá an t-ádh linn go bhfuil úsáid halla Scoil Sailearna ag an gcumann – a mbuíochas sin le Fearghas Mac Lochlainn. Bíonn grúpa mná ón gcumann ag imirt gach Luan & Máirt i Scoil Sailearna agus baineann siad an-tairbhe as.

Tá trí chód liathróid láimhe againn – an 40 x 20, an 60 x 30 agus Aon Bhalla. Ní liosta doshéanta í seo ach tá blas ann de mhóréachtaí na bliana:

40 x 20

Bíonn Comórtas Craoibhe, Comórtas Cumann na mBunscol, Comórtas na gColáistí dara agus tríú leibhéal, Comórtas Ghaeil Linn, Comórtas foirne Contae, Sraithchomórtas Contae agus ar ndóigh Comórtas Fhéile na nGael. Chuile bhliain bíonn líon ard imreoirí nua 'A' againn sa gcumann agus sin toradh ar an iarracht mhór a dhéanann na gasúir iad féin a fheabhsú.

I mbliana bhí trí fhoireann páirteach againn i gComórtas Náisiúnta Fhéile na nGael agus le dhá bhliain as a chéile tá an chéad áit buaite againn i Roinn a 2 na gCailíní. Shroich

foireann na mbuachaillí na babhtaí leathcheannais i mbliana. Bhuaigh Aifric Ní Ghibne agus Sadhbh Ní Fhlaithearta boinn airgid sa gCraobh Náisiúnta sa Roinn Cailíní Dúbailte faoi 14.

Bhí triúr ón gcumann ar fhoireann sheisir na Gaillimhe, buachaillí faoi 12/13, Dara agus Cathal Ó Laoire agus Feidhlim Ó Diollúin agus bhí Éamonn Ó Laoire ar fhoireann cheathrar na Gaillimhe, buachaillí faoi 14/15. Bhí ceathrar ón gcumann ar fhoireann dheichniúr cailíní Chúige Chonnacht – Aifric Ní Ghibne, Éadaoin Nic Dhonncha, Sadhbh Ní Fhlaithearta agus Skylyn Ní Mháille Breathnach.

D'éirigh le ceathrar dár mbaill áit a bhaint amach ar fhoireann Chonnachta Cumann na mBunscol i mbliana freisin agus d'imríodar le bród agus iad ag déanamh ionadaíochta dá gcuid scoileanna i bpinniúr Dhún an Rí, Co. an Chabháin. Is é Fearghas Mac Lochlainn, príomhoide Scoil Sailearna atá i bhfeighil an chomórtais i gCúige Chonnacht. I nDún an Rí, Co. an Chabháin, bhuaigh foireann bhuachaillí mionúir Choláiste Cholm Cille Craobh na hÉireann i gComórtas na gColáistí dara leibhéal, Oisín Ó Cualáin agus Cian Ó Conghaile, Cor na Rón - an-éacht go deo!

Tá beirt bhan-imreoirí sinsir sa gcumann, Ciana Ní Churraoin agus Sinéad Ní Ainlí. Cúis bróid don chumainn go bhfuil beirt théis an leibhéal seo a bhaint amach sa spóirt. Bhuaigh Ciana comórtas 'Mná Sinsir' na gcoláistí 2017 agus í ag déanamh ionadaíochta do Ollscoil Luimnigh.

Ar deireadh, bhíomar thar a bheith bródúil gur roghnaíodh an pinniúr se'againne mar ionad do Chomórtas Náisiúnta 40x20 don Aos óg dhá bhliain i ndiaidh a chéile. Is léir go bhfuil áis d'ardchaighdeán againn anseo in Indreabhán.

60 x 30

Maidir leis an gcód 60 x 30, fiú nach bhfuil pinniúr dár gcuid féin againn, tá pinniúr nuathógtha Mhaigh Cuilinn buailte orainn agus bainimid úsáid as a gcuid áiseanna siúd le dul i mbun traenála sa chód seo. Le gairid tháinig Craobh Connachta cailíní faoi 13 chuig an gcumann nuair a bhuaigh Skylyn Ní Mháille Breathnach i gcoinne ionadaí Ros Comáin. I mbabhta leathcheannais na hÉireann, beidh Cian Ó Conghaile, in éineacht lena pháirtí, Diarmuid Mulkerrins, ag déanamh ionadaíochta do Chúige Chonnacht sa Roinn Buachaillí Mionúir, chomh maith le Sadhbh Ní Fhlaithearta faoi 14 singil. Freisin, go gairid, beidh Comórtas na gColáistí dara agus tríú leibhéal á réachtáil agus mar is iondúil beidh ár mbaill páirteach ann.

Aon Bhalla

Seo an cód a bhfuil fás ollmhór tagtha air. Cód fíorshóisialta í seo mar go minic, is comórtas thar dheireadh seachtaine a bhíonn i gceist. Bíonn comórtais ar fud na tíre agus thar lear agus bíonn ionadaíocht láidir ón gcumann se'againne le feiceáil i gcónaí.



*Buaiteoirí Craobh Chonnacht, Sóisear C 2017:
Ó chl: Colm Óg Ó Cualáin agus Gearóid Willie Ó Fátharta*

Is é an comórtas Aon Bhalla Náisiúnta comórtas mór na bliana agus i mbliana bhí 34 imreoir ón gcumann san iomaíocht – ceann de na cumainn is gníomhaí sa tír ag an ócáid mhór seo. Bhí brat geansaithe bána agus gorma an chumainn le feiceáil go soiléir agus ár mbaill in iomaíocht ar na cúig chúirt in Óstán Breaffy House, Caisleán an Bharraigh. Bhuaigh triúr dár mbaill Craobh Náisiúnta i mbliana. Bíonn comórtas dá gcuid féin againn sa gcód seo, sin é ‘Comórtas Noel Dan’ – in onóir Noel Dan Ó Droighneáin as Both Chuanna. Tagann bean Noel, Imelda, agus a gclann aniar ag breathnú ar na cluichí agus thar a cheann bronnann siad duaiseanna ar na buaiteoirí. Ócáid álainn í seo do bhaill an Chumainn amháin.

Ócáid eile a dtagaimid uilig le chéile ná aimsir na gcampaí samhraidh. Braithimid ar chúnamh airgeadais ó ‘Mhuintearas’ agus ionchur tairbheach ár mbaill a chabhraíonn linn na campaí seo a réachtáil.

Comórtas Domhanda 2018

Bíonn an Comórtas Domhanda ann gach trí bliana agus go hiondúil glacann riar mhaith ón gCumann páirt ann. Tá os cionn scór ón gCumann, idir óg agus aosta, ag réiteach chun páirt a ghlacadh sa gComórtas Domhanda i Minnestota Mheiriceá i mí Lúnasa, 2018. Comórtas é seo a mhaireann ar feadh deich lá agus bíonn comórtais sna cód 40 x 20 & Aon Bhalla, singil agus dúbailte ann.

Mar fhocal scoir, is léir go bhfuil an Cumann ag dul ó neart go neart. Mar aon le haon chumann rathúil, braithimid go mór ar chúnamh agus ar chabhair uatha siúd a dhéanann obair dheonach sa gCumann idir an coiste agus ár dtraenálaíthe díograiseacha. Tuigimid uilig gur cleachtadh a dhéanann máistreacht agus ní fios cén t-achar a chaitear ag forbairt na bpáistí óga ionas gur féidir leo barr a gcumas a bhaint amach. Tá clú agus cáil ar an gCumann go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus tá súil againn go leanfaidh an traidisiún láidir atá cothaithe sa gceantair sna blianta atá amach romhainn.



Buaiteoirí Chraobh Chonnachta B, 2017

Ar chúil, ó chlé: Éamonn Ó Laoire, Cathal Mac Donnacha.
Chun tosaigh, ó chlé: Ruairí Ó Curraoin, Feidhlim Ó Diollúin,
Cliona Ní Chonghaile
agus Yann Ó Máille Breathnach - iad uilig anois mar imreoirí 'A'.



Foireann bhuacach Fhéile na nGael, Roinn a 2, 2017
ar chúil ó chlé Méabh Ní Chualáin, Clodagh Ní Dhioráin,
Joe Masterson, Uachtarán CLG Liathróid láimhe, Skylyn Ní
Mháille Breathnach, captaen, agus Éadaoin Nic Dhonncha.
Chun tosaigh, ó chlé, Foireann Roinn a 1 an chumainn

Aifric Ní Ghibne, Orlaith Ní Churraoin,
Sadhbh Ní Fhlaithearta agus Bróna Ní Cheallacháin



Campa a 1: Na páistí a d'fhreastail ar Champa a hAon i mbliana in éineacht lena dtraenálaíthe
Jimí Joe Sheamuis Ó Fátharta, Cian Ó Conghaile, Eimhin Ó Diollúin, Éamonn Ó Laoire,
Patricia Uí Fhlaithearta agus Gerry 'Springer' Ó Fátharta.

Cuid d'Fhoirne an Chumann



Foireann Sóisir Peile Chumann Micheál Breathnach 2017

Ar chúl ó chlé: Ciarán Ó Cadhain, Kevin Ó Coistealbha, Cuán Mac Dubhghaill, Steve Ó Coistealbha, Kevin Mhaidhc Ó Conghaile, Pádraig Ó Féinneadh, Daragh Ó Fátharta, Eoghain Ó Cualáin, Dónal Mac Giolla Bhuí, Ciarán Ó Féinneadh, Micheál Breathnach.

Chun tosaigh ó chlé: Cóil Ó Fátharta, Máirtín Ó Cualáin, Máirtín Ó Neachtain, Dara Mac Dubhghaill, Maidhc Antaine Ó Conghaile, Cóil Ó Coistealbha, Dara Mac Gearailt, Liam Mac Donnacha, Colm Tomás Ó Cualáin, Seán Ó Grádaigh, Dinny Ó hÉallaithe.



Foireann mionúr ó Chumann Camógaíochta Chois Fharraige a chuaigh chomh fada le cluiche ceannais an chontae 2017

Ar chúl ó chlé: Melia Ní Choistealbha, Aodán Mac Cormaic (Bainistíocht), Liadan Canny, Bldáthín Ní Chonghaile, Adhna Nic Dhonnacha, Rosie Nic Dhubhghaill, Becky Ní Éallaithe, Chloe Bhreathnach, Síofra Ní Mhárta, Aoife Nic Chormaic, Tiffany Ní Choistealbha, Fódhla Ní Bhraonáin, Éabha Ní Chonláin, Gerry Ó Fátharta (Traeneálai) agus Tomás Ó Neachtain (Bainistíocht).

Chun tosaigh ó chlé: Aoibh Nic Dhubhghaill, Róisín Ní Dhiomsaigh, Róisín Ní Chaoimh, Siobhán Ní Neachtain, Blanca Ní Dhonnabháin, Máire Ní Fhrighil, Aoife Nic Dhonncha, Áine Ní Laoi, Aisling Ní Chonghaile, Fionnuala Ní Grunnell.



***Foireann Mhionúir Peile Ban Chumann Micheál Breathnach
a chuaigh chomh fada le Cluiche Leathcheannais Mionúir C an Chontae in 2017***

Ar chúl ó chlé: Zoe Giles, Kianna Ní Mhárta, Adhma Nic Dhonnacha, Ailbhe Breathnach, Máire Ní Fhinneadhá, Becky Ní Éallaithe, Majella Nic Dhonnacha, Aifric Ní Ghibne, Síofra Ní Mhárta, Aobh Ní Dhughbhaill, Kasey Ní Mhárta.

Chun tosaigh ó chlé: Ciara Ní Eochagáin, Clíodhna Ní Mhárta, Aoife Nic Dhonnacha, Casey Ní Chreachtmhaoil, Éabha Nic Dhonnacha, Fódhla Ní Bhraonáin, Dearbhla Ní Mhárta, Fiona Nic Dhonnacha, Eleanór Ní Fhéinneadhá, Emma Ní Chonghaile.



Foireann Iománaíochta Faoi 13 Chumann Micheál Breathnach, a bhuaigh Sciath an Chontae in 2017

Chun tosaigh ó chlé: Tomás Ó Neachtain (Bainisteoir Cúnta), Glaisne Mac Réamoinn, Ciarán Ó Diomsaigh, Fionán Ó Coisdealbha, Cathal Mac Donnacha, Daniel Mac Dabhac, Ferdia Ó Braonáin, Éamonn Ó Ceallacháin, Oscar Mac Réamoinn, Séaghan Ó Braonáin, Gearóid Mac Donnacha, David Ó Tuathail, Ailill de Cléir, Colm Ó Coisdealbha (Bainisteoir), Mairtín Ó Ceallacháin. (Bainisteoir Cúnta)

Ar chúl ó chlé: Lughán Mac an Iomaire, Iarla Canny, Lúic Mac Aodha, Rian Ó Fátharta, Eoin Ó Neachtain, Ruadhán Ó Cualáin, Óisín Ó Coisdealbha, Gearóid de Búrca, Cormac Ó Tuairisc, Aodhán Ó Coisdealbha, Marcus Ó Conghaile.



Foireann Iomána Chumann Micheál Breathnach a chas ar Shaighleán i gCluiche Ceannais an Chontae (Sóisear 1), don tríú bliain as a chéile. Imríodh an cluiche ar an 8 Deireadh Fómhair 2017 i Staid an Phiarsaigh. Bhí an bua ag Saighleán i mbliana.

Ina seasamb ar chúil, ó chlé: Macdara Ó Béarna, Máirtín Ó Neachtain, Cian Mac Giolla Bhride, Rónán Ó Beoláin, Kevin Óg Ó Conghaile, Breandán Ó Conghaile, Jack Mac Giolla Bhride, Adrian Ó Tuathail, Gearóid Ó Conghaile, Éinne Ó Conghaile, Cian Griallais.

Ina suí chun tosaigh, ó chlé: Dinny Ó hÉallaithe, Joe Ó Conghaile, Liam Mac Donnacha, Ruadháin Ó Béarna, Maidhc Ó Conghaile, Fiach Ó Béarna, Fionntán Ó Tuathail, Cárthach Breathnach, Séamus Jimí Ó Fátharta, Cian Ó Conghaile.

In easnamh ón bpictiúr: Oisín Ó Ceallaigh. [Pic. Joe Keane]



Cuid de Cheoltóirí Óga Chois Fharraige a thagann le chéile gach Domhnach idir 12.00 agus 1.00i.n sa Chránn Taca, Indreabhán, le haghaidh seisiún ceoil.

Ó chlé: Damhnait Ní Fhátarta, Riona Howlin, Sadhbh Laila Riggott, Shíofra Ní Scanláin, Éabha Ní Chonghaile, Neasa Nic Dhonncha, Caitríona Ní Mhathúina, Amanda Ní Bhrádaigh, Éanna Ó hÉanaigh, Cormac Ó Tuairisc, Lughán Mac Con Iomaire, Séaghan Ó Braonáin, Éamonn Ó Ceallacháin, Iarfhlaithe Canmy, Labhaoise Ní Bhéarna.

Blianta Tosaigh Chumann Micheál Breathnach

Bhí an t-alt *Cumann Peile Mhichíl Bhreathnaigh* sa Cló Gaelach, mar a bhí an t-ábhar ar fad i mBISEACH 1967 agus ba é ‘M.J.Sh.’ a scríobh é. Níl aon athrú curtha ar a alt ach go bhfuil an Cló Rómhánach curtha air agus go bhfuil corr-cheartúchán cló déanta.

Athbhreith

Bliain go ham seo, timpeall's, a thosaigh cúpla duine den aos óg a' cuimhneamh go mbeadh cumann peile réasúnta maith i bParóiste an Chnoic. Le cúpla bliain anuas bhíodh seans ag roinnt de na peileadóirí óga – an chuid is fearr sa gceantar – cleachtadh agus imirt le foirne eile. Ach bhíodh tuilleadh – agus b'iad formhór na leids óga iad – agus ní bhfuair siad an deis sin riamh. Is cosúil go raibh an díomhaointeas a' cur as dóibh seo agus go raibh an bhásta mór seo a' gabháil go smior san gcuid a raibh cleachtadh acu bheith ag imirt in áiteannaí eile le foirne strainséartha. Ní hiontas gur chuir an dá dhream le chéile agus bhí cumann peile Mhichíl Bhreathnaigh athbhunaithe i dtús mí Dheireadh Fómhair seo caite. [1966]

I dtosach ní raibh i ndán dó ach an rud a tharla de chuid mhaith cumann eile a bunaíodh sa gceantar - tóin le talamh. Má b'fhíor do na saineolaithe is gearr go gcaillfeadh lucht an chumainn fhéin suim sa 'job' go dtí faoi dheireadh go bhfaighidís cnáimh le crinne agus foireann a chur amach. Cé mhéid den tairngireacht a fíoradh go dtí seo? Ní priocadh an-mhór a bhí a' teastáil ón gcumann le rath a chur air. Bua beag amháin? Ag deireadh mhí Eanáir bhí foireann iomlán de chuid Mhichíl Bhreathnaigh óig ar pháirc na Ceathrún Ruaidhe den chéad uair riamh. Ní raibh ann ach cluiche dúshláin in aghaidh Leitir Móir – cluiche sár-spóirtíúil a raibh scoth na peileadóireachta ann – agus le barr smaís a chur air, chríochnaigh an dá fhoireann ar chomhscór. Ní raibh aon ghá le níos mó gríosadh; bhí tuiscint idir na peileadóirí uileag anois – tuiscint a thagann i gcónaí i ndiaidh gníomh a chruthaíonn an cumas a bhíonn i lucht a dhéanta. Sea, b'ionann agus bua mór dhúinn a fheabhas is a d'imríomar an lá sin cé nár ghnóthaigh nó nár chaill muid báire.

Bhí na sraith-chluichí le teacht aníos go gairid ach tá mé a' cheapadh go raibh an drochaimsir is chaon tsórt mar chúis gur cuireadh siar iad go mí Márta. S'iad Maigh Cuilinn, Naomh Micheál, Ath. Ó Gríofa agus Pádraic Piarasigh B. a bhí in aon roinn linne. Siad Naomh Micheál an chéad fhoireann a chas orainn – ar a' gcéad Domhnach de Mhárta. Lá chomh feannta, garbh leis níor tháinig ar Pháirc Theas, b'shin í féin an tsúil in aisce. Ní le trua d'aon duine a deirim a' méid sin – buaileadh Micheál Breathnach caoch ceart go leor. An sean-chleachtadh níos mó ná dea-pheileadóireacht a chomhair do Naomh Micheál mar ar ndóigh ba dheacair aon pheil a bhualadh agus b'iad ab fhearr a' bith is fanacht uair a chloig amuigh faoin mbáisteach a bhí a' teacht anuas ina buicéid. Níorbh údar rómhór náire do na Breathnaigh mar sin a bheith ceithre chúl ar gcúl ag deireadh an chluiche.

An Domhnach ina dhiaidh sin bhí na Breathnaigh ar ais aríst ar an gCeathrú Rua agus aríst bhí an lá leob. Níorbh fhoireann rómhaith iad muintir Mheáraí – Pádraic Piarasigh B – agus go deimhin thug na Breathnaigh fúthu daite é: 6 –

10 in aghaidh tada. Sciort mí eile thart agus fán'n deireadh tháinig a' lá a raibh muid ar fad ag fanacht leis – cluiche in aghaidh Mhaigh Cuilinn. Ar a' gCeathrú Rua a bhí an cluiche seo freisin agus mar ba dual dóibh lean na Breathnaigh den traidisiún gur choinníomar Maigh Cuilinn cothrom. Togha cluiche a bhí ann ach b'fhearr na Breathnaigh sa dara leath in aghaidh na gaoithe agus ar feadh tamaill bhí chuile dhuine a cheapadh nach bhfágfaidís spré ag Maigh Cuilinn. Ach tháinig siad siúd ar ais agus ar na noiméadaí deiridh fuairadar an cúilín deiridh - an cúilín a d'fhág an dá fhoireann ar chomhscór.

An tseachtain ina dhiaidh sin, níor tháinig foireann an Athar Uí Ghríofa amach agus fuair muid 'walk over'. De na cúig fhoireann, tháinig na Breathnaigh ar a' tríú foireann ach ní raibh sin sáthach láidir le gabháil isteach sna cluichí leathcheannais.

Céard faoi chluichí na craoibhe? Cuireadh tús leis na cluichí sóisearacha ar an aonú lá fichead de Bhealtaine. In aghaidh Phádraic Piarasigh A a bhí Micheál Breathnach sa bPáirc Theas ach bhuail muintir Óráin Mhóir (Pádraic Piarasigh A) na Breathnaigh le sé chúilín. D'fhág sin muid san 'loser's group' agus cé chasfaí orainn sa gcéad chluiche eile ach ár gcomharsanaí béal dorais – An Spidéal. Ar a' gcéad Domhnach de mhí Meithimh tháinig an dá fhoireann le chéile i gCarna agus i ndiaidh cluiche crua sciopthaí bhí an bua ag na Breathnaigh: 1- 7 in aghaidh 0 – 5. Bhí An Spidéal ar cheithre feara déag go dlúth théis don chluiche tosnú. Seans go ndearna sé difríocht ach ní mórán é, sílim. Bhí Micheál Breathnach ar an ionsaí ón tús go dtí deireadh an chéad leatha ar fad beagnach. Sa dara leath 'spáin na Breathnaigh an tuiscint íontach idir na himreoirí – go háithrid idir na tosaithe. Mar fhocal scoir faoin gcluiche seo: tá sé cruthaithe ag an dá fhoireann seo as Cois Fharraige gur féidir le 'chaon fhoireann díobh gnaithí a dhéanamh as a gconlán fhéin agus sílim gur féidir leo feiceáil anois go mbeadh cur amú mór ann dá dtagadh asamhladh rómhór idir an dá fhoireann. Amach anseo, nuair a bheas chaon dream acu tofa d'fhéadfaidís bheith a' cuimhneamh ar ghrád sinsir agus b'fhéidir go n-éireodh le cur le chéile níos fearr an uair sin.

Siad foireann sóisir Mhichíl Bhreathnaigh is mó a bhí faoi chaibidil agam go dtí seo ach tá foireann de leids níos óige freisin acab. Foireann réasúnta maith ach nach bhfuair siad an aire ná b'fhéidir an seans céanna leis na sóisir. Bhuail Leitir Móir iad sa gcéad bhabhta de chluichí na craoibhe. D'éirigh níos fearr leo sna sraith-chluichí nuair a ghnóthaigh siad cluiche amháin – in aghaidh Bhaile an Chláir. Go deimhin is maith a d'fhéadfadh ceann nó dhó eile bheith gnóthaithe acub ach níl aon áit do leithscéil i mBord na Gaillimhe Thiar de CLG ná anseo ach oiread, sílim. Ní dhéarfadh mé ach an méid seo anois faoi na mionúir óga seo: tá seans eile ag a mbunáite agus is cinnte go mbeidh lá eile ag an bPaorach.

Cuid de Phóstaí 2017

Seo roinnt pictiúr a tháinig isteach chugainn de dhaoine an cheantair a phós i rith na bliana. Go raibh saol fada sona acu ar fad.

Ag bun an leathanaigh seo tá Róisín Ní Ráighne as Coill Rua Thiar agus Colm Ó Riain, Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath a phós i Nerja na Spáinne i mí Iúil na bliana seo. Ina gcomhlúadar sa bpictiúr tá (ó chlé) Áine Ní Éalaí, Gemma O'Connor, Orla Ní Ghabhnáin Oisín Chambers, Colm Ó Muirgheasa agus Stiofán Mac Conmhara.


Ar an leathanach thall, ar chlé ag barr, tá Eoin O Súilleabháin agus Caoilfhionn Ní Fhatharta a phós ar an 15ú lá do mhí na Nollag seo caite.

Ar bharr an leathanaigh thall, ar dheis tá Maureen Devaney agus Micheál Ó Braonáin as an mBaile Nua, Cor na Rón a phós ar an 16 Meán Fómhair i mbliana.

Ansin ag bun an leathanaigh, ar chlé tá Cara Nic Dhiarmada as an Lochán Beag, Indreabhán agus Gearóid Ó Curraoin as an gCathair, Coill Rua a phós i mí Iúil 2017.

Agus ag bun an leathanaigh céanna, ar dheis tá Cliona Standún, Tigh Standún, An Spidéal agus David Hanly, Baile an Gharraí, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann a phós ar an 24 Meitheamh 2017.





Scoileanna sa gCeantar



Rang Ardteiste 2017 Coláiste Chroí Mhuire

Ar chúl: ó chlé: Ailbhe Ní Chualáin, Sarah Ní Cheallacháin, Caoimhe Ní Churraoin, Áine Ní Dhonncha, Mary Ní Fhéinne, Cailtín Ní Thuathail, Maighréad Ní Fhatharta, Romy Ní Chuinneagáin, Laoise Breathnach. **Líne 3:** Oisín Ó Neachtáin, Evan Breathnach, Stiofán Kavanagh, Paddy Ó Curraoin, Iain Ó Nuadain, Shane Taffee,

Ceillán Ó Lionndáin,

Conall Ó Caoimh, Cathal Mac an Iomaire, Jason Ó Ceallaigh, Shane Mac Fhlannchadha. **Líne 2:** Gráinne Ní Fhatharta, Emer Nic Dhonnacha, Sadhbhb Ní Chonghaile, Athena Jordan, Róisín Ní Cheallacháin, Camille Casburn Trahan, Marie Ní Fhlannchadha, Saoirse Ní Fhatharta, Brigid Marie Ní Earghail, Laura Ní hEimbrín. **Líne tosaigh:** James McDonagh Heffernan, Eoin Seoighe, Marcas Ó Céidigh, Chloe Ní Chadhain, Grace Ní Bhriáin, Daniel Ó Féinne, Charlie Mac Carthaigh, Ruairc Ó Murchú.



Scoil na Tulaí, Rang a 6 (2016/17)

***Ar chúl ó chlé:** Oscar Scott, Feidhlim Ó Conghaile, Daniel Mac Dhabhoc, Rian Ó Fátharta, Seán Ó Gaoithín, Caomhlú Ó Fathaigh.*

***An line lár ó chlé:** Padraig Ó Maolalla, Eoin Ó Neachtain, Ciarán Mac Fhlannchadha, Ailbhe Ní Mhaoileoin (múinteoir),
Oisín Mac an Ultaigh, Lúghán Mac Con Iomaire, Iarla Ó Súilleabháin.*

***Chun tosaigh ó chlé:** Gráinne Nic Eochagáin, Francesca Nic an Rí, Megan Hamel, Katie Ní Ghríofa Nic Tháibhís,
Síofra Ní Scanláin, Clíona Ní Mhárta*



Rang a 6 (2016/17), Scoil Sailearna, ar Lá an Chóineartaithe i Séipéal an Chnoic

***Ar chúl ó chlé:** Kian Ó Máille, Fearghas Mac Lochlainn (PO), Amy Ní Chonaire, Clíona Ní Mhárta, Marcus Ó Tuathail Robinson, Éanna Ó hÉanaigh, Cathal Ó Laoire, Iarfhlaith Canny, Ryan Ó Gionnáin, Amanda Ní Bhrádaigh, Chloe Ní Chonaire, Gránia Ní Fhéinneadh.*

***Sa lár, ó chlé:** An tAthair Liam ó Raghallaigh (Sagart Paróiste), Éamonn Ó Ceallacháin, Doireann Ní Fhoighil, Ríona Howlin,
Owen Ó Duibheannaigh, David Ó Tuathail, Méabh Ní Chualáin, Katie Bhreathnach, Luisne Ní Neachtain (múinteoir).*

***Chun tosaigh ó chlé:** David Ó Céidigh, Dara Ó Laoire, Emily Ní Chonghaile, Cormac Ó Tuairisg, An tArdeaspag Mícheál Ó Néaraigh, Darragh Ó Conchúir, Keith Ó Flaithearta, Fionn Ó Ceallaigh, an tAthair Stiofán Ó Donnchadha, Mia Ní Dhochartaigh.*



Rang Ardeiste 2017 Coláiste Cholmcille, Indreabhbán

Ar chúl ó chlé: Ryan Ó Máille, Liam Ó Laoire, Eoin Ó Cualáin, Breandán Mac Donnacha, Seosamb Ó Conaire, Cian Ó hIarnáin, Colm Ó Cúláin, Cian Ó Conghaile, Rónán Ó Curraoin, Colm Ó Curraoin, Liam Mac Donncha.

Sa lár ó chlé: Tristan Ó Gallachóir, Colm Ó Finneadhá, Seosamb Ó Conghaile, Macdara Ó Duibhir, Eoin Ó Céidigh, Siófán Ó Conaire, Tiffany Ní Choisdealbha, Sheena Herbert, Sínead Ní Thuathail.

Chun tosaigh ó chlé: Maela Ní Choisdealbha, Eimear Ní Bhiadha, Caroline Ní Chonaire, Fáinche Ní Fhoighil, Anna Ní Chéidigh, Laura Ní Fhlatharta, Chloé Ní Chonghaile, Tadhg Óg Mac Donnagáin, Áine Bhreathnach, Shamon Seoighe, Hannah Bhreathnach-MacAvoy.